Bus Éireann | Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais 2018

Bus Éireann

# Bus Éireann
# Tuarascáil Bhliantúil
## agus Ráitis Airgeadais 2018







making better connections

# Clár na nÁbhar


Buaicphointí Airgeadais agus Oibriúcháin 1
Buaicphointí agus Príomhtheachtaireachtaí na Cuideachta 6
Ráiteas ón gCathaoirleach 8
Ráiteas ón bPríomhfheidhmeannach 12
Athbhreithniú ar Oibríochtaí 16
Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile 47
Tuarascáil na Stiúrthóirí 50
Ráiteas um Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí 60
Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha 61
Cuntas Brabúis agus Caillteanais 64
Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach 65
Clár Comhardaithe 66
Ráiteas um Athruithe ar an gCaipiteal Gnáthscaireanna 67
Ráiteas um Shreabhadh Airgid 68
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais 69




# Buaicphointí Airgeadais agus Oibriúcháin

**Ioncam oibriúcháin***

**2018 €337.6m**
2017 €309.3m

**Meánlíon na bhfostaithe**

**2018 2,562**
2017 2,530

**TRÚCDA roimh chostais eisceachtúla**

**2018 €9.7m**
2017 €2.9m

**Líon na nAistear a rinne Custaiméirí**

**2018 83.6m**
2017 78.6m

**Easnamh i leith na bliana**

**2018 €6.4m**
2017 €23.7m

**Conraitheoirí**

**2018 €165.1m**
2017 €147.6m

**An párolla agus costais ghaolmhara**

**2018 €129.1m**
2017 €125.6m

**Ranníocaíocht don Státchiste**

**2018 €58.1m**
2017 €54.7m

**Páistí a iompraíodh in aghaidh an lae ar sheirbhísí scoile in 2018**

**2018 c.117,800**
2017 c.115,000

**Scoileanna ar freastalaíodh orthu in 2018**

**2018 c.3,000**
2017 c.3,000

* *Tá an t-ioncam oibriúcháin i leith 2017 bunaithe ar ghanntanas 21 lá oibríochtaí mar gheall ar ghníomhaíocht thionsclaíoch*

*Buaicphointí Airgeadais agus Oibriúcháin (ar lean)*

# COTHÚ LUACHA

## ÁR gCUID SÓCMHAINNÍ

**CUSTAIMÉIRÍ**
Paisinéirí a iompraítear ar fud na hÉireann gach lá

**FOSTAITHE**
Níos mó ná 2,500 fostaí

**TIONSCNAIMH FORBARTHA**
Athrú ó bhonn a bhuí leis an teicneolaíocht

Busanna atá ag éirí níos éifeachtúla ó thaobh breosla agus ó thaobh astaíochtaí de

**FLÍT AGUS IOSTAÍ**
Flít nua-aimseartha busanna do Phaisinéirí Bóthair

Iostaí ar fud na tíre

**BREOSLA**
Breosla á fháil agus á iompórtáil ag Grúpa CIÉ ar phraghsanna iomaíocha

**ACMHAINNÍ AIRGEADAIS**
Neart ar an gclár comhardaithe in 2018
Cistiú ón Údarás Náisiúnta Iompair
Cistiú ón Roinn Oideachais agus Scileanna

## SAMHAIL AGUS OIBRÍOCHTAÍ

**FÍS**
A bheith ar an gcuideachta iompair is inbhuanaithe, agus is dírithe ar na custaiméirí a bheith i gcroílár an ghnó

**COINCHEAP GNÓ**
An taisteal ó lá go lá a fhágáil níos simplí

**SAMHAIL GHNÓ**
Is é Bus Éireann an chuideachta bus is mó sa tír lasmuigh de Bhaile Átha Cliath

Dírithe ar sheirbhísí a sholáthar faoi fhóirdheontas OSP

Seirbhísí Expressway agus Seirbhísí Tráchtála

Seirbhísí Bus Scoile

**OIBRÍOCHTAÍ**
Féachaimid chuige gach bliain, i gcás thart ar 83.6 milliún paisinéir a bhíonn ag taisteal ar ár mbusanna, go dtagann siad chomh fada lena gceann scríbe.

Cuirtear ár n-aistir in oiriúint do riachtanais áitiúla agus riachtanais réigiúnacha ar bhonn théarmaí conartha ár bpáirtithe leasmhara.

Cuirimid oiliúint ar na tiománaithe ó thaobh tiomáint atá éifeachtúil ó thaobh breosla de, rud a mbíonn stíl tiomána níos socra i gceist leis chomh maith le breis compoird a bheith ag na paisinéirí dá bharr.

Forbraímid réitigh iompair agus aird againn ar na riachtanais atá ag ár gcustaiméirí maidir le breis soghluaisteachta agus na riachtanais atá ag ár bpáirtithe leasmhara ó thaobh réitigh chomhtháite.

Bainimid an úsáid is fearr as na feithiclí agus na tiománaithe chun an luach is fearr is féidir a thabhairt don Stát.

## SOLÁTHRAÍMID AN MÉID SEO A LEANAS

**2500 + post**

**83.6 milliún aistear bus**

## COTHÚ LUACHA

**PAISINÉIRÍ**
Custaiméirí níos sásta
Líon níos mó seirbhísí
Cúram níos fearr do Chustaiméirí

**FOSTAITHE**
Rátaí maithe pá d'fhostaithe
Oiliúint agus oiliúint leanúnach

**AN tSOCHAÍ**
Breis soghluaisteachta do chách
Níos mó busanna á gcur in oiriúint do chustaiméirí a bhfuil mallachar gluaiseachta orthu
Cánacha á n-íoc leis an Státchiste

**SOLÁTHRAITHE**
Trédhearcacht ó thaobh soláthair agus conarthaí ar bhonn mhéid an chonartha




Toisc go mbímid seasta meáite ar na caighdeáin is airde a sholáthar do gach custaiméir trí oibríocht éifeachtúil, éifeachtach, cinntítear gurb iad an cháilíocht, an tsábháilteacht agus an inbhuanaitheacht is bonn leis an éiteas seirbhíse foriomlán atá againn

## Líon na nAistear Custaiméirí agus na gCiliméadar Feithicle

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig

| | **2018 Milliún** | 2017 Milliún |
|---|---|---|
| **Aistir custaiméirí** | | |
| Seirbhísí cathrach sna cúigí | **23,058** | 20,177 |
| Seirbhísí sceidealaithe eile | **19,007** | 17,683 |
| An scéim iompair scoile | **41,576** | 40,766 |
| | **83,641** | 78,626 |
| **Ciliméadair a thaistil feithiclí** | | |
| Seirbhísí cathrach sna cúigí | **10,176** | 9,266 |
| Seirbhísí eile – dár gcuid féin | **74,155** | 67,031 |
| Seirbhísí eile – ar fo-chonradh | **109,848** | 105,455 |
| | **194,179** | 181,752 |



# Buaicphointí agus Príomhtheachtaireachtaí na Cuideachta

## Custaiméirí, Tráchtáil, Inrochtaineacht agus Scoileanna

***Táimid ag díriú as an nua ar na custaiméirí ar fud gach gné de na seirbhísí a sholáthraímid.***

***Toisc go mbímid seasta meáite ar na caighdeáin is airde a sholáthar do gach custaiméir trí oibríocht éifeachtúil, éifeachtach, cinntítear gurb iad an cháilíocht, an tsábháilteacht agus an inbhuanaitheacht is bonn leis an éiteas seirbhíse foriomlán atá againn.***

**Ioncam agus Líon na nAistear Paisinéirí 2018 le hais 2017**

**Láimhdeachas Oibriúcháin**

**+9.1% ▲**

**Líon Iomlán na nAistear**

**+6.3% ▲**

- Rinneadh 83.6m aistear paisinéirí san iomlán in 2018 i gcomparáid le 78.6m aistear in 2017, cé go raibh stailc trí seachtaine ar siúl in 2017
- Cé go raibh tionchar ag Stoirm Emma ar na hoibríochtaí in 2018, tugadh moladh sna Meáin dár bhfreagairt seirbhíse agus dár gcumarsáid, agus cuireadh ár bprótacail sábháilteachta chun feidhme go hiomlán
- I gcás na seirbhísí cathrach agus baile go léir atá á n-oibriú ag Bus Éireann, is busanna le hurlár íseal iad, atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí, agus tá lán-rochtain ag na custaiméirí orthu
- Le linn 2018, reáchtáladh feachtas teilifíse nua ar fud na tíre chun daoine a spreagadh le tabhairt faoi chóir iompair eile ar fud ár ngréasán cathrach agus bailte
- Le linn 2018, thug Bus Éireann faoi infheistíocht nach beag, os cionn €2m, chun forbairt agus uasghrádú breise a dhéanamh ar na hIonaid Rialaithe AVL chun seirbhís níos fearr a sholáthar dár gcustaiméirí agus, go háirithe, chun cur le hiontaofacht agus poncúlacht na seirbhísí go léir dár gcuid
- Chuir Bus Éireann 25 cóiste dhá stór VDL nua ar an mbóthar gar do thús na bliana 2018. Is feithiclí iad atá an-chompordach agus ina mbaintear leas as an teicneolaíocht is nua-aimseartha
- Tá 43% d'fheithiclí Bhus Éireann ar chaighdeán astaíochtaí innill Euro VI anois agus, in 2018, ghlacamar páirt sa phleanáil i gcomhair na dtrialacha a rinne an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ar bhreoslaí malartacha atá beartaithe, agus thacaíomar leis na trialacha sin, chun an réiteach is fearr don chomhshaol a shainaithint i gcomhair na bhfeithiclí a bheidh againn amach anseo
- Taistealaíonn breis is 117,800 páiste ar bheagnach 7,000 bealach scoile
- Cheadaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna breis is 425 seirbhís iompair scoile nua in 2018
- Tá beagnach 13,400 páiste ann ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais agus a gcuirimid seirbhís ó dhoras go doras ar fáil dóibh go hiondúil
- I mí Eanáir 2018, sheol Bus Éireann Córas Grinnfhiosrúcháin nua ar líne
- Chun feabhas a chur ar chúrsaí teagmhála idir muid féin agus na custaiméirí, chuireamar córas náisiúnta teileafóin do chustaiméirí i bhfeidhm i gcomhair na scoileanna in 2018 chun freastal ar an mbuaicshéasúr éilimh
- Sa dara leath de 2018, thug Bus Éireann isteach léitheoirí gan tadhall ar roinnt meaisíní díola ticéad
- Le linn 2018, cuireadh táillí nua OSP i bhfeidhm agus leanadh ag cur na gCártaí Leap i bhfeidhm ar gach bealach OSP ar fud na tíre, obair atá tugtha chun críche anois

## Soláthar Seirbhíse, Sábháilteacht, Rioscaí agus Cúrsaí Comhshaoil/Aeráide

***Is ó neart go neart a chuaigh an teist láidir atá againn maidir leis an tsábháilteacht.***

Feidhmíonn Bus Éireann seirbhísí iompair phoiblí atá sábháilte, iontaofa, áisiúil agus a thugann luach maith ar airgead

- Tháinig laghdú mór ar líon na timpistí i measc na bpaisinéirí agus na bhfostaithe le linn 2018
- Chuaigh na tiománaithe go léir faoi oiliúint reachtúil, oiliúint maidir le láimhsiú, agus oiliúint maidir leis an Deimhniú Inniúlachta Gairmiúla do Thiománaithe
- Tosaíodh ag baint triail as brathadóir soghluaiste rothar a thugann foláireamh do thiománaithe nuair a bhíonn rothaí in aice leis an mbus

- Éascaíodh do chur i bhfeidhm an chórais teileamaitice ar an bhflít nuair a síníodh conradh leis an soláthraí roghnaithe in 2018
- Tá creat bainistíochta riosca na cuideachta i gcomhréir le forálacha ISO 31000
- Cuirtear oiliúint ar na tiománaithe maidir le tiomáint chosantach, rud a spreagann tiomáint shábháilte
- Tá gach teagascóir oiliúna de chuid Bhus Éireann cáilithe i gcomhlíonadh chaighdeáin an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre agus chaighdeáin Institiúid na nArd-Tiománaithe agus na dTeagascóirí

## Ár bhFostaithe agus Cúrsaí Oiliúna

***Ní mór dul i ngleic le cultúr na heagraíochta chun athrú ó bhonn a bhaint amach, agus réitíodh i gcomhair na hoibre sin in 2018.***

- In 2018, cheap an Bord foireann ceannaireachta nua faoi stiúir príomhfheidhmeannach nua, chun plean gnó nua a cheapadh agus a chur i bhfeidhm
- Cuireadh struchtúr feidhmiúil nua i bhfeidhm chun línte cuntasachta soiléire a ailíniú le plean gnó nua
- Rinneadh breis is 60 leasú ar na cleachtais oibre ar bhonn mholadh na Cúirte Oibreachais in 2017
- Bhain 22 printíseach amach Teastas Leibhéal 6 ó Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) faoinar cáilíodh iad le bheith ina Meicneoirí Feithiclí Troma
- Earcaíodh an chéad phrintíseach mná chuig an gclár oiliúna atá á rith againn le bheith ina Meicneoir Feithiclí Troma
- Tháinig breis agus 200 tiománaí nua ag obair linn chun ár gcuid seirbhísí feabhsaithe a sholáthar
- Cuireadh na Gradaim GEM (Go the Extra Mile) ar bun den chéad uair in 2018, chun aitheantas a thabhairt don chion ollmhór a dhéanann roinnt baill foirne ar fud na heagraíochta
- Ba é Bus Éireann a rug leis an gradam i leith na cumarsáide is fearr i gcomhair an fheachtais #waybetter de chuid Expressway ag Gradaim Lóistíochta agus Iompair na hÉireann (ILTA) in 2018
- Ghlacamar páirt sa Duaiscéim, scéim staidéir atá ar fáil don fhoireann go léir, faoina gcuirtear cúrsaí éagsúla ar fáil d'fhostaithe chun cuidiú leo a gcuid scileanna a fhorbairt san ionad oibre
- Tá Bus Éireann fós ina bhall de Chairt Éagsúlachta na hÉireann, trína n-admhaíonn sé go poiblí an tiomantas atá aige don éagsúlacht agus don chuimsiú
- Thug Bus Éireann tacaíocht do Lá Idirnáisiúnta na mBan trí fhreastal ar Chomhdháil Idirnáisiúnta Lá na mBan de chuid CIÉ agus trí ionadaithe a chur chuig an gComhdháil de chuid an Choimisiúin Eorpaigh dar teideal "How to attract more women to the transportation sector"
- Thacaigh an chuideachta leis na baill foirne a ghlac páirt i bhfeachtas tiomsaithe airgid Movember agus tugadh an t-airgead go léir a bailíodh do Chumann Ailse na hÉireann agus d'fhondúireacht Movember

## Feidhmíocht Airgeadais agus Infheistíocht Chaipitil

***Brabús €1.6 milliún a rinne an Chuideachta roimh chostais eisceachtúla.***

- B'ionann an láimhdeachas oibriúcháin agus €337.6m i leith na bliana 2018 (2017: €309.3m)
- B'ionann costas iomlán an bhreosla i leith 2018 agus €29.8m (2017: €27.1m)
- B'ionann na glanchostais eisceachtúla i leith 2018 agus €7.9m (2017: €16.5m)
- Fuarthas €3.5m in airgead tirim ó na hoibríochtaí i leith 2018 (2017: €6.4m)
- D'infheistigh an chuideachta €4.1m dá cuid acmhainní dílse i gcaiteachas caipitil in 2018
- B'ionann an Tuilleamh roimh Ús, Cánacha, Dímheas agus Amúchadh (TRÚCDA) agus €9.7m (2017: €2.9m)
- B'ionann glanluach chistí na scairshealbhóirí mar a luaitear sa chlár comhardaithe agus €13.7m in 2018 (2017: glandliteanas na scairshealbhóirí €16.9m)

### Tuilleamh roimh Ús, Cánacha, Dímheas agus Amúchadh (TRÚCDA)

| 2018 | 2017 |
|---|---|
| €9.7m | €2.9m |

# Bhí stailc ann in 2017 a mhair trí seachtaine

# Ráiteas an Chathaoirligh



*Chuir Bus Éireann chun feidhme clár chun an gnó a athrú ó bhonn, atá ar cheann de na cláir is uaillmhianaí dá leithéid a chuir cuideachta Stáit ar bith chun feidhme riamh*

*Is é an príomhchuspóir atá agam i mo ról mar Chathaoirleach ná ár spriocanna straitéiseacha nua a bhaint amach agus borradh inbhuanaithe a bheith faoin gcuideachta ar bhonn cultúr láidir feidhmíochta.*

I bhfianaise an chumais maidir le díriú ar spriocanna agus an fhoinn athraithe a léirítear sa phlean nua cúig bliana a d'fhorbraíomar i gcomhar lenár bpáirtithe leasmhara agus leis an bhFoireann Feidhmiúcháin nua, tá muinín agam féin agus ag comhaltaí an Bhoird go mbainfimid amach na spriocanna atá leagtha síos againn agus go mbeidh ré úr romhainn anseo i mBus Éireann dá bharr sin, ré ina mbeimid ag díriú ar chúrsaí tráchtála agus ar an iomaíochas, agus ár bhfreagrachtaí á gcomhlíonadh againn an tráth céanna, ina mbeimid ag freastal ar chách agus ina mbeimid ag tacú le fás sóisialta agus eacnamaíoch foriomlán na hÉireann.

Tá an Bord agus na Feidhmeannaigh tiomanta don tseirbhís iompair is fearr is féidir a sholáthar, ar bhealach éifeachtach, éifeachtúil, leis na cistí atá ar fáil. Bhíomar i gcónaí diongbháilte i dtaobh freastal ar na custaiméirí, agus neartaíodh ár gcuid iarrachtaí arís eile in 2018 nuair a cheapamar fís úr shoiléir don am atá le teacht, faoina mbainfear amach sársheirbhís, ardchaighdeáin sábháilteachta do na custaiméirí agus luach níos fearr don Stát.

Tháinig borradh faoin ioncam, a bhuí leis an téarnamh atá fós ar gheilleagar na hÉireann agus leis an bhfeabhas ar chúrsaí fostaíochta. Chuidigh an méadú nach beag a tháinig ar líon na bpaisinéirí ar fud ár seirbhísí go léir leis an toradh sin freisin. Le tionscnaimh nua ar nós seirbhísí cathrach feabhsaithe agus táillí ísle, mealladh custaiméirí nua ón samhradh ar aghaidh, rud a chuir brú ar ár n-acmhainneacht nach bhfacthas ó thosaigh an cúlú eacnamaíoch.

## Bliain ina raibh Béim ar an Athrú

Le linn 2018, chuir Bus Éireann chun feidhme clár chun an gnó a athrú ó bhonn, atá ar cheann de na cláir is uaillmhianaí dá leithéid a chuir cuideachta Stáit ar bith chun feidhme le tríocha bliain anuas. Tugadh an sainordú le haghaidh athraithe, chuir an Bord chun feidhme straitéis shoiléir uaillmhianach agus ghlac tromlach na foirne le moladh ón gCúirt Oibreachais i mí an Mheithimh 2017, agus ar an gcaoi sin leagadh síos an bonn chun athstruchtúrú a dhéanamh ar chúrsaí airgeadais na cuideachta agus chun ár gcuid iarrachtaí agus ár n-acmhainní a dhíriú ar chaighdeán den scoth a bhaint amach do na custaiméirí a bhíonn ag brath ar na mílte seirbhís a chuirimid ar fáil gach lá, ó cheann ceann na tíre.

Faoi dheireadh 2018, is cúis bhróid agam é a thuairisciú go bhfuil athrú á dhéanamh i ndáiríre ar fud na heagraíochta. Ní hé amháin go bhfuil sé sin le sonrú sna ráitis airgeadais, ina léirítear go ndearnadh brabús €1.6m roimh mhíreanna eisceachtúla tar éis caillteanas €6.8m a bheith déanta againn an bhliain roimhe sin, ach is léir é freisin ó na scóir a tugadh dúinn i dtaobh na cairte custaiméirí, a bhfuil feabhas tagtha orthu thar na príomhréimsí tomhais go léir, amhail sástacht, tacaíocht agus luach ar airgead.

Tugadh isteach os cionn 60 tionscnamh chun na cleachtais oibre a athrú, agus rinneadh athstruchtúrú nach beag ar an bhfoireann, rud a d'fhág gur tháinig laghdú 224 ar líon na mball foirne ar fud na ngrád go léir, agus tiománaithe, maoirseoirí, baill foirne na ngaráistí, baill foirne cléireachais agus daoine den lucht feidhmiúcháin ina measc siúd a d'imigh uainn. Ina theannta sin, d'fhostaíomar beagán os cionn 250 tiománaí nua chun freastal ar chleachtais oibre nua agus tabhairt faoi sheirbhísí nua feabhsaithe, agus d'fhostaíomar daoine chun fónamh i bpoist mhaoirseachta eile chun cur le hiontaofacht agus poncúlacht na seirbhísí. Thacaigh an tÚdarás Náisiúnta Iompair leis na poist nua sin agus chuir sé cistiú ar fáil ina leith lena chinntiú go ndéanfar an soláthar seirbhíse a bharrfheabhsú agus gur fearr a bheifear ag freastal ar phobail áitiúla.

Tríd is tríd, bhí sé ina thoradh ar an athrú ó bhonn gur spáráil Bus Éireann thart ar €20m in 2018 i gcomparáid leis an mbliain 2016. Nuair a bheidh na hathruithe go léir curtha chun feidhme, measfar go spárálfar €26-28m faoi dheireadh 2019.

Ar son an Bhoird, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don tiomantas mór a léirigh an fhoireann bainistíochta agus na baill foirne go léir i mBus Éireann le hocht mí dhéag anuas, tréimhse inar cuireadh ár ndúshlán. D'fháiltigh siad roimh athruithe móra lena chinntiú nach é amháin go dtiocfaidh an chuideachta slán, ach go mbeidh sí faoi bhláth arís. Tá an Bord meáite ar fhéachaint chuige go mbeidh na costais fós iomaíoch agus go ndéanfar beachtú agus forbairt mhór ar na scileanna atá againn i dtaobh feidhmíocht den scoth a bhaint amach maidir le seirbhís do chustaiméirí, ionas gur fearr an riocht ina mbeimid chun an gnó a choinneáil agus gnó nua a fháil feasta.

*Tá an Bord agus na Feidhmeannaigh tiomanta don tseirbhís iompair is fearr is féidir a sholáthar, ar bhealach éifeachtach, éifeachtúil, leis na cistí atá ar fáil.*

## Táimid ag breathnú romhainn go teann tréan, ach ní mór dúinn cloí leis an bplean

Níl aon amhras ach go mbeidh dúshláin eile fós le sárú againn, i bhfianaise na héiginnteachta a bhaineann leis an mBreatimeacht agus fórsaí eile sa mhargadh, ar nós na hiomaíochta agus arduithe costais, rudaí a d'fhéadfadh brú a chur ar chistiú na seirbhísí. Os a choinne sin, táimid ag tnúth le deiseanna nua fáis trí thairiscintí nua, idirphlé nua lenár bpáirtithe leasmhara maidir le seirbhísí a sholáthar, agus, ar ndóigh, smaointe nua ó fhoireann Bhus Éireann, atá meáite ar chur le rath na cuideachta arís eile as seo amach.

Tá lán-mhuinín agam go n-éireoidh leis an mBord, leis an bhFoireann Ard-Cheannaireachta agus leis na baill foirne, ag obair faoinár bPríomhfheidhmeannach nua, Stephen Kent, a chinntiú gurb é Bus Éireann a bheidh ina rogha comhpháirtí iompair i measc ár bpáirtithe leasmhara, agus go mbeidh an chuideachta fós inbhuanaithe agus go n-éireoidh go geal léi agus í a freastal ar na glúine a thiocfaidh inár ndiaidh. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an bhfoireann agus le mo chomhghleacaithe ar an mBord, dream a dhéanann cion mór ar son na cuideachta tríd an bhfreagracht a léiríonn siad maidir le Rialachas Corparáideach agus Dearbhú, agus iad ag feidhmiú i gcomhréir le cóid cleachtais phoiblí, cóid cleachtais foirne, cóid chleachtais an rialtais agus cóid chleachtais rialála.

Ba mhaith liom freisin aitheantas a thabhairt don chion mór atá déanta ag Ray Hernan, a bhí ina Phríomhfheidhmeannach go dtí deireadh shamhradh na bliana 2018, chun cuidiú leis an athrú ó bhonn a phleanáil agus a stiúradh. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil freisin le David McGarry, Henry Minogue, Anne Bradley agus John Moloney as ucht a gcuid seirbhíse den scoth mar chomhaltaí Boird agus as a bheith chomh tiomanta don chuideachta agus chomh fial flaithiúil lena gcuid ama.

Mar fhocal scoir, táim ag tnúth le bheith ag obair leis na hAirí, leis na Ranna, leis an Údarás Náisiúnta Iompair, le CIÉ agus leis an mBord. Gabhaim buíochas leis an bhfoireann bainistíochta as an gcúnamh agus an tacaíocht a thug siad chun Bus Éireann a thabhairt isteach sa ré nua agus táim ag tnúth anois lenár bplean a chur i bhfeidhm anois go gairid in 2019.



**Aidan Murphy**
*Cathaoirleach*



# Táimid ag breathnú romhainn go teann tréan, ach ní mór dúinn cloí leis an bplean



# Ráiteas ón bPríomhfheidhmeannach



*Is é an fhís atá agam an chuideachta a bheith níos iomaíche agus níos dírithe ar chustaiméirí*

*Tá tús láidir curtha againn leis an athrú ar mhaithe le fás, agus is cúis mhisnigh againn é a thiomanta atáimid eispéiris custaiméirí den scoth a sholáthar a bhuí le díograis agus scileanna ár mball foirne, agus súil againn i gcónaí ar chúrsaí iomaíochta chomh maith.*

Is é an fhís atá agam an chuideachta a bheith níos iomaíche agus níos dírithe ar chustaiméirí, ionas go mbeidh rath ar Bhus Éireann sna blianta atá romhainn, rud a rachaidh chun tairbhe dár gcustaiméirí, dár mbaill foirne agus dár bpáirtithe leasmhara go léir ar fud na hÉireann. Agus foireann ceannaireachta nua againn, táimid thar a bheith diongbháilte faoi fhreastal ar na hoibleagáidí atá orainn i leith na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, na Roinne Oideachais agus Scileanna agus an Údaráis Náisiúnta Iompair, agus freisin ar na hoibleagáidí atá orainn ina leith siúd a chuidigh linn feabhas a chur ar chúrsaí airgeadais agus cultúr feidhmíochta Bhus Éireann le 18 mí anuas.

Is féidir le dúshlán mór a bheith i gceist le céim an aistrithe i bplean mórathraithe ar bith, go háirithe i gcás aon ghnó a bhfuil baint aige leis an tionscal seirbhíse. Is cinnte go bhfuil moladh ag gabháil dóibh siúd a chuir chun feidhme breis is 60 athrú ar na cleachtais oibre, agus cé gur chuir sé sin isteach ar ár gcustaiméirí agus ar na costais sa chéad leath den bhliain go háirithe, rud is cúis aiféala dúinn, tá feabhas nach beag le sonrú anois i dtaobh eispéireas na gcustaiméirí agus i dtaobh fheidhmíocht airgeadais an ghnó.

Chuamar i mbun cainteanna idir-réitigh leis an bhfoireann chun aghaidh a thabhairt ar théarmaí pá nua, ach, rud atá thar a bheith tábhachtach, is téarmaí iad a bheidh nasctha le prionsabal na táirgiúlachta ionas gur féidir linn a bheith iomaíoch fós. Táimid ag súil go mbeidh toradh ar na cainteanna sin go luath in 2019, agus leanfaimid ar aghaidh an tráth céanna ag teacht le chéile faoi threoir an phrionsabail maidir le dea-fheidhmíocht i dtaobh na mbunghnéithe: an iontaofacht, an phoncúlacht agus an luach ar airgead. Ní hé amháin go bhfuil na gnéithe sin leagtha síos inár n-oibleagáidí conarthacha, ach tá an dea-fheidhmíocht ina leith ag gabháil do gach custaiméir a bheartaíonn taisteal le Bus Éireann.

Tá ár bhfoireann tiomanta d'ardchaighdeán seirbhíse do chustaiméirí a sholáthar, agus is maith mar a léiríodh an méid sin nuair a bhuail Stoirm Emma an tír seo go luath in 2018, tráth ar thit sneachta chomh trom is a d'fheicfeá riamh in Éirinn. Cuireadh stop iomlán leis na seirbhísí ar feadh dhá lá de bharr na stoirme, agus b'éigean ár bplean éigeandála le haghaidh teagmhas adhaimsire a chur i bhfeidhm. De bharr na freagartha ónar bhfoireann le linn na stoirme, de bharr an chomhair eatarthu agus de bharr a ndúthrachta, is maith agus is rí-mhaith mar a cloíodh le héiteas seirbhíse agus sábháilteachta Bhus Éireann.

Ba chúis bhróid agam go háirithe é gur mhol na meáin agus na páirtithe leasmhara an tiomantas a léiríomar tráth an dúshláin sin agus muid ag obair le chéile chun muintir na hÉireann a chur ar ais ar na bóithre, agus aird againn ar shábháilteacht ár bhfoirne agus ár gcustaiméirí, d'ainneoin na ndeacrachtaí a bhí againn sa tréimhse 12 mhí roimhe sin, agus ár bplean mórathraithe a bheith á chur chun feidhme.

## Méadú fós ar Líon na bPaisinéirí, ar an Ioncam agus ar an gCistiú

**Fóirdheontas 2018 le hais 2017**

**+10.7%**

# Bhí stailc ann in 2017 a mhair trí seachtaine

Tá áthas orm a thuairisciú go bhfuil méadú níos mó ag teacht ar líon na bpaisinéirí ná mar a bhí amhlaidh ó 2008 i leith, treocht atá á spreagadh ag seirbhísí nua agus seirbhísí feabhsaithe, flít feithiclí nua ardchumais, straitéis nua maidir le táillí, agus gníomhaíocht mhargaíochta níos spriocdhírithe chun na buntáistí a bhaineann lenár gcuid seirbhísí a chur ar a súil do dhaoine. Tá muinín ag daoine arís as ár gcuid seirbhísí agus is cinnte gur chuir sé leis an muinín atá ag na páirtithe leasmhara asainn nuair a d'éirigh linn cloí leis an réamhaisnéis airgeadais atá leagtha síos sa phlean gnó.

D'éirigh go maith leis an obair a rinneamar i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair lena chinntiú go ndéanfar na costais go léir arna dtabhú maidir le soláthar seirbhísí faoi chonradh a aisghabháil, agus chun cistiú breise a fháil do sheirbhísí nua, agus tháinig méadú níos mó ar líon na bpaisinéirí a iompraímid féin ar sheirbhísí OSP, i gcomparáid leis an mbliain anuraidh, ná mar a tháinig i gcás aon oibreoir eile.

Cuireadh feabhas mór ar ár gcuid seirbhísí i bPort Láirge, rud a d'éascaigh don aistriú chuig an gconradh nua ollchostais a dámhadh orainn faoin tairiscint iomaíoch i leith Oscailt an Mhargaidh Busanna.

Rinneadh feabhsuithe móra eile i gCorcaigh agus i nGaillimh, áit ar cuireadh go mór le minicíocht agus acmhainneacht na seirbhísí ar chonairí áirithe sna cathracha sin lena chinntiú go mbeimid ag freastal ar an éileamh. Chomh maith leis sin, agus mar aitheantas ar an dul chun cinn atá déanta againn i dtaobh éifeachtúlacht costais agus cáilíocht seirbhíse, ba chúis mhór bhróid dúinn é gur dámhadh Conradh Dámhachtana Dírí orainn i leith na tréimhse cúig bliana amach romhainn ar bhealaí OSP, agus cuirfimid fáilte roimh an deis chun tairiscint a chur isteach ar 5% de na bealaí atá beartaithe i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath in 2021.

Leanfaimid ar aghaidh ag obair leis an Údarás Náisiúnta Iompair i dtaobh infheistíocht spriocdhírithe a chomhaontú le húdaráis áitiúla chun cabhrú linn dul i ngleic le fadhb mhór an bhrú tráchta, fadhb atá tosaithe ag cur isteach ar ár gcuid seirbhísí i gcathracha réigiúnacha. Ar deireadh thiar, beidh gá le bearta tosaíochta nua ina leith sin chun buntáistí uile an iompair phoiblí a bhaint amach.

## Borradh faoi na Seirbhísí Tráchtála arís

Tá sé geallta ag an Roinn Coimirce Sóisialaí anois íoc as 70% den mheántáille i leith na n-aistear a dhéanfaidh paisinéirí ag a bhfuil Pas Saorthaistil, ar sheirbhísí Expressway go sonrach, beart atá ag teacht leis an bprionsabal atá i bhfeidhm i gcás oibreoirí príobháideacha eile. Fágann sé sin gur fearr an cothrom iomaíochta atá ann san earnáil seo. Leanadh ar aghaidh leis an iomaíocht ar chonairí bus ach tá slí chun brabúsacht ag Expressway anois, a bhuí leis na bearta atá dírithe ar chostais a laghdú agus freisin leis an méadú atá ag teacht ar líon na bpaisinéirí, as a n-eascraíonn méadú ioncaim.

In 2019, tabharfaimid chun críche an infheistíocht atá á déanamh againn i dteicneolaíocht nua a bhaineann le táillí / díol ticéad agus cuirfimid isteach cás gnó maidir le hinfheistíocht chreata i bhfeithiclí nua roimh an samhradh lena chinntiú go mbeidh tairiscint láidir againn do na custaiméirí i gcónaí agus go mbeimid in ann dul san iomaíocht go héifeachtach le hoibreoirí eile.

## Iompraíodh 117,000 Páiste ar na Seirbhísí Iompair Scoile de chuid Bhus Éireann

Tá Bus Éireann fós ag cur Scéim Iompair Scoile atá éifeachtach, éifeachtúil, sábháilte agus iontaofa ar fáil don Stát. In 2018, neartaíomar ár dtiomantas don Scéim trí chomhaontú seirbhíse nua a dhéanamh leis an Roinn Oideachais agus Scileanna lena chinntiú go mbeidh na seirbhísí is fearr is féidir á soláthar againn agus go gcomhlíonfaidh siad riachtanais na Scéime. Tá áthas orainn gur thug an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste aitheantas do cháilíocht ár gcaighdeán soláthair i leith seirbhísí scoile ar conradh san athbhreithniú a rinne sé ar rialachas foriomlán na Scéime.

# *Ráiteas ón bPríomhfheidhmeannach (ar lean)*

Le linn 2018, chuireamar tús le babhta nua plé leis an Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le roinnt nithe a bhaineann leis an Scéim Iompair Scoile. Mar gheall ar an leathnú a rinneadh ar na seirbhísí le blianta beaga anuas, ní mór athbhreithniú straitéiseach úr a dhéanamh, beart a rachaidh chun tairbhe an dá pháirtí. Beimid á phlé sin i rith 2019 chun cabhrú le cuspóirí na Scéime agus muid ag díriú freisin ar chuspóirí Bhus Éireann, atá tiomanta i gcónaí don tseirbhís is fearr is féidir a sholáthar.

## Torthaí Airgeadais ag Teacht Chucu Féin ach Caithfear iad a Chosaint

Taispeánann an toradh airgeadais a bhí ar na tionscnaimh go léir thuas go bhfuilimid ar an mbóthar ceart. In 2018, baineadh amach TRÚDA (Tuilleamh roimh Ús, Cánacha, Dímheas agus Amúchadh) €9.7m i gcomparáid le €2.9m in 2017. Tháinig feabhas mór freisin ar an ioncam oibriúcháin: rinneadh ioncam €337.6m i gcomparáid le €309.3m in 2017, cé go raibh ioncam oibriúcháin na bliana 2017 ní b'ísle mar gheall ar stailc a mhair trí seachtaine.

Is é an t-easnamh don bhliain ná €6.4m i ndiaidh míreanna eisceachtúla, lena n-áirítear aisíocaíocht a dhéanamh le cúlchiste na Scoileanna. Nuair a chuirtear an aisíocaíocht sin as an áireamh, bhain an chuideachta cóimheá airgid amach i leith na bliana 2018.

Tar éis an phlean mórathraithe agus athstruchtúraithe a cuireadh chun feidhme ó 2017 i leith, rinneamar iarracht athchaipitliú a dhéanamh trínár gcuideachta sealbhaíochta, CIÉ. Agus aird á tabhairt ar an gcúlchiste íosta arbh éigean dó a bheith againn faoi dheireadh mhí na Nollag 2018 chun athnuachan a dhéanamh ar ár gCeadúnas mar Oibreoir Iompair Paisinéirí ar Bóthar, ceanglaíodh ar an gcuideachta a chinntiú go raibh cistí scairshealbhóirí leordhóthanacha ar fáil.

> *Tá Bus Éireann fós ag cur Scéim Iompair Scoile atá éifeachtach, éifeachtúil, sábháilte agus iontaofa ar fáil don Stát*

D'fhaomh Bord CIÉ athchaipitliú €37m agus gníomhaíodh é sin ag Cruinniú Ginearálta Urghnách trí scaireanna a fuair CIÉ i mBus Éireann le linn mhí na Nollag 2018, le toiliú ón Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Fágann an gníomh sin gur glanchistí scairshealbhóirí dar luach €13.7m atá againn i leith 2018, i gcomparáid le glandliteanas scairshealbhóirí €16.9m in 2017.

Déanfaimid muid féin a chosaint san am atá le teacht agus beimid ag obair lena chinntiú nach gclaonfar ón bplean, atá faofa ag an mBord agus formhuinithe ag CIÉ, ag na Ranna ábhartha agus ag NewEra chun an staid airgeadais ina bhfuilimid a fheabhsú lena chinntiú go mbeidh an gnó inbhuanaithe feasta.

## Ag Breathnú Chun Cinn go 2019 le Plean Nua

Faoin bplean nua, cinnteofar go dtacóimid leis an mbonn ioncaim a mhéadú, rud atá riachtanach, le tionscnaimh nua, nuálaíocht agus feabhsuithe ar na seirbhísí ar mhaithe leis na custaiméirí chun a chur ina luí ar phaisinéirí ár gcuid seirbhísí a úsáid níos minice. Leanfar ar aghaidh ag díriú ar rialú costais, ar mhaoiniú agus ar fheidhmiú an phlean gnó inbhuanaithe atá faofa ag an mBord, faoinar féidir infheistíocht a dhéanamh sa fhlít feithiclí, sa teicneolaíocht agus san fhoireann, ach ní mór dúinn díriú isteach ar an bhfeidhmíocht agus a chinntiú go gcloífear sna blianta amach romhainn leis an athrú cultúir atá spreagtha againn.

## Athbhreithniú ar Oibríochtaí

Táim ag tnúth leis an gcuideachta a threorú agus aghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus na deiseanna a bheidh romhainn ar feadh na bliana 2019. Tá foireann ardbhainistíochta nua againn, treo nua agus plean custaiméara atá forchéimnitheach agus an-spriocdhírithe chun tacú leis an ngréasán seirbhísí gan sárú atá againn, rud a rachaidh chun tairbhe dár gcustaiméirí, dár bpáirtithe leasmhara agus dár bhfoireann feasta. Táim buíoch as an gcomhairle agus an treoir a fhaighim i gcónaí ón gCathaoirleach agus ó chomhaltaí an Bhoird, a thacaigh leis an ngnó seo tríd síos, agus táim ag tnúth anois le tabhairt faoi chaibidil nua i scéal Bhus Éireann in 2019 agus ina dhiaidh sin.



**Stephen Kent**
*Príomhfheidhmeannach*

## Forbhreathnú ar na Príomhthosaíochtaí

| Príomhthosaíochtaí | Dul Chun Cinn |
|---|---|
| **Neartú ar an bhfoireann ardbhainistíochta** | • An babhta earcaíochta tugtha chun críche i gcomhair foireann ardbhainistíochta láidir nua<br>• Príomhfheidhmeannach nua ceaptha chun plean agus straitéis nua gnó a chur chun cinn<br>• Príomh-Oifigeach Custaiméirí nua ceaptha chun soláthar seirbhíse a chur chun cinn<br>• Príomhoifigeach Foirne nua ceaptha chun éifeachtúlacht acmhainní agus an t-athrú cultúir a chur chun cinn<br>• Príomhoifigeach Faisnéise nua earcaithe<br>• Príomhoifigeach Airgeadais nua ceaptha chun cistiú a fháil, cúrsaí airgeadais a athbhunú agus rialachas cuí a chinntiú<br>• Príomhoifigeach Riosca agus Sábháilteachta nua ceaptha lena chinntiú nach mbeidh cúrsaí sábháilteachta ná cúram ó thaobh rioscaí i mbaol choíche<br>• Príomhoifigeach Nua Scoileanna ceaptha chun athrú ó bhonn a spreagadh agus straitéis nua a cheapadh i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna<br>• Ról nua an Phríomhoifigigh Tráchtála sainithe chun gnó nua a fháil agus toradh tráchtála a fháil ar gach gníomhaíocht tráchtála |
| **An t-athrú cultúir á chur chun cinn** | • Príomhoifigeach nua Foirne ceaptha agus beidh an té sin ag teacht ag obair linn i mí Lúnasa 2018<br>• Bunaíodh ról nua, Ceann Cultúir agus Rannpháirtíochta, i mí Iúil 2018<br>• Ag díriú go tréan ar an rannpháirtíocht leis na fostaithe |
| **Struchtúr gnó nua tugtha isteach chun freastal ar riachtanais na gcustaiméirí** | • Struchtúr feidhmiúil nua tugtha isteach – ag tacú leis na réigiúin maidir le seirbhísí a sholáthar don eagraíocht<br>• Struchtúr oibríochtaí réigiúnacha tugtha isteach atá dírithe ar sholáthar seirbhísí |
| **Cultúr bunaithe ar fheidhmíocht** | • Príomhtháscairí feidhmíochta tugtha isteach atá dírithe ar na custaiméirí<br>• Béim mhór ar an bponcúlacht agus ar an iontaofacht<br>• Béim ar dhea-fheidhmíocht i dtaobh na mbunghnéithe<br>• Béim ar fheabhas leanúnach i ngach réimse den eagraíocht |
| **Tacú le soláthar seirbhísí don chustaiméir** | • Dul chun cinn maith ó thaobh tiománaithe a earcú<br>• Uasghrádú á dhéanamh ar na hionaid rialaithe AVL<br>• Plean á ullmhú chun an phoncúlacht a fheabhsú<br>• Struchtúr oibríochta seachbhunaithe á fhorbairt lena chinntiú go mbeidh seirbhísí á soláthar go comhsheasmhach do na custaiméirí |

# Athbhreithniú ar Oibríochtaí

TRANSPORT FOR IRELAND

Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

*Táimid ag díriú as an nua ar na custaiméirí ar fud gach gné de na seirbhísí a sholáthraímid.*

*Toisc go mbímid seasta meáite ar na caighdeáin is airde a sholáthar do gach custaiméir trí oibríocht éifeachtúil, éifeachtach, cinntítear gurb iad an cháilíocht, an tsábháilteacht agus an inbhuanaitheacht is bonn leis an éiteas seirbhíse foriomlán atá againn.*

## Feabhas ar Sheirbhísí

Le linn 2018, thug Bus Éireann isteach feabhsuithe móra ar an tráthchlár ar fud an ghréasáin seirbhísí a fheidhmíonn sé thar ceann an Údaráis Náisiúnta Iompair, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

### *Gréasán Chathair Phort Láirge*

- Rinneadh athbhreithniú iomlán ar ghréasán Chathair Phort Láirge agus cuireadh na hathruithe i bhfeidhm i mí na Nollag 2018, lena n-áirítear busanna níos minice agus seirbhísí ar an Domhnach den chéad uair
- Tá busanna nua íseal-astaíochtaí ag freastal ar an ngréasán sin anois, agus iad faoin libhré Transport for Ireland
- I mí na Samhna 2018, fuair Bus Éireann 17 mbus nua Wrights Streetlite, faoin libhré nua Transport for Ireland, lena n-úsáid ar sheirbhísí cathrach Phort Láirge, tar éis gur éirigh leis an tairiscint a rinne Bus Éireann i leith an ghréasáin sin
- Is éard atá i mbusanna Wrights Streetlite ná feithiclí measartha mór 10.2 méadar agus busanna cathrach 11.5 méadar ina bhfuil córas nuálach micrihibrideach a chaomhnaíonn an chumhacht a chailltear de ghnáth le húsáid na gcoscán chun cumhacht a sholáthar do chórais chúnta na feithicle
- Na busanna nua go léir a fuair Bus Éireann in 2018, tá na caighdeáin íseal-astaíochtaí Euro VI á gcomhlíonadh acu agus is busanna ísealurláir iad atá lán-inrochtana, rud atá ag teacht le tiomantas Bhus Éireann d'fhlít feithiclí lán-inrochtana a bheith aige ar fud na gcathracha agus na mbailte réigiúnacha go léir
- Toisc go bhfuil infheistíocht leanúnach á déanamh sa fhlít, beidh ar chumas Bhus Éireann meánaois ár mbusanna agus ár gcóistí a laghdú a thuilleadh
- Tar éis dúinn a lán coinníollacha a chomhlíonadh, síníodh an litir intinne a bhaineann le conradh tairisceana chathair Phort Láirge leis an Údarás Náisiúnta Iompair i mí na Nollag 2018
- Tá síniú an chonartha féin agus an tosach feidhme faoin gconradh nua beartaithe i gcomhair dheireadh mhí Aibreáin 2019
- Chuamar i ndlúthchomhairle leis an Údarás Náisiúnta Iompair in 2018 agus leanfar leis sin in 2019, lena chinntiú go n-éireoidh linn aistriú chuig an gcineál conartha nua




### *Gréasán Chathair na Gaillimhe*

- Rinneadh athbhreithniú iomlán ar an ngréasán in 2018, agus bhí sé ina thoradh air sin go bhfuil busanna á rith níos minice anois ar bhealach 404 agus ar bhealach 409
- Cuireadh 13 bhus nua dhá stór ar an mbóthar i rith na bliana freisin

### *Conair an M4, Baile Átha Cliath – an Muileann gCearr*

- Rinneadh athchóiriú iomlán ar an gconair seo i mí Mheán Fómhair 2018, faoinar cuireadh cuid mhaith seirbhísí breise ar an mbóthar idir Baile Átha Cliath agus an Muileann gCearr agus Cill Choca
- Tugadh seirbhís 01.00 isteach freisin chun freastal ar riachtanais nua atá ag na custaiméirí ar an gconair

### *Gréasán Thuaisceart Mhaigh Eo*

- Rinneadh athchóiriú iomlán ar sheirbhísí i Maigh Eo i rith shamhradh na bliana 2019, faoinar cuireadh feabhas mór ar na seirbhísí idir Cathair na Mart agus Caisleán an Bharraigh, Béal an Átha agus Gaillimh

### *An Cárta Leap*

- Le linn 2018, leanadh ag cur na gCártaí Leap i bhfeidhm ar gach bealach Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (OSP) ar fud na tíre agus tá an obair sin tugtha chun críche anois
- Lean an borradh a bhí faoi úsáid na gcártaí ar fud na ngréasán go léir, go háirithe ar na gréasáin uirbeacha áit a bhfuil an Cárta Leap á úsáid ar bhreis is 40% de na haistir ar fad anois. Is féidir le custaiméirí táille suas le 30% níos ísle a íoc le Cárta Leap



*An Flít Expressway*

- Cuireadh tús le próiseas soláthair chun athnuachan a dhéanamh ar an bhflít feithiclí Expressway in 2018
- Faoin bpróiseas, sainaithneofar an cineál feithicle is fearr agus an infheistíocht rialta bhliantúil is gá chun an táirge tráchtála Expressway a fhás agus a fhorbairt agus chun an seasamh atá aige mar phríomhsheirbhís idirchathrach a choimeád slán, i margadh atá seasta ag éirí níos iomaíche
- Tá sé beartaithe suas le 30 cóiste nua Expressway a fháil in 2019

*Bealaí Expressway nua á bhforbairt*

- Baile Átha Cliath/Dún na nGall – méadú 45% ar leibhéal na seirbhíse agus tugadh isteach seirbhís "X" nach bhfuil ach líon teoranta stadanna i gceist léi
- Baile Átha Cliath/An tIúr/Béal Feirste – Athdhearadh ar an gconair, lena n-áirítear seirbhís nua idir an tIúr agus Baile Átha Cliath
- Gaillimh/Béal an Átha – Athdhearadh an bhealaigh chun bealach níos simplí agus amanna imeachta comhsheasmhacha a chur i bhfeidhm
- GoBé – méadú 50% ar na leibhéil seirbhíse, le roinnt seirbhísí ó Chorcaigh ag dul díreach chuig Aerfort Bhaile Átha Cliath luath ar maidin
- Baile Átha Cliath/Gaillimh – 4 sheirbhís bhreise in aghaidh an lae agus seirbhís nua a fhreastalaíonn ar dtús ar chathair Bhaile Átha Cliath chun freagra a thabhairt ar an éileamh méadaithe ó chomaitéirí ag taisteal ó Bhaile Átha Luain

*Feachtais Mhargaíochta*

- Seoladh an *Big Red Tour* i mí an Mhárta trí chainéil dhigiteacha teilifíse agus trí na meáin dhigiteacha agus shóisialta
- Feachtas Samhraidh Aerfort Bhaile Átha Cliath – Díríodh ar chustaiméirí sa tír seo agus ar chustaiméir san Eoraip trí leathanaigh nua i dteangacha iasachta ar an suíomh expressway.ie agus trí na meáin dhigiteacha agus shóisialta
- Ba é Expressway, iompróir oifigiúil na foirne, a thug foireann peile shinsearach Bhaile Átha Cliath chuig an gcluiche ag a raibh an bua acu den cheathrú huair as a chéile

*Úsáid Seirbhísí Iompair Phoiblí á cur chun cinn*

- Le linn 2018, reáchtáladh feachtas teilifíse chun daoine a spreagadh le tabhairt faoi chóir iompair eile seachas an carr ar fud ár ngréasán cathracha agus bailte. Bhí sé bunaithe ar an gcoincheap faoina ndéantar nasc idir daoine agus na rudaí a leagann siad tábhacht orthu, agus ní díreach ar áiteanna amháin

*An Tallann is Fearr a Mhealladh*

- Cuireadh feachtas náisiúnta ar bun chun tiománaithe a earcú, faoinar mealladh breis is 2,000 iarratas agus 42,000+ amas ar an suíomh gréasáin ó thiománaithe bus agus tiománaithe cóiste ar fud na tíre. Bhí sé ina toradh air sin gur tháinig 250 tiománaí nua ag obair le Bus Éireann
- Cuireadh feachtas náisiúnta ar bun chun printísigh a earcú, agus ba dá bharr sin a tháinig an chéad phrintíseach mná ag obair le Bús Éireann i ról innealtóra



# *Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)*

***Infheistíocht in Ionaid Rialaithe i gcomhair an Uathchórais Aimsithe Feithiclí (AVL)***

- Tá sé ríthábhachtach seirbhís bus atá poncúil agus ar féidir brath uirthi a sholáthar dár gcustaiméirí sa chaoi is go n-éireoidh go geal le Bus Éireann
- Le linn 2018, thug Bus Éireann faoi infheistíocht nach beag, os cionn €2m, chun forbairt agus uasghrádú breise a dhéanamh ar na hIonaid Rialaithe AVL ar mhaithe le seirbhís níos fearr a sholáthar dár gcustaiméirí

***Ceardlanna 'Delight the Customer'***

- Ba i bPort Láirge a seoladh cúrsa oiliúna nuálach do na fostaithe go léir maidir le Seirbhís do Chustaiméirí, agus tá sé i gceist é a chur ar bun ar fud na tíre
- Rinneadh infheistíocht leanúnach in oibreacha chun feabhas a chur ar a inrochtana atá na stadanna bus agus na stáisiúin busanna, ar mhaithe le breis seirbhísí a bheith lán-inrochtana
- Bhí ról tábhachtach ag Bus Éireann maidir le tacaíocht a thabhairt don Údarás Náisiúnta Iompair leis an réiteach iompair phoiblí a chur i bhfeidhm i gcomhair chuairt an Phápa in 2019
- Shínigh Bus Éireann conradh nua le Mix Telematics in 2018, a fhágfaidh go leathnófar na córais teileamaitice feithiclí chuig an bhflít go léir i rith 2019
- Cuideoidh an córas seo le feabhas a chur ar eispéireas taistil an chustaiméara trí thacú le tiománaithe chun aistear níos réidhe a dhéanamh, agus tacóidh sé freisin lenár gcuspóirí comhshaoil agus inbhuanaitheachta trí laghdú a dhéanamh ar an méid díosail a úsáidimid

## Inrochtaineacht

*I gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, tá béim mhór fós á leagan ag an gCuideachta ar an leibhéal inrochtaineachta dár gcustaiméirí a fheabhsú.*

***Bonneagar na Stadanna Bus***

Tá Bus Éireann fós ag obair leis an Údarás Náisiúnta Iompair maidir leis an mbonneagar stadanna bus agus chun féachaint céard iad na cineálacha feithiclí is fearr a fheileann do riachtanais éagsúla ár gcustaiméirí go léir.

Ina theannta sin, tá Bus Éireann fós ag obair i ndlúthpháirt leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus le húdaráis áitiúla maidir le stadanna bus nua a dhearadh, a éascóidh dár gcustaiméirí i dtaobh a bheith slán sábháilte agus iad ag dul chomh fada leis an stad bus.



*Inrochtaineacht do Chathaoireacha Rothaí*

I gcás na seirbhísí cathrach agus baile atá á n-oibriú ag Bus Éireann, is busanna ísealurláir, atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí, agus tá lán-rochtain ag na custaiméirí orthu. Tá spás leagtha amach do chathaoir rothaí ar gach bus agus tá rampa comhtháite sa bhus ionas gur féidir le cathaoir rothaí dul suas uirthi. Tugtar tús áite i gcónaí do dhaoine a úsáideann cathaoir rothaí maidir le dul sa spás sin. Is féidir bugaí nó naíchóiste linbh, agus an leanbh ann, a pháirceáil sa spás sainithe sin mura bhfuil cathaoir rothaí ann.

Leanfar ag cur le céatadán foriomlán na bhfeithiclí atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí i bhflít feithiclí Bhus Éireann de réir mar a bheidh infheistíocht á déanamh againn i bhfeithiclí nua. An flít busanna atá i mbun seirbhíse sna cathracha agus sna bailte faoi láthair, oireann sé go hiomlán do chathaoireacha rothaí, agus i gcás an fhlít cóistí atá i mbun seirbhíse ar bhealaí Comaitéireachta agus ar bhealaí Expressway, oireann 78% de na busanna do chathaoireacha rothaí. San iomlán, oireann 86% de na feithiclí i bhflít seirbhíse Bhus Éireann do chathaoireacha rothaí.

Le linn 2018, thug Bus Éireann isteach seirbhís a oireann go hiomlán do chathaoireacha rothaí ar 11 bhealach, agus tá an chuideachta tiomanta i gcónaí do leanúint ar aghaidh ag cur feabhas ar a inrochtana atá na seirbhísí dár gcustaiméirí go léir.

## An Comhchoiste um Iompar, Turasóireacht agus Spórt

*Inrochtaineacht na Seirbhísí Iompair Phoiblí i gcás Daoine faoi Mhíchumas*

Bhí Bus Éireann ag obair i gcomhar leis an gComhchoiste um Iompar, Turasóireacht agus Spórt chun iniúchadh a dhéanamh ar na dúshláin a bhíonn ag daoine faoi mhíchumas maidir le seirbhísí iompair phoiblí a rochtain agus maidir le réitigh bheartais a aithint lena bhféadfaí na dúshláin sin a shárú.

Chuaigh raon leathan páirtithe leasmhara i gcomhairle leis an gCoiste, agus ina measc siúd bhí ionadaithe ó roinnt eagraíochtaí míchumais lena n-áirítear Cónaidhm na hÉireann um Míchumas, Cumann Bodhar na hÉireann, Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann, Comhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill agus Ionchuimsiú Éireann, gníomhaithe míchumais agus daoine a bhaineann úsáid as na seirbhísí iompair. Tháinig ionadaithe ó Bhus Éireann, Bus Átha Cliath, Iarnród Éireann, Transdev agus ó Chomhairle na hÉireann um Thurasóireacht agus Iompar Cóistí os comhair an Choiste freisin agus an t-ábhar seo faoi chaibidil acu, agus bhí an tÚdarás Náisiúnta Míchumais agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair i láthair freisin.

An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt
Department of Transport, Tourism and Sport

## Iompar Scoile

*Tugaimid tús áite do pháistí a iompar go slán sábháilte ar na seirbhísí dár gcuid.*

Feidhmíonn Bus Éireann an Scéim Iompair Scoile thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna agus bhíomar ag obair i ndlúthpháirt leis an Roinn ar feadh na bliana 2018 chun féachaint chuige go mbeidh na seirbhísí iompair scoile a sholáthraímid faoi Scéim Iompair Scoile na Roinne fós á gcur ar fáil thar ceann an Stáit ar bhealach atá éifeachtúil agus éifeachtach ó thaobh costais.

*Oibríochtaí*

- Taistealaíonn breis is 117,800 páiste ar bheagnach 7,000 bealach scoile chuig thart ar 3,000 scoil ar fud na tíre gach lá scoile
- San áireamh ansin tá beagnach 13,400 páiste ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais, a gcuirimid seirbhísí ar fáil dóibh a bhíonn dírithe ar fhreastal ar a gcuid riachtanas aonair féin
- Cuireadh breis is 41 milliún aistear ar bun faoin scéim iompair scoile in 2018

Rinneadh na haistir sin go sábháilte, éifeachtúil, a bhuí leis an bhfoireann iompair scoile a bhíonn ag obair ar fud na tíre, dream atá tiomanta don obair a dhéanann siad agus a bhfuil an-taithí acu uirthi

*Borradh faoin Scéim*

- D'fhaomh an Roinn Oideachais agus Scileanna breis agus 425 seirbhís nua in 2018 agus ceadaíodh 1,120 leasú breise ar na seirbhísí, lena n-áirítear uasghrádú a dhéanamh ar fheithiclí, aistir bhreise agus síneadh a chur le bealaí atá ann cheana
- Cuireadh tús le formhór mór na seirbhísí nua sin chun freastal ar an méadú ar an éileamh i dtaobh iompar páistí ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais


ÉALÚ- EMERGENCY EXIT
Bus Éireann
TS 20

# Tugaimid tús áite do pháistí a iompar go slán sábháilte ar na busanna dár gcuid



# *Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)*

### *Sábháilteacht*

Is é sábháilteacht na bpáistí scoile a bhíonn ag taisteal ar na seirbhísí iompair scoile an tosaíocht is mó atá againn i gcónaí.

- Is léir arís eile go bhfuil teist sábháilteachta mhaith againn ón laghdú a tháinig ar líon na dtuairteanna agus na dtimpistí a tharla do phaisinéirí in 2018
- Lean Bus Éireann, an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre ar aghaidh ag obair i gcomhar lena chéile in 2018 lena chinntiú go mbeidh an tsábháilteacht fós ina príomhthosaíocht i bhfeidhmiú na Scéime Iompair Scoile
- Bhíomar ag díriú go mór freisin in 2018 ar an tsábháilteacht ar bhusanna scoile a cur chun cinn agus teachtaireachtaí tábhachtacha a chur in iúl do pháistí scoile

D'fhreastail Bus Éireann ar roinnt imeachtaí sábháilteachta i rith na bliana lena n-áirítear na tionscnaimh "Keep Safe" i gcomhar leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, amhail an t-imeacht a tionóladh i mBéal an Átha i mí na Bealtaine 2018. Tháinig aiseolas an-dearfach chugainn ó na scoileanna a ghlac páirt san imeacht agus dúirt múinteoirí *"ba dheis iontach é an t-imeacht do na páistí chun rudaí a d'fhéadfadh a tharlú i ndáiríre a fheiceáil ag tarlú i dtimpeallacht shábháilte – imeacht idirghníomhach a bhí ann agus bhí na páistí gafa go mór leis. Thug na gníomhaireachtaí láithreoireachtaí an-ghairmiúla, agus níl aon amhras orm ach go gcuideoidh siad leis na páistí aird níos fearr a thabhairt ar an tsábháilteacht."*

### *Cosaint Leanaí*

Ag teacht le ceanglais an Achta um Thús Áite do Leanaí, 2015, tá Ráiteas um Chosaint Leanaí foilsithe ag Bus Éireann agus rinneamar Measúnú Riosca chun aghaidh a thabhairt ar aon rud a d'fhéadfadh na páistí a chur i mbaol agus iad faoinár gcúram. In 2018 freisin, rinneamar athbhreithniú ar an leabhrán dar gcuid ina leagtar síos an Beartas um Chosaint Leanaí, ina sonraítear na príomhphrionsabail a bhaineann le cosaint leanaí san eagraíocht seo. Tá sonraí ann faoi ráiteas beartais Bhus Éireann agus faoinár gcód iompair, agus leagtar amach ann nósanna imeachta a leanfaidh ár mbaill foirne agus iad ag déileáil le haon ábhar imní a bhaineann le cosaint leanaí.

Scaipeadh an leabhrán um chosaint leanaí ar fhoireann uile Bhus Éireann, ar na conraitheoirí Iompair Scoile agus ar a dtiománaithe, agus cuireann sé le sábháilteacht agus le leas na bpáistí a iompraímid.

### *Grinnfhiosrú*

I mí Eanáir 2018, sheol Bus Éireann Córas Grinnfhiosrúcháin nua ar líne chun próiseas iarratais áisiúil, atá struchtúrtha agus simplí, a chur ar fáil do na daoine uile a bhfuil baint acu le hoibriú laethúil ár seirbhísí iompair scoile.

Faoin gcóras sin, úsáidtear sonraí leictreonacha chun faisnéis faoin iarratasóir a aistriú chuig córas ar líne Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána. Comhlánaíonn sé ceanglais an Achta um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012-2016, agus soláthraíonn sé stádas beo éifeachtúil ar mhaithe le gach iarratasóir i mBus Éireann, ar fud na tíre.

Déanann an Córas Grinnfhiosrúcháin ar líne uathoibriú ar ghiniúint comhfhreagrais d'iarratasóirí agus, nuair is cuí, cuireann sé an Cód Iompair agus an Beartas um Chosaint Leanaí i gceangal leis an mír chomhfhreagrais.

In 2018, phróiseáil agus cheadaigh oifig grinnfhiosrúcháin Bhus Éireann breis agus 1,600 tiománaí agus conraitheoir a bhíonn ag plé leis an iompar scoile, agus is ar bhealach éifeachtúil tráthúil a rinne sí é sin, chun riachtanais na n-oibríochtaí iompair scoile a chomhlíonadh.

### *Riachtanais Éagsúla in 2018 – Clár mhí Iúil a Sholáthar*

I gcás líon mór scoileanna do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, cuirtear seirbhísí ar fáil dóibh i rith an tsamhraidh, tráth a mbíonn scoileanna eile dúnta. I gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, baineann beagnach an ceathrú cuid de na páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu leas as seirbhísí iompair scoile sa tréimhse sin.

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

### *Seirbhís Tointeála*

Tar éis an damáiste a rinneadh thar oíche mar gheall ar dhóiteán a tharla i Meánscoil Louis i nDún Dealgan i mí na Bealtaine 2018, chomhordaigh Bus Éireann plean, i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus le daoine d'fhoireann na scoile, chun seirbhísí iompar a sholáthar do na daltaí chomh fada le hInstitiúid Teicneolaíocht Dhún Dealgán, a thairg áiseanna malartacha don scoil lena n-úsáid mar sheomraí ranga.

Cuireadh an plean sin i bhfeidhm ar ghearrfhógra a bhuí leis an gcomhoibriú ó fhoireann Bhus Éireann i nDún Dealgán agus ó na conraitheoirí, a bhí ag obair i ndlúthpháirt le baill foirne na scoile lena chinntiú go gcuirfí isteach a laghad a d'fhéadfaí ar na scoláirí a bhí buailte.

*An Dara Rabhadh Dearg Aimsire don Tír*

Sna sála ar an ngaoth mhór a tháinig chugainn le 'Stoirm Ophelia' in 2017, thit múrtha móra sneachta le linn 'Stoirm Emma' i mí Feabhra 2018, tráth a d'eisigh Met Éireann rabhadh aimsire dearg eile.

Cuireadh an beartas 'Ciallaíonn Dearg Stop' atá againn i leith seirbhísí iompair scoile sa chás sin in iúl go forleathan roimh ré do na páirtithe leasmhara go léir (scoileanna, tuismitheoirí, comhlachtaí bainistíochta, Ranna Rialtais agus oifigí iompair scoile) agus d'éirigh go geal leis i gcúinsí an-dúshlánach. Soláthraíodh teachtaireachtaí an-soiléir faoi stádas na seirbhísí iompair scoile roimh an stoirm agus ina diaidh.

*Seirbhís do Chustaiméirí*

I mí Iúil 2018, chuir Bus Éireann córas teileafóin náisiúnta i bhfeidhm do chustaiméirí na n-oifigí iompair scoile chun teacht le buaicshéasúr na n-íocaíochtaí agus na próiseála iarratas.

- Bhí an infheistíocht i gcórais agus sa teicneolaíocht, a faomhadh i gcomhairle leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, dírithe ar eispéireas na gcustaiméirí a fheabhsú i gcás an 75,000 teaghlach a bhíonn páirteach sa scéim iompair scoile
- Fuarthas 35,000 glao le linn na tréimhse sin, agus bhain suas le 50% de na fiosruithe le ticéid agus íocaíochtaí

Rinneadh an clár seirbhíse do chustaiméirí a fhorlíonadh trí chur leis an úsáid a bhaintear as ardáin ghréasáin agus ardáin na meán sóisialta chun teachtaireachtaí tábhachtacha a chur in iúl maidir le spriocdhátaí i leith iarratas agus íocaíochtaí ar an 27 Iúil 2018. Beifear fós ag díriú air sin i bhfeachtais faisnéise feasta lena chinntiú go gcuirfear tuismitheoirí ar an eolas faoi gach spriocdháta tábhachtach.



*Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)*

## Freagracht Shóisialta Chorparáideach

*Toisc gur Cuideachta Leath-Stáit Tráchtála muid, bímid ag plé lena lán páirtithe leasmhara éagsúla agus táimid tiomanta don chaidreamh sin leo a chothú agus a fheabhsú.*

### *An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta*

Ghlac Bus Éireann páirt arís sa Chomórtas Náisiúnta Treabhdóireachta in 2018. Bhí baill foirne ar fud na tíre ina n-ambasadóirí ag an gcomórtas, ag bualadh le daoine den phobal, ag beannú dóibh agus ag caint leo. Chuamar i mbun rannpháirtíocht leis na custaiméirí trí eispéireas na cathaoireach deirge agus sheinn Comhaltas Ceoltóirí Éireann agus Curtis Walsh, ceoltóir óg tréitheach ón tír seo, foinn cheoil dúinn.

### *Movember*

In 2018, chuaigh foireann Bus Éireann i bpáirt leis na MoBros agus na MoSistas eile ar fud an domhain chun airgead a bhailiú ar mhaithe le sláinte na bhfear, agus aird a dhíriú ar an gcúis sin. Feachtas iontach a bhí ann agus ghlac ceannairí agus lucht tiomsaithe airgid páirt ann ar fud na tíre.

In 2018, bhailíomar os cionn €25,000 agus faoi dheireadh an fheachtais bhí muid sa cheathrú háit ar liosta na gcuideachtaí a bhailigh an méid is mó airgid.

### *Go-places*

Mar chuid dár straitéis um Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach agus chun cuidiú le haird a dhíriú ar an Scéim Iompair Scoile, a fheidhmíonn Bus Éireann thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna, reáchtálamar comórtas 'Go-places' atá dírithe ar scoláirí na hIdirbhliana ar fud na tíre. Iarrtar orthu scaoileadh lena gcruthaitheacht agus a gcuid scéalta faoin aistear chun na scoile a insint don saol mór. Chuir a lán scoláirí isteach ar an gcomórtas agus roghnaigh painéal neamhspleách moltóirí buaiteoirí ó gach ceann de na Réigiúin: an tOirthear, an Deisceart agus an tIarthar.

### *Cuairt an Phápa*

Thug an Pápa Proinsias cuairt ar Éirinn i mí Lúnasa i gcomhair Chruinniú Domhanda na dTeaghlach agus chuir Bus Éireann go mór lena ghnáthsheirbhís ar an Domhnach, an 26 Lúnasa, chun freastal ar an imeacht sin. Ar mhaithe le freastal ar an éileamh a rabhthas ag súil leis, d'fheidhmigh Bus Éireann sceideal faoina bhféadfaí breis is dhá oiread an ghnáthlín daoine a iompar an lá sin. Cuireadh níos mó ná 800 aistear ar fáil ar sheirbhísí comaitéireachta agus ar sheirbhísí Expressway, a bhí in ann 30,000 paisinéir a thabhairt go Baile Átha Cliath agus abhaile arís.






Le Caoinchead Maxwell Photography

D'fheidhmigh Bus Éireann sceideal faoina bhféadfaí breis is dhá oiread an ghnáthlín daoine a iompar an lá sin

# *Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)*

### *Stoirm Emma – Rabhadh Aimsire Náisiúnta*

Bhuail Stoirm Emma Éire amach i mí Feabhra 2018. Cuireadh isteach go mór ar sheirbhísí Bhus Éireann agus bhí dhá lá ann nach raibh na seirbhísí bus á rith in aon chor. Le linn na tréimhse adhaimsire sin, d'fhreastail Bus Éireann ar an nGrúpa Náisiúnta um Chomhordú Éigeandála, ionas go bhféadfaí cinntí eolasacha a dhéanamh maidir lenár n-oibríochtaí, agus muid seasta ag féachaint chuige nach gcuirfí ár gcustaiméirí ná an fhoireann i mbaol tráth ar bith.

### *Gradaim*

Cuireadh Bus Éireann ar an ngearrliosta i gcomhair an ghradaim don chumarsáid is fearr i leith an fheachtais #waybetter de chuid Expressway ag Gradaim Lóistíochta agus Iompair na hÉireann (ILTA) in 2018, agus muid féin a thug linn an gradam sin ar an lá. Feachtas digiteach a bhí i gceist, agus é dírithe ar chur le lucht leanúna Expressway ar na meáin shóisialta ó thart timpeall is 6,000 duine go breis is 20,000 duine. Mar chuid den fheachtas, bhí sé i gceist cur go mór leis an lucht leanúna ar Twitter agus ar Instagram.

### *Clú Corparáideach*

Lean Bus Éireann ar aghaidh ag obair leis an Reputations Agency agus ghlac sé páirt i suirbhé RepTrak, ina ndéantar anailís agus rátáil ar Bhus Éireann le hais 100 branda eile in Éirinn.

Bainimid leas as na torthaí ó thuarascáil mhionsonraithe chun réimsí a aithint nach mór dúinn díriú ar iad a fheabhsú.

## Soláthar Seirbhísí

*Feidhmíonn Bus Éireann seirbhísí iompair phoiblí atá sábháilte, iontaofa, áisiúil agus a thugann luach maith ar airgead.*

Le linn 2018, chuir Bus Éireann 67 bus agus cóiste nua leis an bhflít feithiclí, rud a chuir feabhas mór ar an tseirbhís do na custaiméirí ó thaobh cáilíochta agus acmhainneachta.

### *Flít Feithiclí OSP – Conradh Dámhachtana Dírí*

- Chuir Bus Éireann 25 cóiste dhá stór VDL nua ar an mbóthar gar do thús na bliana 2018. Tá 82 suíochán sna cóistí móra sin, agus úsáidtear iad ar bhealaí fada comaitéireachta i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Fágann siad gur féidir cuid mhaith níos mó daoine a iompar ar phríomhbhealaí comaitéireachta
- Chomh maith leis sin, fuair Bus Éireann 25 bus nua dhá stór sa dara leath de 2018, ionas go bhféadfaí níos mó daoine a iompar ar sheirbhísí cathrach i nGaillimh agus i Luimneach. Tá doirse láir ar na busanna nua Volvo Wrights Gemini, rud a fhágann nach dtógann sé an oiread ama ar dhaoine tuirlingt den bhus le linn buaic-uaireanta seirbhíse



- Le linn 2018, chabhraigh innealtóirí Bhus Éireann leis an Údarás Náisiúnta Iompair an cóiste úrnua seo, a bhfuil doirse ísle air, a fhorbairt i gcomhair na seirbhíse iompair phoiblí. Beidh spás ar leith curtha in áirithe do chathaoireacha rothaí sna cóistí nua, a mbeidh teacht air trí rampa is féidir a fhilleadh amach, ag an doras isteach. Dearadh nuálach a bheidh i gceist sa spás i gcomhair cathaoireacha rothaí ionas gur tapa agus gur fusa a bheidh sé an chathaoir rothaí a chuir i bhfostú, rud atá riachtanach sa chaoi is go mbeidh an paisinéir sábháilte nuair a bheidh luas faoin mbus
- Tá suíocháin chompordacha sna coistí do 49 paisinéir, agus tá crios sábhála 3 phointe iontu a théann in oiriúint go huathoibríoch do phaisinéirí cibé cé chomh hard atá siad, chomh maith le córas iomlán aerchóirithe, pointí luchtaithe USB do gach paisinéir, Wi-Fi saor in aisce agus córas CCTV a bhfuil roinnt ceamaraí i gceist leis sa chaoi is go mbeidh na paisinéirí agus na baill foirne go léir slán sábháilte
- Táthar ag súil go bhfaighimid 40 de na cóistí idiruirbeacha ísealurláir sin, atá lán-inrochtana, i lár na bliana 2019

# Rioscaí agus Sábháilteacht

*Déanaimid ár ndícheall a chinntiú go mbíonn cur chuige láidir spriocdhírithe againn sa chuideachta i gcónaí maidir le rioscaí a bhainistiú.*

*Is ar an mbord atá an fhreagracht fhoriomlán as a chinntiú go mbeidh na rioscaí atá ag bagairt ar an gcuideachta i gcomhréir le baint amach a cuid spriocanna straitéiseacha agus leis an luach fadtéarmach do na páirtithe leasmhara.*

Is iad an tsábháilteacht agus an bhainistíocht rioscaí fós an tosaíocht is airde dá bhfuil ag comhaltaí an bhoird agus ag an bhfoireann ardbhainistíochta.

Tá próisis mhionsonraithe, sásraí athbhreithnithe agus córas srianta agus ceartúchán i bhfeidhm chun an dearbhú cáilíochta tráthúil a sholáthar a theastaíonn sa chaoi is go mbeidh an bord agus an fhoireann ardbhainistíochta in ann breithiúnais agus cinntí eolasacha a dhéanamh mar is gá.

Seo a leanas achoimre ar an ngníomhaíocht a rinneadh le linn 2018 maidir le cúrsaí sábháilteachta agus riosca.

### *Sábháilteacht*

- Cheap Bus Éireann Príomhoifigeach Riosca agus Sábháilteachta in 2018, lena chinntiú go mbeidh an tsábháilteacht agus an bhainistíocht riosca seasta chun tosaigh tráth a mbíonn beartais agus nósanna imeachta á bhforbairt againn
- Tá cúrsaí sábháilteachta fós faoi chúram na foirne ardbhainistíochta agus Choiste Sábháilteachta an bhoird
- Tugadh Plean Éigeandála nuashonraithe, leathnaithe isteach le linn na bliana chun feabhas a chur ar an gcumas atá ag Bus Éireann pleanáil i gcomhair cásanna éigeandála, lena n-áirítear imeachtaí adhaimsire, agus freagra a thabhairt orthu
- Tá an plean bunaithe ar an dea-chleachtas san earnáil agus tá sé ag teacht le treoirlínte an Rialtais maidir le hullmhacht i gcomhair éigeandálaí. Tabharfar faoi thionscnaimh bhreise oiliúna agus tástála cáis a bhaineann leis an bPlean in 2019
- Ullmhaíodh agus cuireadh i láthair in 2018 nuashonrú iomlán ar Bheartas Sábháilteachta, Córas Bainistíochta Sábháilteachta agus Ráiteas Sábháilteachta na cuideachta
- Tharla babhta drochaimsire ag tús mhí an Mhárta nuair a bhuail Stoirm Emma an tír seo. De bharr nósanna imeachta freagartha na cuideachta agus an tiomantas den scoth a léirigh na fostaithe, bhíomar in ann féachaint chuige nár tharla aon timpistí tromchúiseacha de bharr na stoirme. Rinneadh cinneadh ar bhonn na sábháilteachta gan aon seirbhísí a rith an tráth ba mheasa a bhí an stoirm
- Ní bhfuair aon phaisinéir, aon fhostaí, na aon tríú páirtí bás i dteagmhas a bhain leis an obair in 2018
- Bhí líon na dtimpistí a tharla do phaisinéirí agus d'fhostaithe in 2018 cuid mhaith ní b'ísle ná líon na bliana 2017, de bharr roinnt tionscnaimh lárnacha sna réimsí sin
- Cé gur tháinig laghdú ar líon na dtuairteanna a raibh baint ag busanna scoile leo i gcomparáid le 2017, tháinig méadú 7% (figiúr coigeartaithe) ar líon na dtuairteanna a tharla do phaisinéirí bóthair, mar gheall ar an méadú mór a tháinig ar líon na dtiománaithe a fostaíodh chun an tseirbhís a leathnú agus cuidiú leis an bplean mórathraithe a chur chun feidhme
- Rinneadh nuashonrú ar an gcóras CRM maidir le tuairisciú ar thimpistí agus ar theagmhais chun anailís bhreise a sholáthar maidir le treochtaí i dtaobh timpistí agus maidir le faisnéis ón gcóras CCTV. Chuidigh sé sin le timpistí a imscrúdú agus le bainistiú na n-éileamh ina ndiaidh
- Leanadh leis an leathnú ar na príomhtháscairí feidhmíochta sábháilteachta nuair a chuireamar leo anailís ar thimpistí a d'fhéadfaí a chosc, ar bhonn áite, agus sonraí tagarmharcála lena gcuirtear torthaí Bhus Éireann i gcomparáid le torthaí de chuid oibreoirí eile faoin tionscnamh idirnáisiúnta 'Busmark'

### *Rioscaí*

- Tugadh Creat Bainistíochta Riosca leathnaithe isteach i mBus Éireann, atá i gcomhréir le forálacha ISO 31000: 2018 agus a chomhlíonann ceanglais na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, na Treorach um Bainistíocht Riosca do Ranna agus Oifigí Rialtais agus an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

*Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)*

## Bainistíocht fuinnimh


*Tá 43% de na feithiclí i bhflít Bhus Éireann ag cloí anois leis an gcaighdeán astaíochtaí Euro VI i leith innill níos glaine.*

Tá an bord agus an fhoireann ardbhainistíochta fós ag díriú go tréan ar bhainistíocht fuinnimh agus ar inbhuanaitheacht breosla, agus tugaimid an-aird ar chuspóirí agus spriocanna an rialtais maidir leis na réimsí sin.

Seo a leanas achoimre ghairid ar an ngníomhaíocht ina leith sin le linn 2018 agus ag tús 2019.

- Síníodh conradh le comhairleoir éifeachtúlachta fuinnimh atá ag glacadh páirt i scéim éifeachtúlachta an Rialtais. Fágfaidh sé sin gur féidir díriú isteach in 2019 ar ár gcórais bainistíochta fuinnimh a fheabhsú agus ar spriocanna laghdaithe fuinnimh a bhaint amach, gan aon chostas a bheith i gceist
- Éascaíodh do chur i bhfeidhm an chórais teileamaitice ar an bhflít nuair a síníodh conradh leis an rogha soláthraí in 2018. Fágann an córas sin gur fearr an aird a bhíonn ag na tiománaithe ar a bhfeidhmíocht tiomána, agus ar an tionchar a bhíonn ag an tiomáint ar ídiú breosla agus ar shábháilteacht na bpaisinéirí
- Ainmníodh ball den fhoireann ardcheannaireachta ina Oifigeach Feidhmíochta Fuinnimh le Bus Éireann. Ag teacht le Straitéis Éifeachtúlachta Fuinnimh na hEarnála Poiblí, tá an té sin freagrach as bainistíocht agus feidhmíocht fuinnimh
- Ghlac Bus Éireann páirt i dtriail mhórscála a baineadh as breoslaí malartacha sa cheathrú ráithe de 2018, faoi stiúir na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Baineadh úsáid as áiseanna Bhus Éireann ag an gCloch Leathan i mBaile Átha Cliath agus i dTobar an Chaipín i gCorcaigh i gcomhair na trialach. Is éard atá i gceist leis an tionscnamh ná monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht agus feidhmíocht astaíochtaí i gcás sé chineál éagsúla feithicle, agus leanfar ar aghaidh leis in 2019. Is é is aidhm leis bonn eolais a chur faoi bheartas an Rialtais maidir le hinfheistíocht sa fhlít iompair phoiblí
- Tá 43% de na feithiclí i bhflít Bhus Éireann ag cloí anois leis an gcaighdeán astaíochtaí Euro VI i leith innill níos glaine. Cuirfear leis an gcéatadán sin arís in 2019 tráth a bhfuil sé pleanáilte busanna nua a fháil
- D'úsáideamar 289,572 meigeavata fuinnimh san iomlán in 2018, agus is é is cúis leis an ardú sin líon níos mó seirbhísí a bheith á rith in 2018, brú tráchta níos measa agus stailc trí seachtaine a tharla in 2017

Seo a leanas, i meigeavataí, an fuinneamh a d'úsáideamar



## Spriocanna Comhshaoil agus Aeráide

*Chun bainistiú níos fearr a dhéanamh ar ár gcuid oibre agus tosaíocht a thabhairt d'iarrachtaí an sprioc aeráide domhanda a bhaint amach i dtaobh astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin a ísliú, tá na spriocanna seo a leanas sainaitheanta ag Bus Éireann.*

**1. Ó Charr go Bus**

- Dá mhéad daoine a bheidh ag taisteal ar ár gcuid seirbhísí féin, is ea is fearr é don chomhshaol, don gheilleagar agus don tsochaí i gcoitinne
- Is é is dual dár ngnó féin cur le húsáid na seirbhísí iompair phoiblí agus dírímid air sin ar an iomaí leibhéal
- Déanaimid ár gcion trí idirphlé gníomhach leis na páirtithe leasmhara go léir, tráth a molaimid an t-iompar poiblí
- Príomhghné de sin is ea an oiread buntáistí is féidir a bheith ag na paisinéirí a chinneann taisteal ar ár gcuid seirbhísí
- Ina theannta sin, tá sé tábhachtach éifeachtaí dearfacha an taistil ar bhusanna a chur in iúl de réir mar a iompaíonn breis daoine ar an gcóir iompair sin

**2. Busanna Folmha sa Trácht**

- Is coincheap tábhachtach é céatadán na mbusanna folmha sa trácht a laghdú chun pleanáil tráchta chliste a bhaint amach
- Is é an sprioc atá againn an acmhainn a sholáthar chun freastal ar riachtanais na bpaisinéirí
- Tá sé ríthábhachtach freisin ár mbusanna a líonadh le paisinéirí chun astaíochtaí a ísliú agus ár n-acmhainní teoranta a chaomhnú. Gné thábhachtach amháin is ea na sceidil a bharrfheabhsú sa chaoi is nach mbeidh na busanna díomhaoin ná folamh
- Gné eile is ea a phleanáil céard é an fad slí is giorra idir an t-iosta bus agus an chéad stad




# *Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)*

*Na Trialacha ar Bhreosla Malartach atá á ndéanamh ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt*

- Thug an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt cuireadh do Bhus Éireann, do Bhus Átha Cliath agus don Údarás Náisiúnta Iompair páirt a ghlacadh sa phleanáil i dtaobh na dtrialacha atá beartaithe ag an Roinn ar Bhreoslaí Malartacha, agus tacú leo
- Is é is aidhm leis na trialacha sin bonn eolais a chur faoi chinntí beartais amach anseo maidir le teicneolaíochtaí inbhuanaithe i gcomhair gléasraí cumhachta nach ngineann mórán astaíochtaí nó nach ngineann astaíochtaí ar bith a úsáid sna busanna poiblí
- Ó lár 2018 ar aghaidh, bhí foireann bainistíochta na hInnealtóireachta de chuid Bhus Éireann ag obair i ndlúthpháirt leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil chun na trialacha a phleanáil agus a eagrú d'fhonn a mheas cé chomh maith is atá rogha teicneolaíochtaí malartacha cumhachta atá ann cheana agus cinn atá á bhforbairt
- Cuireadh tús leis na trialacha ag deireadh 2018 agus leanfar leo go dtí Aibreán na bliana 2019
- I measc na dteicneolaíochtaí atá i gceist sna trialacha tá roinnt busanna aon stór agus busanna dhá stór a ritheann ar leictreachas amháin, ar chumhacht hibrideach, ar ghás nádúrtha comhbhrúite agus ar chealla breosla hidrigine. Tá siadsan á dtástáil i gcomparáid le teicneolaíochtaí díosail astaíochtaí ísle atá ann cheana
- Tá sé beartaithe ag an Roinn torthaí comparáideacha na trialach a úsáid chun a chinneadh cé na teicneolaíochtaí is fearr lena n-úsáid ar fheithiclí iompair phoiblí amach anseo, sa chaoi is gur féidir linn na spriocanna fuinnimh náisiúnta a bhaint amach faoi 2030

Seo thíos ár n-astaíochtaí carbóin i leith na mblianta 2018 agus 2017, agus iad luaite ina kg $CO_2$

## Astaíochtaí Carbóin 2018 agus 2017










## Nuashonrú Teicneolaíochta 2018

*Cuidíonn an teicneolaíocht nua linn fíor-dheiseanna a spreagadh chun fás a chur chun cinn, cur le héifeachtúlachtaí costais agus athrú ó bhonn a dhéanamh ar an ngnó.*

Lean Bus Éireann ar aghaidh ag cur feabhas ar ghnéithe teicneolaíochta in 2018 ar mhaithe le soláthar seirbhíse feabhsaithe agus eispéireas custaiméirí níos fearr.

I measc na bpríomhthionscnamh ar tugadh fúthu in 2018 bhí:

- I lár 2018, d'éirigh le Bus Éireann, i gcomhar le rannóg teicneolaíochta faisnéise agus teileachumarsáide Ghrúpa CIÉ, aistriú nach beag a thabhairt chun críche nuair a stopadh ag bainistiú na lárionad sonraí agus na seirbhísí bonneagair gaolmhara sa chuideachta féin agus nuair a tosaíodh ar réiteach faoina mbíonn siad á n-óstáil agus á mbainistiú ag an soláthraí seirbhíse Vodafone
- Ba mhórthionscadal bunathraithe TF é sin faoinar aistríodh 100+ freastalaí agus a gcórais ghaolmhara ó dhá ionad sonraí de chuid CIÉ, agus bhí soláthar na seirbhísí bainistithe TF i gceist leis freisin
- Críochnaíodh ag aistriú na bhfreastalaithe sa chéad leath de 2018 gan aon droch-thionchar a imirt ar chúlchórais ná ar chomhéadain na gcustaiméirí. Bhí cur i bhfeidhm na seirbhísí bainistithe TF tugtha chun críche faoi lár 2018 agus rinneadh comhaontuithe cuimsitheacha seirbhísí i leith soláthar seirbhíse chun tacú leo
- Fágann an réiteach nua atá á bhainistiú ag soláthraí seirbhíse go bhfuil sochair bhreise nach beag ann do Bhus Éireann lena n-áirítear cumhdach seirbhíse níos fearr agus amanna freagartha níos giorra, solúbthacht fheabhsaithe maidir le soláthar bonneagair agus cumas níos fearr i dtaobh scála oibríochtaí an ionaid sonraí a chur in oiriúint do na cuspóirí agus na spriocanna gnó

Go luath in 2018, d'éirigh le Bus Éireann tráthchláir HTML a chur i bhfeidhm ar an suíomh gréasáin dár gcuid.

Roimhe sin, níor cuireadh amchláir ar fáil ach i bhformáid PDF ar an suíomh gréasáin, rud a chruthaigh deacrachtaí ó thaobh na hinrochtaineachta de. Leis an uasghrádú sin ar na hamchláir chuig an bhformáid HTML, d'fhéachamar chuige gurbh fhearr i bhfad an rochtain atá ag na custaiméirí ar na tráthchláir anois.

Sa dara leath de 2018, thug Bus Éireann isteach léitheoirí gan tadhall ar roinnt meaisíní díola ticéad. Le tabhairt isteach na gné gan tadhall ar na meaisíní díola ticéad sin, tá na custaiméirí in ann leas a bhaint as cártaí dochair agus cártaí creidmheasa lenar féidir idirbheart gan tabhall a dhéanamh, agus is tapa agus is áisiúla an beart é íoc as na ticéid dá bharr sin. Tá sé i gceist ag Bus Éireann níos mó léitheoirí gan tadhall a chur i bhfeidhm ar mheaisíní díola in 2019 agus beimid ag féachaint ar réitigh maidir le roghanna íocaíochta feabhsaithe ar bhealaí eile chun feabhas eile fós a chur ar eispéireas na gcustaiméirí.

# Tá ról lárnach againn maidir le seirbhísí a sholáthar dár bpobail trínár bhfostaithe, ár gconraitheoirí, ár bpríomhpháirtithe leasmhara agus ár gcomhpháirtíochtaí lárnacha




Bus Éireann
Irizar
Bus Éireann
151-D-29262
SC 338
Transport for Ireland
Kinvara
B&B
Kinvara Guest House
400 ★★★★ B&B
AIRA LODGE

*Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)*

## Comhpháirtíochtaí Lárnacha, an Pobal agus Seirbhís do Chách

*Tá ról lárnach againn maidir le seirbhísí a sholáthar dár bpobail trínár bhfostaithe, ár gconraitheoirí, ár bpríomhpháirtithe leasmhara agus ár gcomhpháirtíochtaí lárnacha.*

### *Comhpháirtíochtaí Trádála agus Comhpháirtíochtaí le Soláthraithe*

Bíonn Bus Éireann ag obair i ndlúthpháirt le roinnt comhpháirtithe, mar atá:

- Seirbhís GoBé – á feidhmiú ag GoBus i gcomhar le Bus Éireann
- Seirbhísí comhroinnte ar bhealaí áirithe trasteorann le Translink/Ulsterbus
- Eurolines agus National Express UK ar sheirbhísí idir Éire agus an Bhreatain
- Seirbhísí bus scoile á bhfeidhmiú thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna
- Ceangal idir seirbhísí nasctha tuaithe agus seirbhísí de chuid Bhus Éireann
- Comhpháirtíocht trasteorann le Wrightbus (An Baile Meánach, Tuaisceart Éireann) a dhéanann busanna dúinn
- Comhpháirtíochtaí Eorpacha le monaróirí bus amhail VDL, Scania agus Volvo

### *Comhpháirtíochtaí maidir le Soláthar Seirbhísí agus TF*

Bíonn Bus Éireann ag obair i ndlúthpháirt lena lán comhpháirtithe, mar atá:

- Oibreoirí a ligeann cóistí príobháideacha ar cíos leis an gcuideachta
- Soláthraithe seirbhísí cothabhála agus athchóirithe
- Comhpháirtíochtaí ar thionscadail TF le Trapeze agus CORE agus le SAP trí mheán CIÉ

### *Comhpháirtíochtaí Pobail agus Comhpháirtíochtaí maidir le hImeachtaí Speisialta*

Bíonn Bus Éireann ag obair i ndlúthpháirt le roinnt grúpaí pobail, mar atá:

- Mí na Ribíní Glasa, feachtais náisiúnta maidir le Feasacht ar Néaltrú, grúpaí úsáideoirí faoi mhíchumas, an feachtas Movember
- Seirbhísí páirceála agus taistil i gcathair Chorcaí
- An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta agus busanna tointeála chuig ceolchoirmeacha, agus Cuairt an Phápa

### *Comhpháirtíochtaí Rialála agus Sábháilteachta*

Bíonn Bus Éireann ag obair i ndlúthpháirt leis na dreamanna seo a leanas lena chinntiú go mbeidh na haistir linn slán sábháilte:

- An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, Tusla, An Garda Síochána
- An tÚdarás Náisiúnta Iompair, SEAI
- An Cumann Iompair Lastais (FTA)

### *Comhpháirtíochtaí Foirne*

- Rannpháirtíocht leis an bhfoireann trí roinnt fóram éagsúil



## Ár bhFostaithe

*Is iad ár bhfostaithe an acmhainn is tábhachtaí dár gcuid ó thaobh réitigh inbhuanaithe iompair phoiblí a fhorbairt.*

Is gnó atá bunaithe ar na daoine é Bus Éireann thar aon rud eile, agus mar sin ní ionadh é gurb iad na daoine a bhí i gcroílár an mhórathraithe ar Bhus Éireann in 2018. Ní mór dul i ngleic le cultúr na heagraíochta chun athrú ó bhonn a bhaint amach, agus réitíodh i gcomhair an chultúir nua sin in 2018.

Cuid thábhachtach den réiteach arbh ea é breis is 60 leasú a chur i bhfeidhm ar na cleachtais oibre ar bhonn mholadh na Cúirte Oibreachais in 2017. D'fhág na hathchóirithe sin gur baineadh amach feidhmíocht agus éifeachtúlacht oibríochtúil a chuir ar chumas an ghnólachta teacht slán agus, thairis sin, cur chuige an-eagraithe a ghlacadh maidir le téarnamh. San áireamh leo bhí réimsí amhail róil athbhreithnithe, scálaí pá nua nó reo pá, agus athruithe ar uainchláir, ar dhualgais agus ar uainíocht foirne, agus chuaigh siad i bhfeidhm ar gach duine ar fud na heagraíochta. D'fhág an t-athchóiriú freisin gur thapaigh breis agus 200 duine an deis Bus Éireann a fhágáil trí chlár téarfa dheonaigh.

Cé go raibh na hathchóirithe sin ina mbonn don athstruchtúrú ar chostais an phárolla, rud nach raibh éasca a dhéanamh, leanadh ar aghaidh an tráth céanna le raon tionscnamh nó tosaíodh ar chinn nua lena chinntiú go bhfuil na daoine cearta ag obair linn, agus go bhfuil an cumas ceart acu freastal ar ár gcustaiméirí.

### Oiliúint don Am atá Romhainn – Clár Printíseachta Bhus Éireann

Tá traidisiún seanbhunaithe ag Bus Éireann maidir le printísigh a fhorbairt chun glacadh le róil inár gcuid feidhmeanna Innealtóireachta agus Cothabhála. Is léiriú iad Stephen O'Regan, Adrian Larkin agus Kevin O'Donnell, ar saoistí garáiste iad, ar an gcéim mhór chun cinn i dtaobh gairme is féidir a thógáil de bharr chlár printísigh Bhus Éireann, agus in 2018 chríochnaigh seisear printíseach a bprintíseachtaí linn agus chuaigh siad i mbun oibre mar oibrithe ceardaíochta.

***"Is áit iontach é Bus Éireann chun mo ghairm theicniúil a chur chun cinn".***

*Stephen O'Regan.*

Leanadh ar aghaidh leis an gclár oiliúna do phrintísigh in 2018 agus earcaíodh 22 iarrthóir ar fud ionaid chothabhála Bhus Éireann, a bhfuil 18 gcinn díobh ann san iomlán. Is é sin an líon is mó printíseach a thosaigh linn riamh in aon bhliain amháin ó bunaíodh an chuideachta.

Tabharfaidh gach printíseach faoi chlár oiliúna ceithre bliana, a chuireann Bus Éireann ar bun i gcomhar le SOLAS. Seacht gcéim atá sa chlár oiliúna do phrintísigh, trí chéim lasmuigh den láthair oibre agus ceithre cinn ag an láthair oibre. San iomlán, cuirfidh ár bprintísigh i gcrích 208 seachtain oiliúna agus bronnfar Sainteastas Leibhéal 6 (Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann nó QQI) orthu sa Mheicnic Feithiclí Troma.

Bhí cúis cheiliúrtha eile againn in 2018 – earcaíodh an chéad phrintíseach mná ina Meicneoir Feithiclí Troma chuig an gclár oiliúna atá á rith againn. Tá Samantha Kao ag obair san iosta sa Chloch Leathan anois agus is mór an díograis atá aici i leith an róil.

***"Ní raibh uaim riamh anall ach an obair seo a dhéanamh agus tá ríméad an domhain orm go bhfuil Bus Éireann ag cuidiú liom".***

*Samantha Kao.*



# *Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)*

## Deiseanna atá ann Anois

Tagann roinnt deiseanna chun cinn i gcaitheamh na bliana sa chaoi is gur féidir lenár bhfostaithe dul chun cinn a dhéanamh ina gcuid gairmeacha. In 2018 tugadh ardú céime do thart ar 40 tiománaí nuair a ceapadh ina maoirseoirí iad, agus tugadh ardú céime do 20 meicneoir sna conairí gairme innealtóireachta. Bhí deiseanna ag na baill foirne oifige freisin ardú céime a fháil ina gcuid ról cléireachais agus feidhmiúcháin. I gcás a lán de na céimeanna gairme sin, tacaíodh leo trí scéim Duaiscéim Bhus Éireann, faoina dtacaítear le fostaithe agus cúrsaí ábhartha á ndéanamh acu, amhail an Teastas Inniúlachta Gairmiúla sa Bhainistíocht Iompair, cáilíocht a bhíonn de dhíth orthu siúd ar mian leo cur isteach ar ról maoirseora.

*"D'fhéach mé chuige go raibh an Teastas Inniúlachta Gairmiúla sa Bhainistíocht Iompair (CPC) bainte amach agam, agus bhí mé réidh chun mo dheis a thapú".*

*Peter Doyle, tiománaí a ceapadh ina mhaoirseoir.*

Is léir gur áit oibre mhealltach do thiománaithe é Bus Éireann: chuaigh an feachtas earcaíochta náisiúnta do thiománaithe i gcion go mór ar dhaoine agus mheall sé breis is 2,000 iarratas ó thiománaithe bus agus tiománaithe cóiste ar fud na tíre. D'éirigh le 200 tiománaí a chuir iarratais isteach agus tháinig siadsan ag obair le Bus Éireann i rith na bliana 2018 chun tacú leis an raon mór feabhsuithe seirbhíse atá á gcur i bhfeidhm againn. Cuirtear oiliúint chuimsitheach ionduchtúcháin ar na tiománaithe, mar aon le hoiliúint i dtaobh eolas ar na bealaí, sula dtosaíonn siad ag obair.

## Éagsúlacht agus Cuimsiú

D'fhreastail Joanne Duffy, Bainisteoir Seirbhísí, ar an gcomhdháil a d'eagraigh an Coimisiún Eorpach *How to attract women to the transportation sector* mar aon le soláthraithe iompair eile san Eoraip. Cuideoidh an fhaisnéis ón gcomhdháil linn cruth a chur ar straitéis éagsúlachta Bhus Éireann in 2019, go háirithe maidir le conas is féidir linn breis tiománaithe mná a earcú. Tá áthas ar Bhus Éireann a bheith ina bhall den eagraíocht *Club 30%* atá tiomanta don chothromaíocht inscne a chur chun cinn ar gach leibhéal in earnáil an ghnó, agus ina bhall de Chairt Éagsúlachta na hÉireann. Faoi láthair is mná iad thart ar 30% d'fhoireann ceannaireachta an Phríomhfheidhmeannaigh agus 32% den fhoireann bainistíochta. Lean Bus Éireann ar aghaidh ag tacú leis an bhfeachtas 'Diúltaigh don Chiníochas' (*Say No to Racism*) a seoladh ar fud an ghréasáin iompair phoiblí in 2018 le tacaíocht ón gComhairle um Inimircigh in Éirinn, ón Údarás Náisiúnta Iompair, agus ó sholáthraithe iompair eile.



## Aitheantas don Obair Bhreise a dhéanann Fostaithe

Toisc gur gnó muid a leagann tábhacht mhór ar dhaoine, is cuid thábhachtach de chultúr na heagraíochta é a chinntiú go dtugtar aitheantas do na fostaithe nuair a dhéanann siad iarracht thar na bearta. In 2018 seoladh na gradaim GEM (Go the Extra Mile) de chuid Bhus Éireann chun aitheantas a thabhairt d'fhostaithe, agus cuireadh imeachtaí réigiúnacha ar siúl i nGaillimh, i gCorcaigh agus i mBaile Átha Cliath ag ar fógraíodh breis is 35 buaiteoir i gcatagóirí éagsúla. Reáchtáladh imeacht náisiúnta chun na gradaim a bhronnadh i bPáirc an Chrócaigh i mí na Nollag agus tugadh aitheantas d'aon duine dhéag de bhuaiteoirí ar an leibhéal náisiúnta as a n-éachtaí den scoth i gcatagóirí amhail Tiománaí Paisinéirí Bóthair, Tiománaí Bus Scoile, Sábháilteacht, Printíseach agus Laoch. Bhí daoine muinteartha leis na buaiteoirí ina gcuideachta ag gach imeacht. Creidimid go gcuireann siadsan go mór leis an rath atá ar Bhus Éireann freisin trína gcuid tacaíochta. Tá pleananna i bhfeidhm anois chun na gradaim GEM a leathnú amach in 2019.



*"Is é an rud is mó a thaitníonn liom faoi mo phost ná a bheith ag obair leis na páistí agus féachaint chuige go sroicheann siad an scoil slán sábháilte gach uile lá".*

*Sean White, tiománaí páirtaimseartha bus scoile.*




**Ar Mhaithe leis an bPobal**

Toisc gur eagraíocht seirbhíse muid, ní ionadh ar bith é go bhfuil ár bhfoireann tiomanta do rud éigin a dhéanamh ar mhaithe leis an bpobal ar a bhfreastalaíonn siad. Lean Bus Éireann ar aghaidh ag obair le Mí an Ribín Ghlais agus le 'Sea Change', comhpháirtíocht náisiúnta ina bhfuil breis is 70 eagraíocht a bhíonn ag obair lena chéile chun an stiogma a bhaineann le fadhbanna meabhairshláinte a laghdú agus chun aird a dhíriú ar an leithcheal a ghabhann leis na fadhbanna sin. Ina theannta sin, tá Bus Éireann fós páirteach san Fheachtas Náisiúnta maidir le Feasacht ar Néaltrú.

I mí na Samhna, chuaigh foireann Bus Éireann i bpáirt leis na MoBros agus na MoSistas eile ar fud an domhain mar chuid den fheachtas Movember chun airgead a bhailiú ar mhaithe le sláinte na bhfear agus aird a dhíriú ar an gcúis sin. Ghlac daoine ar fud ár n-eagraíochta páirt trí fhéasóg a ligean orthu féin, sprioc aclaíochta a leagan síos dóibh féin nó díreach airgead a bhailiú. Bailíodh beagnach €26,000, éacht a d'fhág go raibh Bus Éireann sa cheathrú háit ar liosta na gcuideachtaí Éireannacha a bhailigh airgead don fheachtas Movember. Chun béim eile fós a chur ar shláinte na bhfear, thug gairmithe sláinte cainteanna réigiúnacha faoin meabhairshláinte agus faoin bhfolláine.

Bhí áthas ar Bhus Éireann tacú le hAchainí Bhliantúil na mBréagán de chuid Ospidéal Shráid Temple in 2018. Ach bréagáin a thabhairt don ospidéal, is furasta dul i bhfeidhm i ndáiríre ar shaol na n-othar agus bíonn lúcháir ar na páistí aimsir na Nollag dá bharr. Thug fostaithe bréagáin nua chuig a n-oifig áitiúil agus rinneadh socruithe chun iad a chur ar charr sleamhnáin speisialta Bhus Éireann, a d'fhág Busáras roimh an Nollaig.




*"Tá an-áthas orm go mbímid ag tacú leis na páistí in Ospidéal Shráid Temple, go háirithe aimsir na Nollag".*

*Suzanne McGilloway.*




A1 Talamh na
www.buseireann.ie
BUS
Bus Éireann
VWL308
Bus Éireann

# Brabús €1.6 milliún a rinne an Chuideachta in 2018 roimh chostais eisceachtúla



*Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)*

## Athbhreithniú Airgeadais Feidhmiúcháin

**Brabús €1.6 milliún a rinne an Chuideachta in 2018 roimh chostais eisceachtúla.**

Thuairiscigh Bus Éireann caillteanas €6.4m i leith 2018 (brabús €1.6m roimh mhíreanna eisceachtúla). I gcomparáid leis sin, caillteanas €23.7m a rinneadh in 2017 (€7.2m roimh mhíreanna eisceachtúla). I measc na míreanna eisceachtúla in 2018 bhí aisíocaíocht €6.7m ar chúlchiste a shealbhaíonn an Chuideachta thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna lena chaitheamh ar Iompar Scoile amháin. B'ionann an Tuilleamh roimh Ús, Cánacha, Dímheas agus Amúchadh (TRÚCDA) agus €9.7m, i gcomparáid le €2.9 in 2017. B'ionann costais an phárolla agus na costais ghaolmhara agus €129.1m in 2018 agus 2,562 duine ar an meán a bhí fostaithe. I gcomparáid leis sin, costais €125.6m a bhí i gceist in 2017, agus 2,530 duine ar an meán a bhí fostaithe.

Rinneadh 83.6m aistear paisinéirí san iomlán in 2018, sin ardú 6.3% i gcomparáid le 78.6m aistear in 2017. Tháinig méadú ar an ioncam oibriúcháin roimh an bhfóirdheontas go €337.6m ó €309.3m in 2017. Chabhraigh staid ioncaim fheabhsaithe, mar aon le béim leanúnach ar éifeachtúlachtaí, leis an mbrabús €1.6m roimh mhíreanna eisceachtúla i leith na bliana 2018 a bhaint amach (€0.5m i leith Seirbhísí OSP agus €1.1m i leith Seirbhísí Tráchtála agus Scoileanna). Tháinig méadú ar an ioncam ó phaisinéirí bóthair ó €112.8m in 2017 go €121.8m in 2018 (gan an ranníocaíocht ón Roinn Coimirce Sóisialta san áireamh). Tháinig méadú 14% ar líon na n-aistear paisinéirí sna cathracha, ó €20.2m in 2017 go €23.0m, agus tháinig méadú 8% ar sheirbhísí eile, go €19.1m.

Tar éis athchaipitliú a dhéanamh, tá clár comhardaithe neartaithe ag Bus Éireann, agus staid ghlansócmhainní mhéadaithe €13.7m a bhí aige amhail an 31 Nollaig 2018. I gcomparáid leis sin, staid ghlandliteanais €16.9m a bhí i gceist in 2017. Tá glansócmhainní reatha dar luach €28.9m ag an gCuideachta (glandliteanas reatha €0.1m in 2017). Ina theannta sin, aisíocadh €6.7m ó na cúlchistí in 2018 leis an Roinn Oideachais agus Scileanna. Rinneadh an t-athchaipitliú €37.0m trí mheán 29.1m scair údaraithe nua ar €1.269738 an ceann. Leis an athchaipitliú sin, táimid á chinntiú go gcomhlíonfaidh an Chuideachta an riachtanas cúlchiste maidir le hiarratas a dhéanamh ar cheadúnas oibreora, móide suim theagmhasach bhreise €6.0m.

Faoi Chlár Bhus Éireann maidir le hathrú ó bhonn 2017/2019, tá sé i gceist againn a chinntiú go mbeidh an chuideachta inbhuanaithe feasta. Faoin gclár, beidh sé shruth oibre ag gabháil do thionscnaimh chostéifeachtúlachta agus tionscnaimh giniúna ioncaim a bhfuil sprioc €29.6m leagtha síos ina leith, agus tá spriocthoradh idir €3m agus €4m leagtha síos i leith bhunlíne na bliana 2019. Faoi dheireadh 2018, spáráladh €18.8m san iomlán. Gné ríthábhachtach den chlár giniúna ioncaim arbh ea an comhaontú leis an Roinn Coimirce Sóisialaí maidir le cistiú cuí a dhéanamh ar aistir faoi choimirce na Roinne sin ar sheirbhísí Expressway in 2018.

Rinneadh athbhreithniú agus barrfheabhsú ar uainchláir na dtiománaithe, agus dá bhrí sin baineadh amach éifeachtúlachtaí costais agus éifeachtúlachtaí oibre ó mhí Eanáir 2018 ar aghaidh. D'fhág ganntanas tiománaí agus asláithreacht i measc na dtiománaithe gurbh éigean tuilleadh busanna a fháil ar cíos, rud a chuaigh i bhfeidhm ar an mbunlíne fhoriomlán in 2018.

Sonraítear i gcuntas brabúis agus caillteanais na bliana 2018 go bhfuarthas cistiú €52.8m i leith na hoibleagáide seirbhíse poiblí i rith na bliana sin. Is méadú €5.1m é sin ar an gcistiú i gcomparáid leis an mbliain 2017. Léiríonn an méadú sin ar an gcistiú le hais na bliana roimhe sin an feabhas breise a cuireadh ar na seirbhísí ar 24 bealach OSP in 2018, agus cistiú na bliana iomláine i leith 13 bhealach eile ar cuireadh feabhas ar na seirbhísí orthu in 2017, lena n-áirítear feabhas mór ar na seirbhísí ar an gconair bhus idir Ceanannas agus Baile Átha Cliath (109/NX). Sonraítear i gcuntas brabúis agus caillteanais na bliana 2018 go bhfuarthas cistiú €185.2m i leith Seirbhísí Iompair Scoile a sholáthar i rith na bliana, sin méadú €11.1m i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Is é is mó is cúis leis an méadú sin ná an t-ardú a tháinig ar líon na bpáistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus a bhaineann úsáid as na seirbhísí iompair scoile.

Is léir an feabhas atá tagtha ar staid airgeadais na cuideachta agus ar a seasamh ó thaobh na hiomaíochta sa mhéid seo a leanas:

- Bhronn an tÚdarás Náisiúnta Iompair conradh dámhachtana dírí do sheirbhísí OSP ar Bhus Éireann i leith na tréimhse 2020/2024
- Bhuaigh Bus Éireann an tairiscint phoiblí um Oscailt an Mhargaidh Bus do sheirbhísí OSP chathair Phort Láirge in 2018
- Tá Expressway tar éis teacht chuige féin ón gcaillteanas airgid a bhíodh á dhéanamh aige, agus rinne sé brabús beag in 2018

## Caiteachas

Tá dúshlán mór i gceist go fóill leis an margadh ina bhfeidhmíonn Bus Éireann.

Imríodh tionchar mór orainn de bharr rátaí asláithreachta agus de bharr an éilimh mhéadaithe ar sheirbhísí le linn na mbuaicthréimhsí, agus b'éigean dúinn níos mó airgid a chaitheamh ar bhusanna a fháil ar cíos. Tá an lucht bainistíochta fós ar a ndícheall ag triail laghdú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as busanna ar cíos ar fud na heagraíochta.

## Costais Bhreosla

Tháinig méadú ar chostas an bhreosla in 2018: €29.8m a caitheadh air i gcomparáid le €27.1m in 2017, toisc gur spáráladh airgid le linn na stailce in 2017. Tá spáráil costais i gceist in 2018, áfach, a bhuí le praghsanna breosla níos ísle den chuid is mó, mar aon le bearta éifeachtúla fálaithe a cuireadh i bhfeidhm.

## Costais na gConraitheoirí

Is mór an costas ar an gcuideachta iad na conraitheoirí. Is iad na conraitheoirí scoile an costas is airde agus ina ndiaidh sin tagann an cíos ar bhusanna do phaisinéirí chun tacú leis an éileamh le linn buaicthréimhsí.

Áirítear le costas na gconraitheoirí freisin costais chothabhála tríú páirtí le haghaidh busanna a chuirtear chuig tríú páirtithe le haghaidh athchóiriú agus cothabháil a dhéanamh orthu.

Ba é €165.1m (2017: €147.6m) an costas iomlán i leith conraitheoirí do 2018.

## Éilimh

Costas suntasach ar an gcuideachta go fóill is ea na héilimh ó thríú páirtithe agus tá na stiúrthóirí agus an fhoireann ardbhainistíochta an-aireach ar na treochtaí i leith dámhachtainí cúirte maidir le héilimh agus socrú éileamh. Is seirbhís é riar agus socrú na n-éileamh atá á bainistiú ag oifig éileamh CIÉ thar ceann na cuideachta.

Tabhaíodh costais €5.6m i leith 2018 (2017: €5.7m).

## Infheistíocht sa Fhlít Feithiclí OSP


Is é an tÚdarás Náisiúnta Iompair a dhéanann cistiú ar iomlán na hinfheistíochta sa fhlít feithiclí.

Tá dúshláin romhainn fós maidir leis an toradh is féidir a bhaint amach sa chuid tráchtála den ghnó i dtéarmaí mórleibhéal infheistíochta sa fhlít feithiclí a chosaint. In ainneoin sin, is maith mar is eol don lucht bainistíochta nach mór infheistíocht bhreise a dhéanamh, agus gur gá airgead a bheith ar fáil chun infheistíocht den sórt sin a chistiú ach cás gnó cuí a bheith ann i dtaobh na hinfheistíochta.

Ba é an infheistíocht iomlán sa fhlít feithiclí in 2018 ná €24.1m (2017: €31.5m).

## Ranníocaíocht don Státchiste maidir le Cánacha a Bailíodh

Chuir an Chuideachta €58.1m leis an Státchiste in 2018 (2017: €54.7m) trí mheán cánacha párolla, CBL, CBL neamh-in-aisghabhála, dleachtanna custaim agus máil agus cánacha eile.



*Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)*

## Costais Eisceachtúla

Cuimsítear sna costais eisceachtúla go príomha na costais téarfa agus aisíocaíocht iomlán ar chúlchiste na Scoileanna a dhéanamh leis an Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le seirbhísí bus scoile.

B'ionann na glanchostais eisceachtúla i leith 2018 agus €7.9m (2017: €16.5m).

## Tuilleamh roimh Ús, Cánacha, Dímheas, Amúchadh agus Costais Eisceachtúla (TRÚCDA)

Tháinig feabhas mór ar an bhfeidhmíocht faoin gceannteideal seo i rith 2018.

B'ionann TRÚCDA na bliana 2018 agus €9.7m (2017: €2.9m).

## Méadú ar an Scairchaipiteal Eisithe

Tugadh chun críche próiseas fairsing teagmhála le príomhpháirtithe leasmhara mar CIÉ, an tÚdarás Náisiúnta Iompair agus an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt i rith na bliana, as ar eascair athchaipitliú ar an gclár comhardaithe. Cuireadh €37m leis an scairchaipiteal eisithe i rith na bliana. Ba é €66.2m an scairchaipiteal eisithe ag deireadh na bliana i leith 2018, agus €29.2m a bhí ann i leith in 2017.

Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil dúshlán fós ag baint le staid na nglansócmhainní mar gheall ar chaillteanais charnacha a tabhaíodh sna blianta roimhe seo, ach tá an figiúr i leith TRÚCDA fós ag feabhsú, mar a luaitear thuas. Nuair a eisítear míreanna neamhairgid ón gclár comhardaithe mar atá leagtha síos sa rannóg thíos ina ndéantar athbhreithniú ar an gclár comhardaithe, is fearr i bhfad an riocht ina bhfuil an clár comhardaithe.

## Dúshlán an Bhreatimeachta

Tá na dúshláin atá ag gabháil leis an easpa cinnteachta faoin mBreatimeacht fós ag dul i bhfeidhm ar go leor cuideachtaí, Bus Éireann ina measc. Bhí grúpa fócais i dtaobh an Bhreatimeachta, ina bhfuil príomhpháirtithe leasmhara ar fud na cuideachta, ag teacht le chéile in 2018 agus arís in 2019 chun impleachtaí an Bhreatimeachta a mheas i réimsí éagsúla, lena n-áirítear seirbhísí a oibriú, ceadúnú, soláthar, taraifí a íoc agus saincheisteanna eile. Tuairiscíonn an grúpa fócais sin a chuid torthaí go rialta don bhord tríd an nGrúpa um Rioscaí agus Athbhreithniú ar Iniúchtaí.


## Seasamh i dtaobh Glansócmhainní

Ba é €13.7m staid na glansócmhainní ag deireadh 2018 agus tá feabhas mór tagtha air i gcomparáid le 2017 tráth a raibh glandliteanas €16.9m orainn. Ba é an phríomhchúis leis an bhfeabhas sin athchaipitliú na cuideachta le linn Ráithe 4 2018, a d'fhág gur cuireadh €37m leis an scairchaipiteal eisithe.

Ba é CIÉ a rinne cistiú ar an méadú ar an scairchaipiteal eisithe.

## Líon na nAistear Custaiméirí

### Aistir Fhoriomlána Custaiméirí (m)



## Athbhreithniú ar an gClár Comhardaithe

Tá feabhas mór tagtha ar staid an chláir chomhardaithe roimh mhíreanna neamhairgid, mar a leagtar amach thíos, ó €83.0m in 2017 go €117.9m in 2018.

Ar an gcaoi chéanna, mar a leagtar amach thíos freisin, is cúis dóchais é staid chomhcheangailte an airgid agus an chuntais idirchuideachta le CIÉ agus tá feabhas tagtha air sin ó €50.3m in 2017 go €86.4m in 2018.

Luaitear an méid thuas chun cloí le ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Tráchtála Stáit a Rialú. Deimhnítear ann leibhéal na dtáillí comhairliúcháin a tabhaíodh ar sheirbhísí eolasbhunaithe agus seirbhísí cinnteoireachta.

# Athbhreithniú ar an gClár Comhardaithe

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig

| | 2018<br>EURO 000 | 2017<br>EURO 000 |
|---|---|---|
| Glansócmhainní roimh mhíreanna neamhairgid | | |
| Glansócmhainní reatha/(glandliteanas reatha) | 28,200 | (117) |
| *Coigeartú maidir le míreanna neamhairgid* | | |
| Ioncam iarchurtha reatha | 10,078 | 9,382 |
| Ioncam iarchurtha | 14,000 | 14,839 |
| Ioncam iarchurtha neamhreatha | 65,597 | 58,865 |
| Glansócmhainní roimh mhíreanna neamhairgid | **117,875** | **82,969** |
| | | |
| **Airgead agus idirchuideachta le CIÉ** | | |
| Airgead | 1,456 | 942 |
| Idirchuideachta le CIÉ | 84,948 | 49,396 |
| | **86,404** | **50,338** |

# Achoimre mar a leagtar síos sa Chód Cleachtais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig

| | 2018<br>EURO 000 | 2017<br>EURO 000 |
|---|---|---|
| **Achoimre mar a leagtar síos sa Chód Cleachtais** | | |
| Comhairle airgeadais | 446 | 761 |
| Acmhainní Daonna | 56 | 106 |
| Feabhsú gnó | 14 | 86 |
| | **516** | **953** |

*Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)*

## An Fhoireann Ardbhainistíochta

### 1 Stephen Kent – Príomhfheidhmeannach

Sular ceapadh é ina Phríomhfheidhmeannach i mí na Samhna 2018, ceapadh Stephen Kent ina Phríomhfheidhmeannach Gníomhach i bhFómhar na bliana 2018, tar éis dó a bheith ina Phríomhoifigeach Tráchtála roimhe sin ón uair a tháinig sé ag obair le Bus Éireann in 2013.

Tháinig Stephen chugainn ó C&C Group áit a mbíodh sé ina Stiúrthóir Díolacháin agus Margaíochta, agus roimhe sin bhíodh sé ag obair i róil ardbhainistíochta éagsúla le Waterford Crystal agus Waterford Foods (atá ina chuid de Glanbia plc anois). Tá céim BBS ag Stephen ó Ollscoil Luimnigh agus MBA ó Ollscoil Herriot Watt, agus is céimí de chuid Institiúid Margaíochta na hÉireann é freisin.

### 2 Rory Leahy – Príomhoifigeach Riosca agus Sábháilteachta

Ceapadh Rory Leahy ina Phríomhoifigeach Riosca agus Sábháilteachta i mí Feabhra 2018 agus is é atá freagrach as beartas agus straitéis sábháilteachta na cuideachta, bainistíocht riosca, maoin agus feidhmíocht fuinnimh. Tar éis dó seal a chaitheamh ag obair le hIarnród Éireann, tháinig Rory go Bus Éireann agus bhí róil éagsúla aige ag plé le forbairt ghnó, oibríochtaí agus bainistíocht ghinearálta réigiúnach. Tá céim san Innealtóireacht Shibhialta ag Rory ó UCD agus tá dioplóma iarchéime sa Bhainistíocht Chomhshaoil aige ó Choláiste na Tríonóide, chomh maith le céim Mháistir sa Bhainistíocht Oibríochtaí ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá Teastas Inniúlachta Gairmiúla sa Bhainistíocht Oibríochtaí Iompair Paisinéirí ar Bóthar (Idirnáisiúnta) aige freisin.

### 3 Tom Delaney – Príomhoifigeach Airgeadais

Tháinig Tom Delaney chuig Bus Éireann ó Bhanc Shasana chun bheith ina Phríomhoifigeach agus ina Rúnaí Cuideachta i mí Aibreáin 2018. Tá taithí airgeadais breis agus 25 bliain ag Tom ar an ardleibhéal in earnálacha na seirbhísí airgeadais, na déantúsaíochta, na mear-earraí tomhaltais agus na teileachumarsáide, ar bhonn a chuid oibre i ngnólachtaí gormshlise ar nós Coca Cola, Grafton Group, Eircom agus Glanbia.

Chomh maith le cúraimí airgeadas agus cúramaí rúnaíochta na cuideachta, is é Tom atá freagrach as cúrsaí TF, rialáil agus comhlíonadh i réimse an tsoláthair le Bus Éireann.

Is comhalta é Tom de Chumann na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte, tá céim MSC aige san Airgeadas agus Dlí ó Ollscoil Queen Mary Londan, dioplóma sa dlí dócmhainneachta ón ICAI agus is lánchomhalta é de Chumann Rialachais Chorparáidigh na hÉireann.

### 4 Miriam Flynn – Príomhoifigeach Scoile

Thosaigh Miriam Flynn i ról an Phríomhoifigigh Scoile i mí Feabhra 2018 agus is í atá freagrach as feidhmiú agus riar na Scéime Iompair Scoile atá á reáchtáil ag Bus Éireann thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Bhíodh Miriam ag obair i róil éagsúla sa chuideachta roimhe sin, amhail Seirbhís do Chustaiméirí, Díolachán agus Margaíocht, Forbairt Gnó agus Oibríochtaí. Chaith sí an tréimhse 15 bliana roimhe sin i ról an Bhainisteora Réigiúnaigh, áit a raibh freagracht fhoriomlán uirthi as oibríochtaí Bhus Éireann i Réigiún an Iardheiscirt.












Bhain sí céim Baitsiléara Tráchtála amach ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, agus tá Dioplóma Iarchéime sa Mhargaíocht aici ó Scoil Ghnó Smurfit, UCD, áit a ndearna sí clár Ceannaireachta Feidhmiúcháin le Grúpa CIÉ freisin.

Is comhalta í den Institiúid Cairte Lóistíochta agus Iompair in Éirinn agus tá Teastas Inniúlachta Gairmiúla aici in Oibríochtaí Iompair Náisiúnta agus Idirnáisiúnta ar Bóthar.

### 5 Gerry Madden – Príomhoifigeach Tráchtála (Gníomhach)

Tháinig Gerry Madden ag obair leis an gcuideachta i mí Aibreáin 2018 agus ceapadh é ina Phríomhoifigeach Tráchtála Gníomhach ar an 1 Lúnasa 2018. Sular tháinig sé chugainn, ba é Gerry Stiúrthóir Bainistíochta Transdev Ireland (LUAS). Sular ghlac sé leis an ról seo bhí Gerry ag obair sa Ríocht Aontaithe le Royal Mail i róil shinsearacha Tráchtála agus Oibriúcháin.

### 6 Allen Parker – Príomhoifigeach Custaiméirí

Thosaigh Allen Parker ag obair i ról nua an Phríomhoifigigh Custaiméirí i mí na Bealtaine 2018.

Tá taithí 27 bliain ag Allen sa mhargadh busiompair in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe. Le blianta beaga anuas bhí Allen ina Stiúrthóir Bainistíochta ar Aircoach (fochuideachta de chuid First Group plc).

Thosaigh Allen ar a ghairm bheatha san iompar poiblí le Bus Éireann sna 1990idí sular thug sé faoi phost le Comfort Delgro in Éirinn, lena n-áirítear mar Stiúrthóir Bainistíochta ar Citylink, oibreoir cóistí idirchathrach. Ina dhiaidh sin chuaigh sé ag obair le First Group plc i róil shinsearacha éagsúla.

Ina ról mar Phríomhoifigeach Custaiméirí, tá Allen lánfhreagrach as gach gné den soláthar seirbhíse agus as feabhsú leanúnach a spreagadh maidir le heispéireas taistil na gcustaiméirí. Cuimsítear sa ról feidhmíocht agus pleanáil, oibríochtaí, innealtóireacht agus gach gné d'eispéireas taistil na gcustaiméirí, cumarsáid, faisnéis agus inrochtaineacht. Is ar an bPríomhoifigeach Custaiméirí atá an fhreagracht as oibleagáidí conartha uile an Údaráis Iompair Náisiúnta a bhainistiú freisin.

Tá BSc (Onóracha) sa Teicneolaíocht Iompair ó Ollscoil Uladh ag Allen.

### 7 Sinead Kilkelly – Príomhoifigeach na bhFostaithe

Thosaigh Sinéad Kilkelly ag obair le Bus Éireann mar Phríomhoifigeach na bhFostaithe i mí Lúnasa 2018. Tháinig sí chuig Bus Éireann tar éis di naoi mbliana a chaitheamh ag obair leis an Etihad Aviation Group in Abú Daibí, áit a raibh sí ina Leas-Uachtarán ar Sheirbhísí na bhFostaithe. Sa ról sin, bhí Sinéad i gceannas ar shraith clár maidir le mórathrú ar an eagraíocht agus bhí freagracht uirthi freisin as straitéis agus feidhmíocht i leith na nAcmhainní Daonna agus as teicneolaíocht agus seirbhísí Acmhainní Daonna, chomh maith leis an earcaíocht agus an anailísíocht i leith na bhfostaithe sa Ghrúpa (25,000 duine).

Sula ndeachaigh sí ag obair le Etihad, bhí poist ag Sinéad le RBS, Grúpa Bhanc Uladh agus Intel Ireland. Bhíodh cónaí uirthi san Astráil san am atá caite freisin.

Tá MBA ag Sinéad ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus is Comhalta Cairte í den Institiúid Cairte Pearsanra agus Forbartha (CIPD).




Tá Expressway tar éis teacht chuige féin ón gcaillteanas airgid a bhíodh á dhéanamh aige, agus rinne sé brabús beag in 2018

# Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile



## An Bord Stiúrthóirí:

### Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin

An tUasal Aidan Murphy *(Cathaoirleach)*

Deirdre Ashe Uasal

Anne Bradley Uasal *(chuaigh sí ar scor ar an 10 Meitheamh 2018)*

An tUasal Henry Minogue *(chuaigh sé ar scor ar an 28 Eanáir 2018)*

An tUasal John Moloney *(chuaigh sé ar scor ar an 31 Bealtaine 2018)*

An tUasal David McGarry *(chuaigh sé ar scor ar an 10 Meitheamh 2018)*

An tUasal Gerard Ryan

An tUasal Stephen Hannan

An tUasal Thomas O'Connor *(ceapadh é ar an 25 Iúil 2018)*

An tUasal Diarmuid Corry *(ceapadh é ar an 3 Lúnasa 2018)*

### An Príomhfheidhmeannach

An tUasal Ray Hernan *(ceapadh é ar an 1 Eanáir 2018)*
*(chuaigh sé ar scor ar an 31 Lúnasa 2018)*

An tUasal Stephen Kent *(ceapadh é ar an 1 Samhain 2018)*

### Rúnaí agus Oifig Chláraithe

Tom Delaney *(ceapadh é ar an 10 Bealtaine 2018)*
Tom Morgan *(go dtí an 10 Bealtaine 2018)*
An Chloch Leathan
Baile Átha Cliath 7

**Suíomh Gréasáin:** www.buseireann.ie
**Uimhir Chláraithe:** 119570

Cuideachta Faoi Theorainn Scaireanna agus Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe faoi Acht na gCuideachtaí, 2014

### Iniúchóirí Neamhspleácha

Deloitte Ireland LLP
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúla
Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2

# Beathaisnéisí na Stiúrthóirí

## 1 Aidan Murphy

Ceapadh Aidan Murphy ina chomhalta de bhord Bhus Éireann den chéad uair i mí Aibreáin 2013 agus ina Chathaoirleach ar an mbord i mí Iúil 2014.

Tháinig a théarma oifige chun críche ar an 8 Iúil 2017 agus athcheapadh é ina stiúrthóir agus ina Chathaoirleach ar an 6 Nollaig 2017.

Tá taithí na mblianta ag Aidan ag obair mar ghairmí slabhra soláthair. Roimhe seo bhíodh sé ag feidhmiú mar Phríomhfheidhmeannach le Pulse Logistics, Stiúrthóir Bainistíochta Soláthair le C&C Group, Bainisteoir Ginearálta ag Wincanton Ireland agus Stiúrthóir Lóistíochta ag Allegro Ltd. Ba é an príomhchainteoir ag roinnt imeachtaí slabhra soláthair san Eoraip lena n-áirítear Logicon agus Cruinniú Mullaigh Shlabhra Soláthair na hEorpa agus is comhalta é den Institiúid Cairte Lóistíochta agus Iompair in Éirinn (CILT) agus iarUachtarán uirthi.

Tá Aidan ina chomhalta de Choiste Straitéise an Bhoird freisin agus is comhalta Boird le Grúpa CIÉ é chomh maith. Tá sé ina bhall de Choiste Straitéise Bhord CIÉ chomh maith, agus ina stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ar M&M Walshe Group.

## 2 Deirdre Ashe

Ceapadh Deirdre Ashe ina comhalta de Bhord Bhus Éireann den chéad uair i mí Iúil 2014. Tháinig a téarma oifige chun críche ar an 9 Iúil 2017 agus athcheapadh í ina stiúrthóir ar an 23 Lúnasa 2017.

Bhí Deirdre ina Cathaoirleach ar an gCoiste Luacha Saothair go dtí go ndearnadh é a nascadh le Coiste Straitéise an Bhoird. Tá sí ina Cathaoirleach ar an nGrúpa um Rioscaí agus Athbhreithniú ar Iniúchtaí (GRAI) freisin agus ina comhalta de Choiste Straitéise an bhoird.

Is í Deirdre atá ina Stiúrthóir Línte Pearsanta le Liberty Insurance Ireland agus ba Shainchomhairleoir Bainistíochta í a bhíodh ag obair sa tír seo agus thar lear sa Mhargaíocht agus maidir le Straitéis Táirgí agus Gnó. Roimhe seo bhíodh sí ina Stiúrthóir ar Aviva Health Insurance agus tá tréimhsí caite aici ag obair mar Stiúrthóir Margaíochta, Stiúrthóir Táirgí agus Stiúrthóir Tráchtála, ról inar éirigh léi cuideachtaí a sheoladh, a chomhtháthú agus dlús a chur leis an ailíniú idirnáisiúnta orthu.

Bhronn Ollscoil na hÉireann, Gaillimh céim Baitsiléara Ealaíon san Eacnamaíocht uirthi, agus tá céim MBA aici freisin chomh maith le Dioplóma sa Stiúradh Cuideachtaí ó Institiúid na Stiúrthóirí.

## 3 Stephen Hannan

Ceapadh Stephen Hannan ar bhord Bhus Éireann ar an 1 Nollaig 2017 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001.

Tiománaí bus de chuid Bhus Átha Cliath is ea é agus bíonn sé ag obair i nGaráiste na Rinne. Tá sé ina bhall de SIPTU agus bhí réimse leathan post aige sa cheardchumann sin le beagnach 30 bliain anuas. Tá sé ina Uachtarán ar Choiste na dTiománaithe Bus, ina Leas-Chathaoirleach ar Choiste na hEarnála Iompair agus ar an gCoiste Rannán, agus is Ionadaí Iosta é. Tá Stephen ina chomhalta boird de chuid CIÉ ó mhí na Nollag 2017 i leith agus tá sé ina stiúrthóir ar Bhus Átha Cliath freisin.

## 4 Gerard Ryan

Ceapadh Gerard Ryan ina chomhalta den bhord i mí Iúil 2012 agus athcheapadh é in 2015 agus arís in 2017.

Tá poist ardbhainistíochta ag Gerard le breis is 20 bliana anuas san earnáil seirbhísí airgeadais agus san earnáil TF in eagraíochtaí éagsúla. Tá sé ina Stiúrthóir Oibríochtaí i láthair na huaire le Acorn Life DAC, cuideachta Éireannach árachais saoil faoi úinéireacht phríobháideach, atá lonnaithe i nGaillimh. Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin is ea é le Acorn Insurance Ltd, broicéir árachais ghinearálta atá ina chuid den mháthairchuideachta Acorn Group Ltd. Tá an-chuid oibre déanta aige i réimse na bainistíochta ginearálta, agus tá neart taithí aige ó thaobh bainistiú airgeadais agus costais, bainistiú agus measúnú tionscadail, athrú gnó, nuálaíocht ar bhonn na teicneolaíochta agus freastal ar riachtanais na gcustaiméirí.

Bhronn Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath Céim Mháistir sa Riarachán Gnó air agus bhronn Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, céim Baitsiléara Eolaíochta san Eolaíocht Ríomhaireachta air. Tá Gerard ina chomhalta den Ghrúpa um Rioscaí agus Athbhreithniú ar Iniúchtaí (GRAI) freisin agus ina Chathaoirleach ar Choiste Straitéise an bhoird.



## 5 Thomas O'Connor

Ceapadh Thomas O'Connor ar bhord Bhus Éireann ar an 25 Iúil 2018 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001.

Tá Thomas ina thiománaí bus le Bus Éireann, i nGaráiste na Rinne. Tá sé i gCeardchumann Náisiúnta na nOibrithe Bus agus Iarnróid, tá sé ina chomhalta d'Fheidhmeannas Náisiúnta an cheardchumainn sin agus is é atá ina Rúnaí ar Chraobh Bhaile Átha Cliath ó 2010 i leith. Tá Thomas ina chomhalta Boird de chuid CIÉ ó mhí na Nollag 2017 i leith agus tá sé ina stiúrthóir ar Bhus Átha Cliath freisin.

## 6 Diarmuid Corry

Ceapadh Diarmuid ar Bhord Bhus Éireann ar an 3 Lúnasa 2018 agus ceapadh é freisin ina Chathaoirleach ar Choiste Sábháilteachta an bhoird. Is comhairleoir é Diarmuid a bhíonn ag plé le dearadh córas leictreonach, agus go háirithe le haer agus spásárthaí. Bhunaigh sé ACRA Control Ltd., soláthraí uirlisí tástála eitilte don tionscal aeraspáis, agus bhíodh sé ina stiúrthóir ar an gcuideachta sin go dtí gur ceannaíodh í in 2011. Faoi láthair tá sé ina Phríomhoifigeach Teicneolaíochta le Réaltra Space Engineering, rannán de chuid Realtime Technologies Ltd. Tá céim mháistir ag Diarmuid san Innealtóireacht Leictreonach ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus tá céim MBA bainte amach aige chomh maith.

## Anne Bradley

Ceapadh Anne Bradley ina comhalta den bhord i mí an Mheithimh 2015.

Tá Anne ina Stiúrthóir TF in Aer Lingus agus ina Stiúrthóir Práinnfhreagartha freisin. Roimhe sin bhíodh sí ina Stiúrthóir Oibríochtaí Lóistíochta agus í freagrach as comhlíonadh na n-oibríochtaí aerlíne. I measc na bpost ceannaireachta eile a bhí aici bhí Ceann Oibríochtaí Talún agus Sealbhóir Poist arna hAinmniú ag an Aerlíne.

De bharr taithí mhór a bheith ag Anne ar chúrsaí iompair agus eitlíochta, tá scileanna agus saineolas aici a bhí an-ábhartha ina ról ar Bhord Bhus Éireann. Fágann an tuiscint atá aici ar a bheith ag feidhmiú i dtimpeallacht atá an-rialaithe agus an-iomaíoch gur maith an rogha a bhí inti chun fónamh mar Chathaoirleach ar Choiste Sábháilteachta an bhoird.



5

6

Bhí Anne ina cathaoirleach ar Choiste Sábháilteachta an bhoird ó 2015 go dtí go ndeachaigh sí ar scor ón ról mar stiúrthóir ar an 10 Meitheamh 2018, agus ceapadh í ina comhalta de Choiste Tráchtála agus Nuálaíochta an bhoird ó 2017 ar aghaidh. Bhí Anne ina comhalta de Choiste Luacha Saothair an bhoird freisin, agus den Ghrúpa um Rioscaí agus Athbhreithniú ar Iniúchtaí (GRAI).

## John Moloney

Ceapadh John Moloney ar an mBord den chéad uair i mí na Nollag 2005 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001. Tháinig John ag obair le Bus Éireann sa bhliain 1978 agus bhíodh sé ina thiománaí bus i gCorcaigh. Ba chomhalta den NBRU é.

Bhíodh John ina chomhalta de Choiste Sábháilteachta an Bhoird agus ina chomhalta Boird de chuid CIÉ freisin. D'éirigh John as mar fhostaí agus mar stiúrthóir ar an 31 Bealtaine 2018.

## Henry Minogue

Ceapadh Henry Minogue ar an mBord den chéad uair i mí Dheireadh Fómhair 2011.

Ó 2006 i leith tá Henry ina Stiúrthóir TF le Virgin Media Ireland agus roimhe sin bhíodh sé ag obair mar Bhainisteoir Cláir i dtaobh Straitéise agus Pleanála agus, le déanaí, sa ról atá aige le Independent News & Media. Tá 18 mbliana caite aige ag obair san earnáil TF agus Teileachumarsáide in Éirinn. Fuair sé an-chuid taithí gnó i rith na tréimhse sin sa Phleanáil Straitéiseach TF, Bainistiú Oibríochtaí, Seachadadh agus Rialachas TF, agus Mór-Athrú ar an nGnó á chur chun cinn aige freisin trí mheán cláir atá bunaithe ar an Nuálaíocht.

Is iomaí post comhairliúcháin agus post ardbhainistíochta sa tionscal teileachumarsáide in Éirinn a bhí ag Henry roimhe seo. Ina theannta sin, bhíodh sé ina shainchomhairleoir san earnáil mhiondíola agus san earnáil airgeadais. Is comhalta é Henry de Chumann Ríomhaireachta na hÉireann agus d'Institiúid na Stiúrthóirí in Éirinn.

Bhíodh Henry ina chomhalta den Ghrúpa um Rioscaí agus Athbhreithniú ar Iniúchtaí (GRAI). Ina theannta sin, bhíodh sé ina chomhalta de Choiste Straitéise an Bhoird. Chuaigh Henry ar scor óna ról mar stiúrthóir ar an 28 Eanáir 2018.

## David McGarry

Ceapadh David McGarry ina chomhalta den Bhord i mí Iúil 2015.

Bhíodh David ina Chathaoirleach ar an nGrúpa um Rioscaí agus Athbhreithniú ar Iniúchtaí (GRAI). Bhíodh sé ina chomhalta de Choiste Luacha Saothair an Bhoird agus den Choiste Straitéise freisin.

Is é atá ina Phríomhoifigeach ar Henley Partners, gnólacht comhairliúcháin bainistíochta. Tá sé ina Chathaoirleach neamhfheidhmiúcháin ar Chuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge. Bhíodh sé ina Phríomhoifigeach Airgeadais ar Shannon Group plc roimhe sin, ina Stiúrthóir Airgeadais agus Forbartha le Grúpa Indaver, agus roimhe sin arís bhíodh sé ag obair i réimse na baincéireachta infheistíochta le NCB Corporate Finance agus i réimse na hiniúchóireachta agus na cuntasaíochta le KPMG.

Cuntasóir Cairte agus Stiúrthóir Cairte is ea David. Tá MBA aige ó Ollscoil Lováin sa Bheilg, céim Baitsiléara Tráchtála ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh agus dioplóma agus teastas sa Stiúradh Cuideachtaí ó Institiúid na Stiúrthóirí. D'éirigh David as a phost mar stiúrthóir ar an 10 Meitheamh 2018.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí

Tá a dtuarascáil bhliantúil á cur i láthair ag na stiúrthóirí de réir a n-oibleagáidí faoi Acht na gCuideachtaí, 2014 agus faoin Acht Iompair (Córas Iompair Éireann a Atheagrú), 1986, i leith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2018.

## Príomhghníomhaíochtaí agus Athbhreithniú ar an nGnó

Is cuideachta bainistíochta iompair é Bus Éireann, arb iad a phríomhghníomhaíochtaí gréasán comhtháite seirbhísí a bhainistiú agus a phleanáil, trí úsáid a bhaint as a chuid acmhainní féin agus acmhainní fochonraitheoirí. Áirítear sa ghréasán comhtháite sin seirbhísí cóiste cian-iompair, seirbhísí bus áitiúla, tuaithe, comaitéireachta, cathracha, cúigeacha agus baile. Chomh maith leis sin, tá an chuideachta freagrach as an Scéim Iompar Scoile náisiúnta a bhainistiú agus a sholáthar thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Is é Córas Iompair Éireann, ar fochuideachta de chuid Bhus Éireann é, údarás reachtúil náisiúnta na hÉireann a chuireann iompar poiblí ar talamh ar fáil in Éirinn. Tá sé ar lánúinéireacht ag Rialtas na hÉireann agus tuairiscíonn sé don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

Thabhaigh an chuideachta easnamh foriomlán €6.4m (2017: €23.7m) tar éis íocaíochtaí na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí (OSP) dar luach €52.8m (2017: €47.7m) a bheith faighte aici. B'ionann costas an bhreosla agus €29.8m in 2018 i gcomparáid le €27.1m in 2017. Cuireadh muirear lagaithe €0.23m ar luach ghléasra amhail an 31 Nollaig 2018.

## Athbhreithniú ar Fheidhmíocht Oibríochtúil, Airgeadais agus Innealtóireachta

Mar chuid den mhonatóireacht a dhéantar ar fheidhmíocht na cuideachta déanann foireann bainistíochta agus stiúrthóirí na cuideachta athbhreithniú rialta ar phríomhtháscairí oibriúcháin agus feidhmíochta airgeadais.

Chun an bonn costais a fheabhsú, b'éigean dúinn athruithe a dhéanamh ar na cleachtais oibre, an lucht oibre a chuíchóiriú, roinnt bealaí tráchtála a dhúnadh agus gearradh siar ar an gcaiteachas lánroghnach foriomlán. Cuireadh cuid mhaith de na bearta sin chun feidhme faoi dheireadh 2018. Chuir an fhoireann bainistíochta na bearta sin chun feidhme d'fhonn a chinntiú nach é amháin gur féidir lenár ngnó tráchtála dul san iomaíocht sa mhargadh, ach gur féidir leis brabús a dhéanamh ionas go bhféadfar infheistíocht leanúnach a dhéanamh sa fhlít agus sa tairiscint do chustaiméirí, ós rud é nach bhfaigheann siadsan cistiú ar bith ón Stát.

Tá Bus Éireann tiomanta don chaidreamh a fheabhsú lenár gcustaiméirí, comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara ar fud an phobail chun leibhéal sástachta na gcustaiméirí a fheabhsú a thuilleadh agus chun cur leis an gclú corparáideach atá ar Bhus Éireann.

## Díbhinní

Ní dhearnadh aon díbhinní a mholadh, a dhearbhú ná a íoc i rith na bliana 2018 (2017: €nialas).

## Cúlchistí

Bhí €52.5m mar caillteanais carnach ag críoch 2018, i gcomparáid le €46.1m i 2017.

## Príomhrioscaí agus Príomhábhair Neamhchinnteachta

Is iad na rioscaí agus na hábhair neamhchinnteachta is mó atá ag bagairt ar an gcuideachta ná cur chun feidhme iomlán an phlean athstruchtúraithe, sábháilteacht, rioscaí iomaíocha, rioscaí rialála agus rioscaí i dtaobh leachtachta.

Tá an chuideachta tiomanta do rioscaí a bhainistiú ar bhealach córasach, smachtaithe. Déantar na príomhrioscaí a shainaithint agus ullmhaítear pleananna gníomhaíochta chun na rioscaí sin a mhaolú. Tá clár rioscaí ag an gcuideachta a ndéantar nuashonrú leanúnach air lena athbhreithniú ag na stiúrthóirí agus ag an bhfoireann ardbhainistíochta. Tá Coiste Sábháilteachta ag an mbord chun athbhreithniú a dhéanamh ar cheisteanna a bhaineann le sábháilteacht agus cothabháil. Tá sé den chúram ar Choiste Straitéise an Bhoird (ar a dtugtaí Coiste Tráchtála agus Nuálaíochta an bhoird roimhe seo) athbhreithniú a dhéanamh ar rioscaí tráchtála agus tá sé de chúram ar an nGrúpa um Rioscaí agus Athbhreithniú ar Iniúchtaí (GRAI), ar a dtugtaí an Grúpa Athbhreithnithe Iniúchta roimhe seo, athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar an rialú inmheánach agus ar rioscaí iniúchóireachta.

### Staid Airgeadais

Ceann de na rioscaí ba mhó a bhí le sárú ag an gcuideachta is ea an drochstaid ina bhfuil cúrsaí airgeadais le tamall de bhlianta anuas. Tá an chuid is mó de na hathruithe sin curtha chun feidhme ag an lucht bainistíochta, le stad airgeadais agus oibríochta na cuideachta  dhainginiú lena n-airítear athchaipitliú na cuideachta tríd méadú €37m i scairchaipitil eisithe na cuideachta.

### Rioscanna Sábháilteachta

Tá soláthar leanúnach sábhalta ár seirbhísí fíorthábhachtach do Bhus Éireann. Bainistítear riosca timpiste tráchta ar bhóithre nó tine mar príomhriosca inár gclár riosca tríd gníomhartha maolaitheach cuí.

### Rioscaí i dtaobh Iomaíochais agus Rialála

Bíonn an chuideachta ag brath ar dhálaí dearfacha inbhuanaithe an mhargaidh dá cuid seirbhísí tráchtála agus ar chistiú leordhóthanach do sheirbhísí poiblí agus do sheirbhísí bus scoile ón Údarás Náisiúnta Iompair agus ón Roinn Oideachais agus Scileanna faoi seach.

Tá an chuideachta faoi réir rialú forleathan ag an Údarás Náisiúnta Iompair maidir le seirbhísí iompair a sholáthraíonn sí agus lena n-áirítear ceanglais tuairiscithe mhionsonraithe agus spriocanna dúshlánacha arna leagan síos ag an Údarás.

Áirítear leis sin freisin comhlíonadh théarmaí an chonartha dámhachtana dírí cúig bliana leis an Údarás Náisiúnta Iompair.

### Rioscaí i dtaobh Leachtachta

Déantar bainistiú daingean ar an leachtacht ar bhonn Ghrúpa CIÉ. Tá foireann ghairmiúil thiomanta againn a dhéanann comhordú ó lá go lá ar bhainistiú airgid agus cistí, mar aon le pleanáil bhliantúil agus ilbhliantúil agus cistiú corparáideach a fháil ó bhainc ar leor é ionas gur féidir le Grúpa CIÉ leanúint ar aghaidh ag feidhmiú.

## Timpeallacht Rialaithe

Tá rialuithe na Cuideachta bunaithe ar chóras comhbhainistíochta a fheidhmíonn ar bhonn próiseas. Is é an cuspóir atá ann a chinntiú nach ndéanfar dochar do shláine ná do luachanna eiticiúla na Cuideachta. Is ar bhonn príomhphróisis ghnó agus beartais agus nósanna imeachta bainteacha na cuideachta, mar aon le treoracha áitiúla, a rialaítear í. Tá stór cuimsitheach beartas, treoirlínte, nósanna imeachta agus próiseas athbhreithnithe á gcoimeád ar fud na ranna agus na n-aonad gnó go léir lena chinntiú go gcloífear go seasta leis an rialú.

## Forbairtí Amach Anseo

Tá an Chuideachta fós ag déanamh dianmhonatóireacht ar a hioncam agus costais go dtí 2019 agus ina dhiaidh sin trí dhul i ndlúthchomhairle lena páirtithe leasmhara go léir.

Tar éis athruithe ar an bhfoireann bainistíochta, cuireadh tús le hathbhreithniú ar an ngnó i mí Eanáir 2017 agus a tugadh chun críoch le linn 2018 le bailchríoch go dearnadh athcaipitliú ar an gCuideachta amach sa bhliain 2018. Ba é cuspóir an athbhreithníu agus próiséis claochlaithe nó plean a ullmhú chun an méid seo a leanas a bhaint amach:

- an fheidhmíocht airgeadais lag a chobhsú agus a aisiompú, agus
- bheith ina bhunchloch le haghaidh an gnólacht a dhéanamh inmharthana agus inbhuanaithe sa chaoi is go mbeadh sé in ann dul san iomaíocht i margadh atá seasta ag éirí níos iomaíche.

Glacadh bearta chun aghaidh a thabhairt air sin.

Cuireadh an plean gnó i bhfeidhm ina iomláine tar éis idirbheartaíochta leis na ceardchumainn. D'fhág roinnt ball foirne eile le linn na bliana 2018 mar chuid den chlár laghdaithe costais agus cuireadh na socruithe uainchláir leasaithe a comhaontaíodh do thiománaithe i bhfeidhm go hiomlán.

Rinneadh dul chun cinn suntasach sa bhliain 2018 agus baineadh amach toradh i bhfad níos fearr dá thoradh maidir le Tuilleamh roimh Ús, Cánacha, Dímheas agus Amúchadh (TRÚCDA). Ba cheart a léiriú freisin gur baineadh farasbarr beag amach leis an mbunlíne, gan míreanna eisceachtúla san áireamh, le haghaidh 2018.

Lean an fhoireann bainistíochta shinsearach dá caidrimh a fhorbairt lena príomhpháirtithe leasmhara - leis an Údarás Náisiúnta Iompair (ÚNI), an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an Roinn Coimirce Sóisialaí, le linn na bliana 2018 agus sa bhliain 2019.

Leanann an fhoireann bainistíochta shinsearach, i gcomhar lena bord, ag díriú ar infheistíocht i bhflít agus in athnuachan agus athchóiriú, a bhfuil géarghá leis, a dhéanamh ar iostaí agus stáisiúin bhus le linn na bliana 2019.

Thug an chuideachta faoi idirbheartaíocht le baill foirne maidir le héilimh ar phá i ndeireadh na bliana 2018 agus i dtús na bliana 2019 agus d'eisigh an Chúirt Oibreachais moladh go luath sa bhliain 2019 a ndéanfaidh baill foirne vótáil ina leith.

*Tuarascáil na Stiúrthóirí (ar lean)*

## Infheistíocht Chaipitiúil

Bhí an caiteachas caipitiúil cothrom le €26.4m in 2018 (2017: €32.5m). In 2018 fuair an chuideachta cistiú caipitil do sheirbhísí OSP ón Údarás Náisiúnta Iompair ar fiú €22.2m é (2017: €27.2m), lena n-áirítear deontais €0.27 milliún (2016: €2.6 milliún) i leith na talún agus na bhfoirgneamh atá i seilbh CIÉ, rud a chuir ar chumas na cuideachta infheistíocht a dhéanamh i seirbhísí feabhsaithe dá custaiméirí.

## Scairchaipiteal agus Cúlchistí

Tá sonraí i dtaobh scairchaipiteal na cuideachta leagtha amach i nóta 16. Bhí ghluaiseachtaí le luach iomlán €37m i rith na bliana. Léiríonnn an méid seo an próiseas athcaipitliú ar tugadh faoi agus a críochnaíodh le linn deireadh 2018.

Níl fochuideachta ar bith ag an gcuideachta ná infheistíocht ar bith i gcuideachtaí eile agus sin mar a bhí amhlaidh an bhliain roimhe seo.

Tháinig meath suntasach ar chúlchistí na cuideachta i rith 2018 tar éis di soláthar a dhéanamh i gcomhair costais athstruchtúraithe agus costais téarnaimh, agus bhí caillteanais carntha cothrom le €52.5m aici ag deireadh 2018 (2017: €46.1m).

D'aisíoc an cuideachta luach iomlán €6.7m chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna le linn 2018 agus tá seo léirithe sna costais eisceachtúla mar atá leagtha amach i nóta 6 (b).

## Cruinnithe na Scairshealbhóirí

Déantar cruinniú ginearálta bliantúil na cuideachta a thionól uair amháin gach bliain féilire cibé tráth (nach faide ná cúig mhí dhéag tar éis an chruinnithe ghinearálta bhliantúil roimhe sin) agus cibé áit a leagfaidh na stiúrthóirí síos. Féadfaidh na stiúrthóirí cruinniú ginearálta urghnách den chuideachta a thionól aon uair a mheasann siad gur cuí sin nó ar iarraidh ó Chóras Iompair Éireann.

Tionóladh Cruinniú Ginearálta Urghnách den chuideachta i ndeireadh na bliana 2018 chun an méadú i scairchaipiteal údaraithe agus scairchaipiteal glaoite na cuideachta mar chuid den phróiseas athchaipitlithe a fhaomhadh.

## An Bord

Is tríd an mbord stiúrthóirí atá an chuideachta á rialú. Thionóil comhaltaí an bhoird seacht cruinniú in 2018 (trí chruinniú dhéag in 2017) agus is ann do sceideal míreanna ar leith atá le ceadú aige. Cuimsítear sa bhord stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin amháin, a raibh beirt acu ina stiúrthóir is oibrí ag deireadh na bliana. Níl aon stiúrthóirí feidhmiúcháin ar an mbord.

Paul Mc Cann an t-aon neamh-stiúrthóir a ceapadh chun an nGrúpa um Rioscaí agus Athbhreithniú ar Iniúchtaí (GRAI) le linn Lúnasa 2018.

## Tinreamh ag cruinnithe an Bhoird/na gCoistí

Anseo thíos tá liosta sonraí maidir le tinreamh na stiúrthóirí ag cruinnithe boird/coiste a reáchtáladh in 2018:

| | Bord | Sábháilteacht | Straitéis | Luach Saothair |
|---|---|---|---|---|
| An tUasal Aidan Murphy | 7/7 | | 4/4 | |
| An tUasal John Moloney | 2/4 | 3/3 | | |
| An tUasal Diarmuid Corry | 3/3 | 1/1 | | |
| An tUasal Gerard Ryan | 7/7 | | 4/4 | |
| Deirdre Ashe Uasal | 6/7 | | 2/4 | 2/2 |
| An tUasal Thomas O'Connor | 2/3 | | | |
| Anne Bradley Uasal | 3/4 | 3/3 | | 2/2 |
| An tUasal David McGarry | 4/4 | | 1/2 | 2/2 |
| An tUasal Stephen Hannan | 7/7 | | | |
| An tUasal Tom O'Connor | 2/3 | 1/1 | | |

## An Grúpa um Rioscaí agus Athbhreithniú ar Iniúchtaí (GRAI)

In 2018 bhí na stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin agus neamh-stiúrthóir seo a leanas páirteach sa Ghrúpa:

| | |
|---|---|
| An tUasal D McGarry | *(Cathaoirleach)*<br>*(chuaigh ar scor ar an 10 Meitheamh 2018)* |
| D Ashe Usual | *(Cathaoirleach)*<br>*(ceaptha ar an 1 Lúnasa 2018)* |
| An tUasal H Minogue | *(chuaigh ar scor ar an 28 Eanáir 2018)* |
| An tUasal G Ryan | |
| A Bradley Uasal | *(chuaigh ar scor ar an 10 Meitheamh 2018)* |
| An tUasal Paul Mc Cann | *(neamh-stiúrthóir agus comhalta den GRAI)* |

Tháinig an Coiste sin le chéile sé huaire i rith 2018 (2017: deich n-uaire).

Comhthoghadh Paul Mc Cann mar comhalta den GRAI le linn 2018. Ní stiúrthóir é Paul Mc Cann. Ceadaíonn téarmaí tagartha an GRAI comhthoghú daoine chun an GRAI.

Is iad na príomhdhualgais atá ar an GRAI maoirseacht a dhéanamh ar an gcaidreamh leis an iniúchóir seachtrach, lena n-áirítear cinntí maidir le ceapadh an iniúchóra sheachtraigh, táillí iniúchóireachta, agus aon cheisteanna a bhaineann le neamhspleáchas, éirí as nó dífhostú. Pléann sé cineál agus raon feidhme na hiniúchóireachta agus a cuid torthaí leis an iniúchóir seachtrach. Chomh maith leis sin, déanann an GRAI monatóireacht ar shláine na ráiteas airgeadais arna n-ullmhú ag an gcuideachta.

Déanann sé athbhreithniú leanúnach ar éifeachtacht rialuithe inmheánacha agus chórais bhainistíochta riosca na cuideachta tríd an eolas is déanaí a fháil ó rannóg Iniúchóireachta Inmheánaí an Ghrúpa agus ón bhfoireann ardbhainistíochta, an t-eolas is déanaí ón Phríomhoifigeach Riosca agus Sábhailteacht nua-ceaptha san áireamh.

Rinneadh measúnú neamhspleách ar GRAI i ndeireadh na bliana 2018, mar a moladh leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, agus cuireadh an measúnú sin i láthair ag cruinniú de chuid GRAI go luath sa bhliain 2019.

Rinneadh athbhreithniú ar Théarmaí Tagartha an GRAI i rith 2017 agus cheadaigh an bord Téarmaí Tagartha athbhreithnithe a ndéanfar athbhreithniú tráthúil orthu as seo amach de réir mar is cuí.

Tar éis dó gach caidreamh idir an chuideachta agus an gnólacht iniúchóireachta seachtraí a mheas, ní dóigh leis an GRAI go ndéanann an caidreamh sin dochar do bhreithiúnas ná neamhspleáchas an iniúchóra.

Níl Coiste Iniúchóireachta ag Bus Éireann ach is ionann na téarmaí tagartha atá ag an GRAI maidir le maoirseacht agus athbhreithniú agus na téarmaí a bheadh ag Coiste Iniúchóireachta.

## Coiste Luacha Saothair an Bhoird

Bunaíodh Coiste Luacha Saothair an Bhoird amach sa bhliain 2015 agus tháinig sé le chéile dhá uair in 2018 (cúig huaire in 2017). Bhí na stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin seo a leanas ar an gcoiste:

| | |
|---|---|
| D Ashe Uasal | *(Cathaoirleach)* |
| A Bradley Uasal | *(chuaigh ar scor ar an 10 Meitheamh 2018)* |
| An tUasal D McGarry | *(chuaigh ar scor ar an 10 Meitheamh 2018)* |

Rinne an Coiste breithniú agus athbhreithniú ar bheartais a bhain le luach saothair agus acmhainní daonna sa Chuideachta.

Críochnaíodh athbhreithniú ar na Téarmaí Tagartha le linn 2018.

Comhaontaíodh go ndéanfaí Coiste Luacha Saothair an Bhoird a chónascadh le Coiste Straitéise an Bhoird ó mhí Lúnasa 2018 ar aghaidh agus go dtabharfaí Coiste Straitéise an Bhoird ar an gcomhchoiste sin.

## Coiste Sábháilteachta an Bhoird

Thionóil an Coiste Sábháilteachta de chuid Bhord Bhus Éireann, coiste a bunaíodh ar leibhéal fobhoird in 2004, ceithre cruinniú (cúig chruinniú in 2017) i rith na bliana 2017. Déanann an Coiste sin monatóireacht ar fheidhmíocht sábháilteachta na cuideachta bunaithe ar phlean bliantúil sábháilteachta, mar aon le spreagadh a thabhairt don oiread rannpháirtíochta agus is féidir i bhfeasacht sábháilteachta agus i gcosc timpistí ar fud na cuideachta.

Bhí na stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin seo a leanas ar an gCoiste in 8

| | |
|---|---|
| A Bradley Uasal | *(Cathaoirleach)*<br>*(chuaigh ar scor ar an 10 Meitheamh 2018)* |
| An tUasal D Corry | *(Cathaoirleach)*<br>*(ceaptha ar an 3 Lúnasa 2018)* |
| An tUasal J Moloney | *(chuaigh ar scor ar an 31 Bealtaine 2018)* |
| An tUasal T O'Connor | *(ceaptha ar an 25 Iúil 2018)* |

*Tuarascáil na Stiúrthóirí (ar lean)*

## Coiste Straitéise an Bhoird

Bíonn an coiste seo ag déileáil le cúig réimse ar leith – forbairt fiontar, nuálaíocht teicneolaíochta, margaíocht agus taighde, agus beartas agus pleanáil – mar aon le cúrsaí straitéise, chomh maith le acmhainní daonna agus ceisteanna luach saothair. Tháinig an coiste le chéile ceithre huaire i rith na bliana 2018 (sé huaire in 2017). Díscaoileadh an Coiste Luacha Saothair i 2018 agus tógadh a chuid oibre isteach sa Coiste Straitéise. Bhí na stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin seo a leanas ar an gCoiste Straitéise in 2018:

| | |
|---|---|
| An tUasal G Ryan | *(Cathaoirleach)* |
| D Ashe Uasal | |
| A Bradley Uasal | *(chuaigh ar scor ar an 10 Meitheamh 2018)* |
| An tUasal H Minogue | *(chuaigh ar scor ar an 28 Eanáir 2018)* |
| An tUasal A Murphy | |

## Rannpháirtíocht na bhFostaithe agus Comhairliúchán leo

Coinníodh leis an rannpháirtíocht leis na fostaithe ar feadh na bliana ar roinnt bealaí éagsúla.

Mar chuid den chomhairliúchán leis an bhfoireann ar fad, foilsíonn an chuideachta iris inmheánach dar teideal BÉ Connected, a heisítear roinnt uaireanta i rith na bliana.

## Sláinte agus sábháilteacht

Tá an chuideachta tiomanta d'fholláine a fostaithe a chinntiú trí ionad oibre sábháilte a choimeád ar bun agus an reachtaíocht fostaíochta ábhartha a chomhlíonadh, lena n-áirítear an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005. Déantar monatóireacht ar an rialachas ar Shláinte agus Sábháilteacht trí Choiste Sábháilteachta an bhoird.

## Cleachtais Íocaíochta

Aithníonn an chuideachta an fhreagracht atá uirthi i dtaobh féachaint chuige go gcomhlíonfar forálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála), 2013, arna leasú, i ngach gné ábhartha. Is é beartas íocaíochta na cuideachta é ceangaltais an Rialacháin a chomhlíonadh.

## Taifid Chuntasaíochta

Is iad na bearta atá glactha ag na stiúrthóirí d'fhonn a chinntiú go gcomhlíonfar oibleagáid na Cuideachta i dtaobh leabhair chuntais chuí a choimeád de réir Alt 281 go dtí Alt 285 d'Acht na gCuideachtaí, 2014 ná córais agus nósanna imeachta cuí a úsáid agus daoine inniúla a fhostú. Is ag Bus Éireann, an Chloch Leathan, Baile Átha Cliath 7, atá na leabhair chuntais á gcoimeád.

## Stiúrthóirí

Is é an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a cheapann stiúrthóirí na Cuideachta. Seo thíos ainmneacha na ndaoine a bhí ag feidhmiú mar stiúrthóirí i rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2018. D'fhóin siad mar stiúrthóirí ar feadh na bliana go léir mura luaitear a mhalairt.

| | |
|---|---|
| An tUasal Aidan Murphy | *Cathaoirleach* |
| An tUasal Diarmuid Corry | *(ceaptha ar an 3 Lúnasa 2018)* |
| An tUasal John Moloney | *(chuaigh ar scor ar an 31 Bealtine 2018)* |
| An tUasal Henry Minogue | *(chuaigh ar scor ar an 28 Eanáir 2018)* |
| An tUasal Gerard Ryan | |
| Deirdre Ashe Uasal | |
| An tUasal Thomas O'Connor | *(ceaptha ar an 25 Iúil 2018)* |
| Anne Bradley Uasal | *(chuaigh ar scor ar an 10 Meitheamh 2018)* |
| An tUasal David McGarry | *(chuaigh ar scor ar an 10 Meitheamh 2018)* |
| An tUasal Stephen Hannan | |

Ní raibh aon leas ag na stiúrthóirí ná na rúnaithe a d'fhóin i rith na bliana in aon scair ná binitiúr de chuid na cuideachta, dá cuideachta sealbhaíochta ná dá comh-fhochuideachtaí tráth ar bith le linn na bliana.

Ní raibh aon chonradh ná socrú a rinneadh i gcaitheamh na bliana ina raibh leas ábhartha ag stiúrthóir i dtaca le gnó na cuideachta.

## An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Na sonraí maidir leis na beartais agus na nósanna imeachta arna gcur chun feidhme ag Grúpa Chóras Iompair Éireann, agus an chuideachta seo san áireamh, i ndiaidh fhoilsiú an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, tá siad leagtha amach i dTuarascáil Bhliantúil Ghrúpa Chóras Iompair Éireann. Leagtar síos íoschaighdeáin sa chód agus déanann an Bord tréaniarracht a chinntiú go bhfuil an dea-chleachtas i dtaobh Rialachas Corparáideach á chomhlíonadh aige agus é i mbun gnó. Tá na hathruithe de bharr chur chun feidhme leagan na bliana 2016 den Chód Chleachtais Chun Comhlachtaí Stáit a Rialú á léiriú go hiomlán i ráitis airgeadais na bliana 2018, agus leagtar amach thíos an Ráiteas faoin Rialú Inmheánach atá de dhíth.

## Ráiteas faoin Rialú Inmheánach

### Raon Feidhme na Freagrachta

Aithníonn Bus Éireann an fhreagracht atá air a chinntiú go gcoimeádtar agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh. Cuirtear san áireamh leis an bhfreagracht sin ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

### Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun riosca a bhainistiú ionas go mbeidh sé ar leibhéal inghlactha, agus níl chun fáil réidh leis ar fad. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart agus go bhfuil earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha á gcosc nó á mbrath ar shí thráthúil.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann le treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm i mBus Éireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 agus go dtí an dáta ar ar ceadaíodh na ráitis airgeadais.

### An Cumas i dtaobh Riosca a Láimhseáil

Tá Grúpa um Rioscaí agus Athbhreithniú ar Iniúchtaí (GRAI) ag Bus Éireann, agus déantar foráil lena chuid téarmaí maidir le roinnt stiúrthóirí a cheapadh chuig an ngrúpa sin, a nglacfaidh duine acu ról an Chathaoirligh. Tháinig an Coiste sin le chéile sé huaire i rith 2018.

Ina ról mar chuid de Ghrúpa CIÉ, tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ag Bus Éireann freisin, a bhfuil dóthain acmhainní aici agus a bhíonn ag gabháil do chlár oibre arna aontú leis an GRAI.

Ina ról mar chuid de Ghrúpa CIÉ, d'fhorbair Bus Éireann struchtúr bainistíochta riosca faoina leagtar an fhreagracht as bainistíocht riosca ar an bPríomhoifigeach Riosca agus Sábhaltachta nua-cheaptha (nó duine eile oiriúnach den lucht bainistíochta), agus leagann an té sin síos struchtúr tuairiscithe. Is é an Bord atá freagrach as an gcreat bainistíocht riosca a ullmhaíonn siadsan agus is é a cheadaíonn é. Tá an creat sin curtha in oiriúint dá gcuid cuspóirí straitéiseacha sonracha, agus chun a neamhchosaint ar rioscaí sonracha a bhainistiú go héifeachtach agus go héifeachtúil, i gcomhthéacs an bheartais.

Is é an beartas atá ann ná a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta cuí i bhfeidhm laistigh de Bhus Éireann chun na príomhrioscaí atá roimh gach réimse den ghnó a aithint, a mheas agus a bhainistiú. Is iad na príomhrioscaí iad siúd ar féidir leo dochar a dhéanamh dá cháil, dá acmhainn oibríochtúil nó dá acmhainn airgeadais, guaiseacha a chur faoi deara, nó é a stopadh óna chuspóirí a bhaint amach ar shlí ina léirítear drogall roimh rioscaí.

### An Creat Riosca agus Rialaithe

Soláthraítear dearbhú riosca trí mheán na trí líne cosanta. Is é an príomhdhifríocht atá idir na trí líne cosanta ná a leibhéil neamhspleáchais.

I samhail rialachais atá bunaithe ar thrí líne cosanta, déantar idirdhealú idir acmhainní riosca, maoirseacht rioscaí agus maoirsiú rioscaí mar seo a leanas:

- Úinéireacht riosca, eadhon na feidhmeanna a ghlacann seilbh ar na rioscaí agus a dhéanann iad a bhainistiú mar chuid dá ngníomhaíochtaí ó lá go lá (an chéad líne cosanta)
- Maoirseacht riosca, eadhon na feidhmeanna a dhéanann maoirseacht ar rioscaí agus a chuireann dúshlán na bhfoirne bainistíochta go stuama (an dara líne cosanta); agus
- Maoirsiú riosca, eadhon feidhmeanna a sholáthraíonn dearbhú neamhspleách (an tríú líne cosanta)

Tá úinéireacht rioscaí ailínithe le húinéireacht ghnó. Toisc go bhfuil na daoine atá i gceannas ar na rannóga freagrach as cuspóirí gnó a bhaint amach, is iad atá freagrach ar deireadh thiar, ina gcáil mar úinéirí rioscaí, as rioscaí a bhaineann lena gcuid réimsí freagrachta féin a aithint agus a bhainistiú. Feidhmíonn siad an fhreagracht sin trína chinntiú go gcuirtear aithint rioscaí san áireamh go hiomlán i ngníomhaíochtaí laethúla na ndaoine atá ag obair laistigh dá rannóga.

# *Tuarascáil na Stiúrthóirí (ar lean)*

Nuair a aithnítear rioscaí nua, sanntar iad d'úinéirí riosca, is é sin, Ceann na Rannóige. Féadfaidh an té sin bainistíocht an riosca a leagan ar bhainisteoir riosca a bheidh freagrach as anailís agus meastóireacht bhreise a dhéanamh ar an riosca atá i gceist agus dul i ngleic leis.

Tá córas bainistíochta riosca curtha chun feidhme ag Bus Éireann trí chóras bogearraí riosca ar féidir iniúchadh a dhéanamh air, Op Risk Control, a ceapadh lena chinntiú go nglacann úinéirí riosca agus baill foirne eile sna rannóga cur chuige comhsheasmhach, stuama ag gach céim den phróiseas bainistíochta riosca, ó aithint riosca go riosca a chur faoi bhráid leibhéal freagrachta níos airde. De réir ISO 31000, tá sé ina bheartas againn rioscaí a shainiú ar leibhéal is féidir a bhainistiú, is é sin, go ndéantar cur síos orthu ar shlí is leor ionas go bhféadfar measúnú a dhéanamh ar mhéid féideartha agus dóchúlacht an teagmhais, agus bearta maolaithe a chur chun feidhme.

Déanann an t-úinéir riosca atá freagrach na rioscaí a mheas agus é nó í ag baint úsáid as táblaí critéar riosca a forbraíodh ionas go luafar an grád riosca cuí le rioscaí atá lasmuigh den fhonn riosca, agus go sannfar an leibhéal cuí maoirseachta dóibh.

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Bíonn gach riosca nua-aitheanta agus príomhrioscaí, cinntí agus sonraí faoi aon rioscaí atá ag teacht chun cinn faoi réir athbhreithnithe piaraí.

Cuimseofar sna tuarascálacha tréimhsiúla an méid seo a leanas mar bheart caighdeánach

- Príomhrioscaí
- Athruithe ar ghrád na bpríomhrioscaí
- Rioscaí nua-aitheanta
- Rioscaí atá ag teacht chun cinn
- Forbhreathnú ar iomlán na rioscaí
- Rioscaí a sáraíonn an fonn riosca agus na bearta maolaithe

Ina dhiaidh sin cuirtear tuarascáil ar na rioscaí go léir, a stádas i leith fonn riosca agus a bhfeidhmíocht i gcoinne príomhtháscairí feidhmíochta faoi bhráid leibhéal bainistíochta níos airde, agus tuairiscí faoi mhionsonraí na rioscaí ag gabháil leo.

Chomh maith leis an méid thuasluaite, cuirtear gach príomhriosca ardleibhéil de chuid an Ghrúpa agus gach riosca atá ag teacht chun cinn faoi bhráid leibhéal bainistíochta níos airde ionas go ndéanfar measúnú orthu. Cuirtear tuarascáil ar na príomhriosca ardleibhéil de chuid an Ghrúpa, a stádas i leith fonn riosca agus a bhfeidhmíocht i gcoinne príomhtháscairí feidhmíochta faoi bhráid leibhéal bainistíochta níos airde, agus tuairiscí faoi mhionsonraí na rioscaí ag gabháil leo.

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le haghaidh monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as beart ceartaitheach a ghlacadh agus don lucht bainistíochta agus don bhord, nuair is cuí. Tá sé á dhearbhú ag Bus Éireann go bhfuil na córais monatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm aige:

- aithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis chun feidhme chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus chun tuairisciú a dhéanamh ar aon easnaimh a aithníodh,
- rinneadh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar a bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta, agus
- déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla i dtaobh feidhmíochta agus cúrsaí airgeadais ina léirítear feidhmíocht i gcoinne buiséad/réamhaisnéisí.

## Soláthar

Deimhníonn Bus Éireann go bhfuil nósanna imeachta ar bun aige chun a áirithiú go gcloítear leis na treoirlínte agus na rialacha soláthair is infheidhme. Chuir Grúpa CIÉ in iúl don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt go bhfuil tairseach €50,000 á cur i bhfeidhm aige maidir le neamhchomhlíontachtaí soláthair de bharr líon na gceannachán laistigh de Ghrúpa CIÉ agus an costas breise a bhaineann le faisnéis a sholáthar ar an leibhéal níos ísle. Tarraingítear aird an Aire ar nithe a thagann chun cinn maidir le rialú soláthair laistigh den Tuarascáil Bhliantúil Chuimsitheach trí Litir chuig Cathaoirleach CIÉ. Chaith Bus Éireann €7.4m ar bhealach neamhchomhlíontach sa bhliain 2018, arb' ionann agus 3% den chaiteachas soláthair incháilithe.

Tharla an neamhchomhlíonadh sin go príomha toisc go raibh an gnó dírithe ar athrú agus leanúnachas an tsoláthair sheirbhíse le linn tréimhse an-deacair ina stair. Bhain an neamhchomhlíonadh sin le busanna ar cíos agus le páirteanna spártha go príomha. Maidir le busanna ar cíos, bhí tacaíocht bhreise shuntasach ó chonraitheoir eile de dhíth ar an gcuideachta, chun leanúnachas seirbhíse a áirithiú, nach rabhthas ag súil léi sa tairiscint bhunaidh. Tá obair ar siúl cheana ar thairiscint úr a chuirfear chun críche le linn na bliana 2019, lena mbainfear amach comhlíonadh iomlán sa réimse sin arís faoin mbliain 2020. Tharla an neamhchomhlíonadh i dtaca le páirteanna spártha toisc go ndearnadh dearmad maolú a iarraidh i bhfianaise an athstruchtúraithe agus an athraithe shuntasaigh a rinneadh sa ghnó le linn na bliana 2018 faoi chuimsiú fheidhmeanna an tsoláthair agus na cothabhála. Tugadh aghaidh air sin in 2019 agus tá roinnt tairiscintí úra curtha ar bun thar raon catagóirí éagsúla.

Mar fhocal scoir, tá obair ar bun chun plean soláthair corparáideach a chur chun feidhme agus chun a áirithiú go bhfuil líon imleor daoine atá oilte go cuí laistigh de roinn an tsoláthair.

## Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Éilítear sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016, a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, go ndéanfaí athbhreithniú seachtrach ar bhonn tréimhsiúil ar éifeachtacht chreat bainistíochta riosca gach Comhlachta Stáit.

Fostaíodh Mazars chun athbhreithniú a dhéanamh ar Chreat Bainistíochta Riosca na Cuideachta Sealbhaíochta i rith 2017, agus i leith Bhus Éireann.

Fuarthas go raibh an Chuideachta ag cloí leis an gCód.

Ina theannta sin, tá sé á dhearbhú ag Bus Éireann go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm aige chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a chuid nósanna imeachta maidir le bainistíocht riosca agus rialú riosca. Bíonn an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann Bus Éireann ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar an obair a dhéanann na hiniúchóirí inmheánacha agus na hiniúchóirí seachtracha, an Grúpa um Rioscaí agus Athbhreithniú ar Iniúchtaí, a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus an lucht ardbhainistíochta sa Chuideachta atá freagrach as forbairt agus cothabháil a dhéanamh ar an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Tá sé á dheimhniú ag Bus Éireann go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha i leith na bliana 2018.

## Saincheisteanna a bhaineann le Rialú Inmheánach

Níor aithníodh aon laigí sa rialú inmheánach i leith na bliana 2018 ar gá iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.

## Ráitis Chomhlíontachta na Stiúrthóirí

Chun críocha alt 225 d'Acht na gCuideachtaí, 2014 ('an tAcht'), déanaimidne, na stiúrthóirí, an méid seo a leanas:

1. Admhaímid go bhfuilimid freagrach as a chinntiú go bhfuil an Chuideachta ag comhlíonadh a cuid oibleagáidí cuí mar atá sainithe in alt 225 (1) den Acht ('na hoibleagáidí cuí'); agus
2. Deimhnímid:
   (i) gur ullmhaíodh ráiteas comhlíontachta (mar a mhínítear in alt 225 (3) (a) den Acht) ina leagtar amach beartais na Cuideachta (a mheasaimid atá oiriúnach don chuideachta) maidir le comhlíonadh a cuid oibleagáidí cuí ag an gCuideachta
   (ii) gur cuireadh i bhfeidhm socruithe cuí nó struchtúir chuí, a mheasaimid atá ceaptha lena chinntiú go gcomhlíonfar go hábhartha oibleagáidí cuí na Cuideachta; agus
   (iii) go ndearnadh athbhreithniú ar na socruithe nó na struchtúir dá dtagraítear i mír (ii) thuas le linn na bliana airgeadais lena mbaineann an tuarascáil seo.

Thug Bus Éireann agus cuideachtaí eile de chuid Ghrúpa CIÉ faoi phróiseas mionsonraithe ionas go mbeidís ag cloí go hiomlán le ceanglais Acht na gCuideachtaí, 2014 i ndáil le Ráitis Chomhlíontachta Stiúrthóirí. Cuireadh athbhreithniú i gcrích ionas go bhféadfaí an dearbhú sin a thabhairt. Choimisiúnaigh Grúpa CIÉ an t-athbhreithniú sin thar ceann na gcuideachtaí oibríocha go léir atá i nGrúpa CIÉ agus is é Rannóg Iniúchóireachta Inmheánaí Ghrúpa CIÉ a bhí ina bhun. Eisíodh tuarascáil chuimsitheach agus rinne Grúpa Athbhreithnithe Iniúchta agus Riosca Bhus Éireann athbhreithniú mionsonraithe uirthi. Dearbhaíodh sa tuarascáil go raibh Bus Éireann ag cloí go hiomlán leis na ceanglais a bhaineann le Ráitis Chomhlíontachta Stiúrthóirí.

*Tuarascáil na Stiúrthóirí (ar lean)*

## Teagmhais Iarchláir Comhardaithe

Níl aon teagmhais shuntasacha iarchláir comhardaithe le tuairisciú lena n-éilítear coigeartú ar na ráitis airgeadais seachas iadsan a bhfuil cur síos orthu thíos.

Bhí an cuideachta páirteach in idirbheartaíocht lena bhfoireann i dtaca le éilimh rátaí pá amach i 2018 agus isteach i 2019 agus d'eisigh an Chúirt Oibreachais moladh go luath i 2019 a dhéanfaigh an foireann vótáil air i 2019.

## Stádas na Cuideachta

Tá an Chuideachta cláraithe mar Chuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe faoi Acht na gCuideachtaí, 2014.

## Saoráil Faisnéise

Síníodh an tAcht um Shaoráil Faisnéise (SF), 2014 ina dhlí anonn sa bhliain 2014. Le linn 2015, tháinig codanna áirithe de ghnó Bhus Éireann faoi fhorálacha an Achta sin. Leathnaíodh an tAcht ionas go gclúdófaí faoi na gníomhaíochtaí riaracháin arna ndéanamh ag rannóga de chuid na Cuideachta. Baineann na gníomhaíochtaí sin le soláthar seirbhísí Iompair Scoile don Roinn Oideachais agus Scileanna. Faoin Acht, tá Bus Éireann faoi réir ag iarratais um Shaoráil Faisnéise tríd an Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le taifid arna gcruthú ón 21 Aibreán 2008.

## Gnóthas Leantach agus Tacaíocht ó Ghrúpa CIÉ

Rinneadh an Litir Tacaíochta ó CIÉ a fhianú i Litir dar dáta an 3 Aibreán 2019 ó CIÉ chuig Bus Éireann.

Luaitear an méid a leanas sa Litir sin "Tá sé fós mar bheartas CIÉ go mbeidh an Chuideachta in ann a cuid dliteanas a shásamh i gcónaí. Leanfaidh CIÉ dá chearta mar scairshealbhóir agus a oibleagáidí reachtúla a chleachtadh d'fhonn a áirithiú go mbainistíonn an Chuideachta a cuid oibríochtaí, i gcomhréir lena pleananna gnó faofa, agus ar bhealach lena gcuirfear ar a cumas a oibleagáidí a chomhlíonadh go tráthúil.

Soláthróidh CIÉ an tacaíocht airgeadais is gá chun ligean don Chuideachta leanúint ag oibriú agus a dliteanais a leachtú i ngnáthchúrsa gnó ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad tar éis dáta sínithe na ráiteas airgeadais.

I gcás mainneachtana ag foghnóthas ar bith de chuid CIÉ a bhfuil méideanna amuigh acu ar an gCuideachta, tabharfaidh an Mháthairchuideachta cúiteamh i leith na gcaillteanas arna dtabhú.

Ciallaíonn an méid a bhfuil síniú leis thíos go bhfuil rochtain ag an Máthairchuideachta ar acmhainní agus saoráidí tiomnaithe lena gcuirtear ar chumas na Máthairchuideachta an tacaíocht airgeadais is gá a sholáthar don Chuideachta."

Thabhaigh Bus Éireann caillteanais dar luach €6.4m le haghaidh na bliana 2018 (2017: caillteanas dar luach €23.7m) tar éis costais eisceachtúla a bhain leis an gcúlchiste iompair scoile agus an clár athstruchtúraithe dar luach €7.9m in iomlán (2017: €16.4m). Gan costais eisceachtúla san áireamh b'ionann an toradh agus €1.6m (2017: easnamh de €7.2m) atá ina ábhar misnigh. Sa bhreis air sin, áirítear leis na glansócmhainní reatha dliteanais neamh-airgid dar luach € 24m (2017: €24.2) a bhaineann le hioncam iarchurtha agus ioncam iarchurtha maidir le hioncam agus deontais chaipitil. Dá bhrí sin, gan na míreanna neamh-airgid sin san áireamh, bhí glansócmhainní ag an gcuideachta dar luach €52.9m (2017: €24.1m).

Amhail an 31 Nollaig 2018 bhí glansócmhainní dar luach €13.7m ar an gclár comhardaithe. Cuirtear an staid feabhsaithe sin i gcomparáid le staid ina raibh glandliteanas de €16.9m sa bhliain 2017 agus baineadh amach an staid sin de thoradh ar athchaipitliú, ioncam méadaithe agus fócas leanúnach ar chost-éifeachtúlachtaí. Is ionann na glansócmhainní reatha agus €28.9m (2017: glandliteanais reatha €0.1m). Rinneadh aisíocaíocht dar luach €6.7m sa bhliain 2018 chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le cúlchiste lena chaitheamh ar Iompar Scoile amháin.

Tugadh faoi athchaipitliú dar luach €37.0m ar an gClár Comhardaithe sa bhliain 2018 trí scaireanna údaraithe dar luach 29.1m a mhéadú ag praghas de €1.269738 an ceann. Leis an athchaipitliú sin, áirithítear gur chomhlíon an Chuideachta ceanglas an chúlchiste d'fhonn iarratas a chur isteach ar cheadúnas oibreora, in éineacht le teagmhas breise dar luach €6.0m.

Bhí an plean gnó a cheadaigh an bord i mí na Bealtaine 2017 ina ghné lárnach sa mheasúnú a rinne an bord ar chumas na Cuideachta chun leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Bhí an clár claochlaithe fíorthábhachtach cheana féin chun staid Bhus Éireann a dhaingniú mar ghnóthas leantach, de réir mar a leanas:

- Rinneadh conradh dírdhámhachtana maidir le seirbhísí OSP a dhámhachtain ar Bhus Éireann le haghaidh na tréimhse 2020/2024.
- Bhuaigh Bus Éireann an tairiscint phoiblí um Oscailt an Mhargaidh Busanna (OMB) le haghaidh seirbhísí OSP Chathair Phort Láirge
- D'éirigh Expressway as an staid chaillteach ina raibh sé agus rinne sé brabús beag a thaifeadadh sa bhliain 2018
- Rinneadh an chuideachta a athchaipitliú bunaithe ar a staid airgeadais atá ag dul i bhfeabhas. Ciallaítear leis an athchaipitliú sin go bhféadfaidh Bus Éireann a cheadúnas oibriúcháin um Paisinéirí a Iompar de Bhóthar a athnuachan sa bhliain 2019

Tá sé shruth oibre i gceist leis an gclár claochlaithe reatha, lena n-áirítear tionscnaimh cost-éifeachtúlachta agus giniúna ioncaim dar luach €29.6m agus sprioc-thoradh bunlíne de €3m go €4m sa bhliain 2019.

Cuireadh foireann feidhmiúcháin nua ar bun chun maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an chláir. Tá na sruthanna oibre riachtanacha bunaithe ar athstruchtúrú cuideachta, athruithe ar na téarmaí agus coinníollacha d'fhostaithe de réir mholtaí ón gCúirt Oibreachais, coigiltis maidir le busanna ar cíos agus costais eile nach costais phárolla iad, srian a chur le seirbhísí neamhbhrabúsacha agus tionscnaimh ghiniúna ioncaim. Cuireadh tús le 84 thionscadal claochlaithe ar leithligh in iomlán mar chuid de chlár a bhfuil tionchar aige ar gach gné den chuideachta.

Faoi dheireadh na bliana 2018, baineadh amach €18.8m in iomlán trí ioncam méadaithe a ghiniúint den chuid is mó, agus dhírigh an fhoireann feidhmiúcháin arís ar aon difríochtaí sprice féideartha maidir le busanna ar cíos agus róchaiteachas i leith aistrithe feidhmiúcháin/cléireachais. Ba ghné chriticiúil den chlár giniúna ioncaim é an comhaontú le DSP maidir le maoiniú ceart d'aistir DSP ar sheirbhísí Expressway.

Leanfar leis an gclár oibre mionsonraithe sa bhliain 2019, agus tuartar go mbeidh idir €26m agus €28m sa choigilteas iomlán, agus ar an gcaoi sin bainfear amach an sprioctoradh don bhunlíne.

## Iniúchóirí

Tá sé curtha in iúl ag na hiniúchóirí, Deloitte Ireland LLP, Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúla, go bhfuil siad toilteanach leanúint ar aghaidh in oifig de réir Alt 383(2) d'Acht na gCuideachtaí, 2014.

## Nochtadh Faisnéise do na hIniúchóirí

A mhéid is eol do gach duine de na Stiúrthóirí a bhí in oifig ar an dáta ar ar ceadaíodh na ráitis airgeadais:

- níl aon fhaisnéis iniúchóireachta ábhartha nach bhfuil iniúchóirí na Cuideachta ar an eolas fúithi; agus
- tá gach beart déanta ag na Stiúrthóirí ar cheart dóibh a bheith déanta acu i gcáil Stiúrthóirí chun iad féin a chur ar an eolas faoi fhaisnéis iniúchóireachta ábhartha ar bith agus lena chinntiú go bhfuil iniúchóirí na Cuideachta ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

**Thar ceann an bhoird**

| | |
|---|---|
| **A Murphy** | **D Ashe** |
| *Cathaoirleach* | *Stiúrthóir* |

**3 Aibreán 2019**

# Ráiteas um Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

Tá na stiúrthóirí freagrach as tuarascáil na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Acht na gCuideachtaí, 2014.

Faoi dhlí na gcuideachtaí in Éirinn, ceanglaítear ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú i leith gach bliana airgeadais. Faoin dlí sin, chinn na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú de réir FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann ('an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha'). Faoi dhlí na gcuideachtaí, ní fhéadfaidh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a cheadú mura bhfuil siad deimhin go dtugtar léargas fíorcheart iontu ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na Cuideachta amhail deireadh na bliana airgeadais agus ar bhrabús agus caillteanas na Cuideachta i leith na bliana airgeadais, agus go gcomhlíonann siad Acht na gCuideachtaí, 2014 i ngach slí eile.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar na stiúrthóirí

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú i gcomhair Ráitis Airgeadais na Cuideachta agus iad a chur chun feidhme go comhsheasmhach ansin
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama
- a shonrú cibé ar ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme agus na caighdeáin sin atá i gceist a shainaithint, agus aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin sin a thabhairt ar aird agus a mhíniú; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach, ach amháin sa chás nach cuí a ghlacadh leis go leanfaidh an Chuideachta i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go gcoinníonn an Chuideachta, nó go gcuireann sí faoi deara go gcoinneofaí, taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ina ndéantar idirbhearta na Cuideachta a mhíniú agus a thaifeadadh go cruinn, a fhágann gur féidir, tráth ar bith, sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús agus caillteanas na Cuideachta a chinneadh go réasúnta cruinn, a chuireann ar a gcumas dóibh a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais agus tuarascáil na stiúrthóirí ag cloí le hAcht na gCuideachtaí, 2014 agus a fhágann gur féidir na ráitis airgeadais a iniúchadh.

Chomh maith leis sin, tá siad freagrach as sócmhainní na Cuideachta a chosaint agus, dá réir sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Tá na Stiúrthóirí freagrach as féachaint chuige go gcomhlíonfaidh an Chuideachta an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Ní gá gurb ionann an reachtaíocht in Éirinn maidir le hullmhú agus scaipeadh ráiteas airgeadais agus an reachtaíocht atá i bhfeidhm i ndlínsí eile. Tá na stiúrthóirí freagrach as cothabháil agus ionracas na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá ar láithreán gréasáin na Cuideachta.

# Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha

Do Chomhaltaí Bhus Éireann

## Tuarascáil ar Iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais

### Tuairim ar Ráitis Airgeadais Bhus Éireann (an 'Chuideachta')

Is é ár dtuairim é maidir leis na ráitis airgeadais:

- go dtugtar léargas fíorcheart iontu ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na cuideachta amhail an 31 Nollaig 2018 agus ar an gcaillteanas don bhliain airgeadais dar chríoch ar an dáta sin; agus
- gur ullmhaíodh go cuí iad de réir an chreata tuairiscithe airgeadais ábhartha agus, go háirithe, de réir cheanglais Acht na gCuideachtaí, 2014.

Is iad na ráitis airgeadais atá iniúchta againn ná:

- an Cuntas Brabúis agus Caillteanais
- an Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach
- an Clár Comhardaithe
- an Ráiteas um Athruithe ar Chothromas
- an Ráiteas faoi Shreabha Airgid agus
- na nótaí 1 go 27 a ghabhann leo, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha mar a leagtar amach i nóta

Is é an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha a cuireadh chun feidhme agus iad á n-ullmhú ná Acht na gCuideachtaí, 2014 agus FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann ('an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha').

### Bunús leis an Tuairim

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Éire) agus de réir an dlí is infheidhme. Déantar cur síos ar an bhfreagracht atá orainn faoi na caighdeáin sin thíos sa chuid '*Na freagrachtaí atá ar an Iniúchóir as an iniúchadh ar na ráitis airgeadais*' den tuarascáil uainn.

Táimid neamhspleách ar an gcuideachta de réir na gceanglas eitice is ábhartha maidir leis an iniúchadh a dhéanaimid ar na ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticiúil arna eisiúint ag Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann, agus chomhlíonamar na freagrachtaí eiticiúla eile atá orainn de réir na gceanglas sin. Creidimid gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuaireamar chun bunús a thabhairt leis an tuairim uainn.

### Conclúidí a Bhaineann le Gnóthas Leantach

Níl aon ní le tuairisciú againn maidir leis na nithe seo a leanas a gceanglaítear orainn faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Éire) tuairisc a thabhairt duit más rud é:

- nach cuí do na stiúrthóirí é leas a bhaint as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú; nó
- nár nocht na stiúrthóirí sna ráitis airgeadais aon ábhar neamhchinnteachta ábhartha a aithníodh a d'fhéadfadh amhras suntasach a chothú faoi chumas na Cuideachta leanúint de bhonn cuntasaíochta gnóthais leantaigh a ghlacadh ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta ar ar údaraíodh na ráitis airgeadais lena n-eisiúint.

### Faisnéis Eile

Is iad na stiúrthóirí atá freagrach as an bhfaisnéis eile. Cuimsítear leis an bhfaisnéis eile an fhaisnéis atá san áireamh sa tuarascáil bhliantúil, seachas na ráitis airgeadais agus tuairisciúil an iniúchóra uainn ina leith. Ní chuimsítear sa tuairim uainn ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile agus, ach amháin sa mhéid a luaitear a mhalairt go sainráite sa tuarascáil uainn, ní léirímid aon chineál conclúide dearbhaithe ina leith.

Maidir lenár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais, is é an fhreagracht atá orainn an fhaisnéis eile a léamh agus a bhreithniú an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuaireamar san iniúchadh, nó ar cosúil go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Má aithnímid neamhréireacht ábhartha den sórt sin nó ráiteas a ndealraíonn sé gur míráiteas ábhartha é, ní mór dúinn a chinneadh an bhfuil aon mhíráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais nó an ndearnadh míráiteas ábhartha i leith na faisnéise eile. Más rud é, ar bhonn na hoibre a rinneamar, go gcinnimid go ndearnadh míráiteas ábhartha i leith na faisnéise eile sin, ní mór dúinn an méid sin a thuairisciú.

Níl aon ní le tuairisciú againn i ndáil leis sin.

*Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha (ar lean)*

## Na Freagrachtaí atá ar na Stiúrthóirí

Mar a dtugtar míniú níos iomláine air i dTuarascáil na Stiúrthóirí, is iad na stiúrthóirí atá freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais agus as a bheith deimhin gur léargas fíorcheart a thugtar iontu agus go gcomhlíonann siad Acht na gCuideachtaí, 2014 i ngach aon slí eile, agus as cibé rialú inmheánach a chinnfidh na stiúrthóirí is gá ionas gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé de bharr calaoise nó de bharr earráide.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá na stiúrthóirí freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas na Cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, as nochtadh a dhéanamh, mar is infheidhme, ar nithe a bhaineann le gnóthas leantach agus as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid mura bhfuil sé i gceist ag na stiúrthóirí an Chuideachta a leachtú ná deireadh a chur leis na hoibríochtaí, nó nach bhfuil aon rogha réalaíoch acu ach é sin a dhéanamh.

## Na Freagrachtaí atá ar an Iniúchóir as an Iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais

Is iad na cuspóirí atá againn dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide, agus tuarascáil iniúchóra a eisiúint ina bhfuil an tuairim uainn. Ardleibhéal dearbhaithe is ea dearbhú réasúnta, ach ní hionann é agus ráthaíocht go n-aimseofar i gcónaí in iniúchadh arna dhéanamh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Éire) míráiteas ábhartha más ann dó. Is féidir go n-eascródh míráitis as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, astu féin nó le chéile, go bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnach leis go mbeadh tionchar acu ar chinntí geilleagracha na n-úsáideoirí arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Éire), déanaimid breithiúnas gairmiúil a fheidhmiú agus cothaímid sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Déanaimid an méid seo a leanas freisin:

- Déanaimid na rioscaí i dtaobh míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, cibé acu de bharr calaoise nó earráide, a aithint agus a mheasúnú, déanaimid nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh agus a fheidhmiú lena dtugtar freagra ar na rioscaí sin, agus faighimid fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt don tuairim uainn. Is airde an baol nach ndéanfar míráiteas ábhartha de bharr calaoise a bhrath ná míráiteas ábhartha de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon turas, mífhaisnéis, nó sárú an rialaithe inmheánaigh a bheith i gceist le calaois.
- Tagaimid ar thuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh a oireann do na himthosca, ach ní chun críocha tuairim a chur in iúl ar a éifeachtaí is atá rialú inmheánach na Cuideachta.
- Déanaimid measúnú ar a oiriúnaí is atá na beartais chuntasaíochta a d'úsáid na stiúrthóirí agus ar réasúnacht na meastachán cuntasaíochta agus an nochta ghaolmhair a rinne siad.
- Tugaimid breith ar a oiriúnaí a bhí sé ag na stiúrthóirí leas a bhaint as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an fhianaise iniúchta a fuarthas, cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil ábhar neamhchinnteachta ábhartha ann a bhaineann le teagmhais nó dálaí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chur ar an gcumas atá ag an gCuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leanúnach. Má chinnimid go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha i gceist, ní mór dúinn aird a dhíriú sa tuarascáil iniúchóra uainn ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, mura leor an nochtadh sin, an tuairim uainn a mhodhnú. Tá ár gcuid conclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas go dtí dáta thuarascáil an iniúchóra. Mar sin féin, d'fhéadfadh teagmhais nó dálaí sa todhchaí a bheith ina chúis leis go scoirfidh an t-eintiteas (nó, i gcás inarb ábhartha, an grúpa) d'fheidhmiú mar ghnóthas leanúnach.
- Déanaimid meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus cibé an léirítear nó nach léirítear go cothrom sna ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na teagmhais bhunúsacha.

Téimid i dteagmháil leis na daoine a bhfuil cúram rialachais orthu maidir le, i measc eile, raon feidhme agus amchlár beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha ón iniúchadh, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a aithníonn an t-iniúchóir le linn an iniúchta.

Tá an tuarascáil seo á cur faoi bhráid chomhaltaí na Cuideachta, mar chomhlacht, agus faoina mbráid siúd amháin de réir Alt 391 d'Acht na gCuideachtaí, 2014. Cuireadh i gcrích ár n-obair iniúchóireachta ionas go bhféadfaimis a lua le comhaltaí na Cuideachta na nithe sin a cheanglaítear orainn a lua leo i dtuarascáil iniúchóra agus chun na críche sin amháin. Sa mhéid is mó a cheadaítear le dlí, ní ghlacaimid freagracht d'aon duine seachas an Chuideachta agus comhaltaí na Cuideachta mar chomhlacht as ár n-obair iniúchóireachta, as an tuarascáil seo, ná as na tuairimí ar ar thángamar.

## Tuairisc ar Riachtanais Dlíthiúla agus Rialála eile

### Tuairim faoi nithe eile Leagtha Síos in Acht na gCuideachtaí 2014

Ar bhonn na hoibre a rinneamar agus an t-iniúchadh á dhéanamh againn, agus an obair sin amháin, tuairiscímid go bhfuil an méid seo a leanas amhlaidh:

- Fuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a mheasaimid a bheith riachtanach chun críocha ár n-iniúchta.
- Is é ár dtuairim é go raibh taifid chuntasaíochta na cuideachta leordhóthanach ionas go bhféadfaí iniúchadh furasta cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais.
- Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntais.
- Measaimid go bhfuil an fhaisnéis atá sonraithe i dtuarascáil na stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais agus gur ullmhaíodh tuarascáil na stiúrthóirí de réir Acht na gCuideachtaí 2014.

### Nithe nach mór dúinn Tuairisc a Thabhairt ina dTaobh ar Bhonn Eisceachta

Ar bhonn an eolais agus na tuisceana ar an gCuideachta agus a timpeallacht a fuarthas le linn an iniúchta, níor aithníomar míráitis ábhartha i ráiteas na stiúrthóirí.

Faoi Acht na gCuideachtaí, 2014, ceanglaítear orainn tuairisc a thabhairt daoibh, más amhlaidh, dar linn, nach ndearnadh an nochtadh ar luach saothair agus idirbhearta na stiúrthóirí atá sonraithe sa dlí. Níl aon ní le tuairisciú againn ina leith sin.

Faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (Lúnasa 2016) ('an Cód Cleachtais'), tá ceanglas orainn tuairisciú duit más rud é nach dtugtar léiriú ar chomhlíonadh alt 1.9(iv) den Chód Cleachtais ag an gcuideachta sa ráiteas maidir le córas an rialaithe inmheánaigh atá riachtanach faoin gCód Cleachtais, mar atá san áireamh sa Ráiteas Rialachais Chorparáidigh atá i dTuarascáil na Stiúrthóirí, nó más rud é go bhfuil sé ar neamhréir leis an bhfaisnéis atá ar eolas againn ón iniúchadh a rinneamar ar na ráitis airgeadais. Níl aon ní le tuairisciú againn i ndáil leis sin.

**Ciarán O'Brien**

**Ar son agus thar ceann Deloitte Ireland LLP**
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúla
Teach Deloitte & Touche
Ardán Port an Iarla
Baile Átha Cliath 2

**3 Aibreán 2019**

# Cuntas Brabúis agus Caillteanais

## Don Bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2018

| | Nótaí | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Láimhdeachas oibriúcháin | | 337,582 | 309,289 |
| Fáltais ón gconradh oibleagáide seirbhíse poiblí | | 52,825 | 47,713 |
| **Ioncam iomlán** | *3* | **390,407** | **357,002** |
| | | | |
| **Costais** | | | |
| An párolla agus costais ghaolmhara | *4(a)* | (129,107) | (125,609) |
| Ábhair agus seirbhísí | *6(a)* | (251,552) | (228,531) |
| **Iomlán na gcostas oibriúcháin** | | **(380,659)** | **(354,140)** |
| | | | |
| **TRÚCDA roimh chostais agus ioncaim eisceachtúla** | | **9,748** | **2,862** |
| Costais agus ioncaim (glan) eisceachtúla | *6(b)* | (7,932) | (16,446) |
| Dímheas agus amúchadh (glan) | *6(c)* | (7,932) | (9,597) |
| Brabús/(Caillteanas)ar dhiúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe | | 50 | (50) |
| | | | |
| **Barrachas roimh ús agus cháin** | | **(6,066)** | **(23,231)** |
| Ús iníoctha agus muirir dá shamhail | *7* | (316) | (447) |
| **Easnamh don bhliain roimh cháin** | | **(6,382)** | **(23,678)** |
| | | | |
| Cáin ar an easnamh i leith na bliana | *8* | – | – |
| | | | |
| **Barrachas don bhliain tar éis cánach** | | **(6,382)** | **(23,678)** |

# Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach

## Don Bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2018

| | Nótaí | 2018<br>€'000 | 2017<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| Easnamh tar éis cánach don bhliain | | (6,382) | (23,678) |
| Ioncam cuimsitheach eile don bhliain | | – | – |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | **(6,382)** | **(23,678)** |

# Clár Comhardaithe

## 31 Nollaig 2018

| | Nótaí | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Sócmhainní seasta doláimhsithe | *9* | 871 | 2,109 |
| Sócmhainní seasta inláimhsithe | *10* | 108,513 | 105,160 |
| | | **109,384** | **107,269** |
| Sócmhainní reatha | | | |
| **Stoic** | | | |
| Féichiúnaithe | *11* | 3,857 | 3,387 |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | *12* | 95,513 | 61,077 |
| Cash at bank and in hand | | 1,456 | 942 |
| | | **100,826** | **65,406** |
| **Creidiúnaithe** (suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin) | *13* | **(72,626)** | **(65,523)** |
| **Glan sócmhainní/(dliteanais) reatha** | | **28,200** | **(117)** |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | | **137,584** | **107,152** |
| Soláthairtí in aghaidh dliteanas | *14* | (58,262) | (65,188) |
| Ioncam iarchurtha | *15* | (65,597) | (58,865) |
| | | **(123,859)** | **(124,053)** |
| **Glan sócmhainní/(dliteanais)** | | **13,725** | **(16,901)** |
| **Caipiteal agus cúlchistí** | | | |
| Scairchaipiteal glaoite | *16* | 66,212 | 29,204 |
| Cuntas brabúis agus caillteanais - iarmhéid tosaigh | | (46,105) | (22,427) |
| Easnamh don bhliain | | (6,382) | (23,678) |
| **Caipiteal gnáthscaireanna iomlán** | | **13,725** | **(16,901)** |

**Thar ceann an Bhoird**

**A Murphy**
*Cathaoirleach*

**D Ashe**
*Stiúrthóir*

**3 Aibreán 2019**

# Ráiteas um Athruithe ar an gCaipiteal Gnáthscaireanna

## Don Bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2018

| | Nótaí | Scairchaipiteal glaoite | Cuntas brabúis agus caillteanais | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2017** | | 29,204 | ( 22,427) | 6,777 |
| Easnamh don bhliain | | – | (23,678 ) | ( 23,678) |
| Ioncam cuimsitheach eile don bhliain | | – | – | – |
| Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain | | | (23,678 ) | (23,678 ) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2017** | | **29,204** | **(46,105)** | **(16,901)** |
| | | | | |
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2018** | | 29,204 | (46,105) | (16,901) |
| Méadú i scairchaipiteal glaoite | *16* | 37,008 | – | 37,008 |
| Easnamh don bhliain | | – | (6,382) | (6,382) |
| Ioncam cuimsitheach eile don bhliain | | – | – | – |
| Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain | | 37,008 | (6,382) | |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2018** | | **66,212** | **(52,487)** | **13,725** |

# Ráiteas um Shreabhadh Airgid

## Don Bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2018

| | Nótaí | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Airgead ó oibríochtaí** | | | |
| **Airgead glan ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | *17* | **3,478** | **6,372** |
| | | | |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Breiseanna leis na sócmhainní seasta doláimhsithe | *9* | (143) | (250) |
| Breiseanna leis na sócmhainní seasta inláimhsithe | *10* | (26,241) | (32,218) |
| Fáltais díolacháin ar dhiúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe | | 50 | 8 |
| Deontais chaipitil a fuarthas | *15(b)* | 22,230 | 27,216 |
| Méadú i scairchaipiteal glaoite | | 37,008 | – |
| (Méadú) ar chomhardú leis an máthairchuideachta | | (35,552) | (1,015) |
| Ús a d'íoc an mháthairchuideachta agus a ghearr sí | *7* | (316) | (447) |
| **Airgead glan arna úsáid i ngníomhaíochtaí infheistíochta** | | **(2,964)** | **(6,706)** |
| | | | |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | | |
| **Airgead glan arna úsáid i ngníomhaíochtaí maoinithe** | | – | – |
| | | | |
| **Glan mhéadú/(laghdú) ar airgead tirim agus coibhéisí airgid** | | **514** | **(334)** |
| | | | |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag tús na bliana | | 942 | 1,276 |
| | | | |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana** | | **1,456** | **942** |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

Don Bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2018



## 1 Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta

### Ráiteas Comhlíontachta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais na uideachta ar bhonn gnóthas leantach de réir FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann, agus de réir Acht na gCuideachtaí 2014.

### Gníomhaíochtaí agus Úinéireacht

Is é CIÉ, ar fochuideachta de é Bus Éireann, údarás reachtúil náisiúnta na hÉireann a chuireann seirbhísí iompair phoiblí de thalamh ar fáil in Éirinn. Tá CIÉ ar lánúinéireacht ag Rialtas na hÉireann agus tuairiscíonn sé don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

Is cuideachta bainistíochta iompair é Bus Éireann, arb iad a phríomhghníomhaíochtaí bainistíocht agus pleanáil a dhéanamh ar ghréasán comhtháite seirbhísí, lena n-áirítear seirbhísí bus scoile a sholáthar, trí úsáid a bhaint as a acmhainní féin agus acmhainní fochonraitheoirí.

Is cuideachta Tráchtála Stáit é Bus Éireann, an chuideachta, agus tá sé ina chuid de Ghrúpa Cuideachtaí CIÉ. Athchláraíodh an chuideachta mar Chuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe le feidhm ón 1 Feabhra 2016, faoi Acht na gCuideachtaí 2014. Is 119570 uimhir cláraithe an cuideachta agus tá sé cláraithe i mBaile Átha Cliath le hoifigí cláraithe ar an Chloch Leathan, Baile Átha Cliath 7.

Baineann ráitis airgeadais na cuideachta le gníomhaíochtaí Bhus Éireann agus leo sin amháin.

### Achoimre ar Bheartais Shuntasacha Chuntasaíochta

Leagtar amach ar na leathanaigh seo a leanas na beartais shuntasacha chuntasaíochta a cuireadh i bhfeidhm agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú. Tá na beartais sin curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir leis na blianta go léir atá curtha i láthair, mura luaitear a mhalairt.

De réir mar a cheadaítear faoi Acht na gCuideachtaí 2014, tá leagan amach forordaithe an chuntais brabúis agus caillteanais oiriúnaithe ag na stiúrthóirí ar bhealach is cuí do chineál ghnó na cuideachta. Is ionann TRÚCDA agus tuilleamh cuideachta roimh choigeartú d'ús agus cánacha, dímheas ar shócmhainní seasta agus amúchadh na ndeontas caipitil arna bhfáil.

*(a) Bunús an ullmhúcháin*

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthas leantach, faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil.

Chun na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le FRS 102, ní mór leas a bhaint as boinn tuisceana thábhachtacha áirithe i leith na todhchaí, agus foinsí tábhachtacha eile neamhchinnteachta meastacháin ag an dáta tuairiscithe. Éilíonn sé freisin go ndéanfadh stiúrthóirí breithiúnas agus beartais chuntasaíochta na Cuideachta á gcur i bhfeidhm acu. Leagtar amach ag (v) thíos na réimsí ina bhfuil ardleibhéal breithiúnais nó castachta i gceist, nó na réimsí ina bhfuil baol nach beag go ndéanfadh boinn tuisceana agus meastacháin coigeartú ábhartha ar shuim ghlanluacha na sócmhainní agus na ndliteanas sa chéad bhliain airgeadais eile.

Faoi FRS 102, ceadaítear díolúintí áirithe ó nochtadh d'eintitis incháilithe. Eintiteas incháilithe is ea an chuideachta ach níor bhain sí leas as aon díolúine ó nochtadh atá ar fáil le haghaidh eintitis incháilithe.

*(b) Gnóthas leantach*

Tá súil réasúnach ag na stiúrthóirí go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag an gcuideachta chun leanúint i mbun gnó oibríochtúil go ceann i bhfad. Dá bhrí sin, ullmhaíodh ráitis airgeadais seo an eintitis ar bhonn gnóthas leantach. Tá tuilleadh faisnéise i nóta 2.

# *Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

### *(c) Airgeadra eachtrach*

*(i) Airgeadra feidhmiúil agus airgeadra tuairiscithe*

Mura luaitear a mhalairt, is é an euro airgeadra feidhmiúil agus airgeadra tuairiscithe na cuideachta, arna ainmniú ag an tsiombail '€'. Cuirtear na ráitis airgeadais i láthair ina mílte ('000).

*(ii) Idirbhearta agus iarmhéideanna*

Déantar idirbhearta atá ainmnithe san airgeadra eachtrach a aistriú chuig an airgeadra feidhmiúil ar bhonn na rátaí malairte ar an láthair ar dháta na n-idirbheart.

Ag deireadh gach bliana airgeadais, déantar míreanna airgeadaíochta in airgeadra eachtrach a aistriú ina euro ar an ráta reatha. Déantar míreanna neamhairgeadaíochta arna dtomhas ar a gcostas stairiúil a aistriú ar bhonn an ráta malairte ar dháta an idirbhirt agus déantar míreanna neamhairgeadaíochta arna dtomhas ar a luach cóir a thomhas ar bhonn an ráta malairte nuair a cinneadh an luach cóir.

Is sa chuntas brabúis agus caillteanais a aithnítear gnóthachain agus caillteanais airgeadra eachtraigh a eascraíonn as socraíocht idirbheart agus ón aistriú ag rátaí malairte ag deireadh na bliana airgeadais ar shócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta arna n-ainmniú in airgeadraí eachtracha.

Cuirtear i láthair gnóthachain agus caillteanais airgeadra eachtraigh a bhaineann le hiasachtaí agus airgead tirim agus coibhéisí airgid sa chuntas brabúis agus caillteanais faoi 'ús infhaighte agus ioncam dá shamhail' nó 'ús iníoctha agus muirir dá shamhail' mar is cuí. Cuirtear gach gnóthachan agus caillteanas airgid eachtraigh eile i láthair.

### *(d) Láimhdeachas*

Cuimsíonn an láimhdeachas luach comhlán na seirbhísí arna soláthar. Déantar an láimhdeachas a thomhas ar luach cóir na comaoine a fhaightear nó is infhála agus is ionann é agus an méid is infhála i leith seirbhísí a soláthraíodh.

Aithnítear láimhdeachas sa tréimhse ina gcuirtear an tseirbhís ar fáil. Déantar cur síos thíos ar na príomhshruthanna ioncaim mar aon le cur síos ar an mbeartas aitheantais ioncaim le haghaidh gach srutha ioncaim:

Aithnítear ioncam airgid ar bhus agus ioncam ón gcóras ticéadaithe chomhtháite an lá a soláthraítear an tseirbhís. Tugtar anonn sna dliteanais na fáltais ó dhíol ticéad bliantúil agus táirgí eile le dáta sa todhchaí agus aithnítear iad sa ráiteas ioncaim thar thréimhse an táirge ábhartha.

Aithnítear ioncam eile sa tréimhse lena mbaineann sé.

### *(e) Íocaíochtaí agus Deontais na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí*

*(i) Íocaíochtaí na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí (OSP)*

Déileáiltear le híocaíochtaí OSP arna bhfáil agus na cinn is infhála i rith na bliana sa chuntas brabúis agus caillteanais sa tréimhse ina mbíonn siad infhála.

*(ii) Deontais ón Aontas Eorpach agus ón Státchiste*

Déantar deontais ón Aontas Eorpach (AE) agus ón Státchiste a bhaineann le caiteachas caipitiúil a chur chun sochair don ioncam iarchurtha nuair a bhíonn siad infhála. Déanann Bus Éireann taifead ar dheontais faoin tSamhail Fabhraithe de réir mhír 24 de FRS102. Déantar iad a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais ar an mbonn céanna ar a ndéanfar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

Aithnítear deontais i leith caiteachais sa chuntas brabúis agus caillteanais ag an am céanna is a thabhaítear an caiteachas gaolmhar a bhfuil an deontas beartaithe lena chúiteamh.

### *(f) Costais ábhar agus seirbhísí*

Cuimsítear le costais ábhar agus seirbhísí, a dtugtar costais oibriúcháin orthu freisin, na costais go léir a bhaineann le hoibríochtaí Bhus Éireann ó lá go lá, seachas costais dímheasa, amúchta agus phárolla a ndéantar iad a nochtadh go leithleach sa chuntas brabúis agus caillteanais, agus tá siad leagtha amach ar shlí níos mionsonraithe i nóta 5 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

### *(g) Ús infhála/ús iníoctha*

Aithnítear ioncam úis nó costas úis faoi mhodh an ghlanráta úis.

### *(h) Costais eisceachtúla*

I gcuntas brabúis agus caillteanais Bhus Éireann, aithnítear torthaí ar leithligh roimh mhíreanna sonracha. Is iad na míreanna sonracha iad siúd a measaimid nach mór iad a nochtadh go leithleach mar gheall ar a méid, a gcineál nó a minicíocht. Creideann an chuideachta go soláthraíonn an cur i láthair sin anailís bhreise toisc go ndírítear aird ar mhíreanna eisceachtúla dá bharr. Áirítear le nithe den sórt sin costais shuntasacha a bhaineann le hathstruchtúrú gnó.

Maidir leis an gcinneadh i dtaobh céard is brí le 'suntasach' sa sainmhíniú atá againn air, úsáideann an chuideachta idir bhreithiúnas cáilíochtúil agus bhreithiúnas cainníochtúil agus measúnú á dhéanamh ar na míreanna áirithe arb amhlaidh ina leith, de bhua a méid agus a gcineál, go nochtar i gcuntas brabúis agus caillteanais na Cuideachta agus sna nótaí gaolmhara iad mar mhíreanna eisceachtúla.

### *(i) Cáin ioncaim*

Cuimsíonn costas na cánach ioncaim don bhliain cáin reatha agus cáin iarchurtha arna n-aithint sa bhliain airgeadais. Cuirtear costas cánach ioncaim i láthair sa chomhpháirt chéanna den ioncam cuimsitheach iomlán (cuntas brabúis agus caillteanais nó ioncam cuimsitheach eile) nó den chaipiteal gnáthscaireanna leis an idirbheart nó an teagmhas eile as ar eascair an costas cánach ioncaim.

Ní dhéantar lascainiú ar shócmhainní agus dliteanais cánachais reatha ná cánachais iarchurtha.

*(i) Cáin reatha*

Is ionann cáin reatha agus an méid cánach ioncaim is iníoctha i leith an bhrabúis inchánaigh don bhliain airgeadais nó do bhlianta airgeadais roimhe sin. Déantar an cháin reatha a thomhas de réir mhéid na cánach reatha a mheastar a bheidh le híoc de réir rátaí cánach agus dlíthe cánach atá achtaithe nó achtaithe go substaintiúil faoi dheireadh na bliana airgeadais.

*(ii) Cáin iarchurtha*

Aithnítear cáin iarchurtha maidir leis na difríochtaí uainiúcháin, arb iad na difríochtaí idir brabúis inchánacha agus ioncam cuimsitheach iomlán mar atá luaite sna ráitis airgeadais. Eascraíonn na difríochtaí uainiúcháin ó chuimsiú ioncaim agus caiteachais sna measúnachtaí cánach i mblianta airgeadais seachas na cinn ina n-aithnítear iad sna ráitis airgeadais.

Aithnítear cáin iarchurtha ar na difríochtaí uainiúcháin ag deireadh gach bliana airgeadais faoi réir eisceachtaí áirithe. Ní aithnítear caillteanais chánach neamhfhaoisimh agus sócmhainní cánach iarchurtha eile ach amháin nuair is dócha go ndéanfar iad a aisghabháil i gcoinne aisiompú dliteanas cánach iarchurtha nó brabúis eile inchánacha sa todhchaí.

### *(j) Idirbhearta páirtithe gaolmhara*

Fochuideachta de chuid Ghrúpa CIÉ is ea Bus Éireann. Nochtann Bus Éireann idirbhearta le páirtithe gaolmhara nach bhfuil ar lánúinéireacht laistigh den ghrúpa. Ní nochtann sé idirbhearta le baill den ghrúpa céanna atá ar lánúinéireacht.

I ngnáthchúrsa an ghnó, ceannaíonn an chuideachta earraí agus seirbhísí ó eintitis arna rialú ag Rialtas na hÉireann. Ar na heintitis is tábhachtaí díobh sin tá An Post, Banc na hÉireann agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair. Tá na stiúrthóirí den tuairim nach bhfuil cainníocht na gceannachán sin ábhartha i ndáil le gnó na cuideachta.

# *Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

### *(k) Sócmhainní seasta doláimhsithe*

Tugtar bogearraí ríomhaire anonn ar an gcostas lúide amúchadh carntha agus caillteanais lagaithe charntha. Déantar bogearraí a amúchadh thar a saol úsáideach tuartha, idir trí bliana agus cúig bliana, ar mhodh an mhéid chothroim. Ní mheastar go bhfuil luach iarmharach ag bogearraí. Sa chás ina dtugtar le fios de bharr tosca amhail dul chun cinn na teicneolaíochta nó athruithe ar phraghsanna margaidh go bhfuil athrú tagtha ar shaol úsáideach na mbogearraí, déantar an saol úsáideach a leasú ar bhonn ionchasach chun na cúinsí nua a chur san áireamh. Déantar athbhreithniú i ndáil le lagú ar shócmhainní seasta doláimhsithe má tá aon rud ann a thabharfadh le fios go bhféadfadh an tsócmhainn sheasta dholáimhsithe a bheith lagaithe.

### *(l) Sócmhainní seasta inláimhsithe*

Déantar sócmhainní seasta inláimhsithe a thabhairt anonn ar a gcostas, lúide dímheas carntha agus caillteanais lagaithe charntha. Áirítear sa chostas an praghas ceannaigh bunaidh, costais arna dtabhú ar bhonn díreach i dtaobh an tsócmhainn a thabhairt chuig an láthair agus a chur sa riocht is gá don úsáid atá ceaptha di, agus costais díchoimisiúnaithe is infheidhme.

Is iad seo a leanas boinn ríofa an dímheasa:

*(i) Dímheas agus luachanna iarmharacha*

*Feithiclí paisinéirí bóthair*

Déantar dímheas ar chostas stairiúil na bhfeithiclí paisinéirí bóthair, seachas busanna scoile, thar a saol úsáideach tuartha, ar bhonn céatadáin laghdaithe a léiríonn úsáid na bhfeithiclí ar feadh a saoil. Déantar dímheas ar chostas stairiúil na mbusanna scoile i dtráthchodanna cothroma thar a saol úsáideach tuartha.

Tosaíonn an dímheas ar na sócmhainní sin nuair a chuirtear chun seirbhíse iad sa fhlít den chéad uair. Gearradh muirear bearnúcháin ar luach fhlít sa bhliain 2017, ach tar éis mionathbhreithniú rinneadh cinne nach raibh sé riachtanach muirear bearnúcháin a gearradh ar luach fhlít  le linn 2018.

*Gléasra agus innealra*

Déantar gléasra agus innealra a dhímheas, trí thráthchodanna cothroma bliantúla, ar bhonn costas stairiúil a leatar thar a saol úsáideach tuartha. Tar éis mionathbhreithniú rinneadh cinne nach raibh sé riachtanach muirear bearnúcháin a gearradh ar luach ghléasra agus innealra le linn 2018.

Tá sonraí i dtaobh shaol úsáideach tuartha na gcineálacha éagsúla sócmhainní chun críocha dímheasa sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

Déantar athbhreithniú ar luachanna iarmharacha na sócmhainní agus a saol úsáideach, agus déantar iad a choigeartú, más iomchuí, ag deireadh gach bliana airgeadais. Cuirtear éifeacht aon athraithe ar luachanna iarmharacha nó ar shaol úsáideach san áireamh sna cuntais ar bhonn ionchasach.

*(ii) Breiseanna agus comhpháirteanna móra iardain*

Ní dhéantar costais iardain, lena n-áirítear costais maidir le comhpháirteanna arna n-athsholáthar, a áireamh i suim ghlanluacha na sócmhainne ná a aithint mar shócmhainn ar leithligh, de réir mar is iomchuí, ach amháin nuair is dócha go mbeidh sochair eacnamaíocha a bhaineann leis an mír i ndán don chuideachta agus gur féidir an costas a thomhas ar bhonn iontaofa.

Caitear le comhpháirteanna móra mar shócmhainní ar leithligh sa chás ina mbaineann patrúin dhifriúla tomhaltais leo i dtaobh sochair eacnamaíocha agus déantar dímheas orthu go leithleach thar a saol úsáideach.

Cuirtear costais síos i leith deisiúcháin agus cothabhála de réir mar a thabhaítear iad.

*(iii) Dí-aithint*

Déantar sócmhainní inláimhsithe a dhí-aithint ar a ndiúscairt nó nuair nach bhfuiltear ag súil le haon sochar eacnamaíoch sa todhchaí. Tráth na diúscartha, déantar an difríocht idir an glanfháltas diúscartha agus an tsuim ghlanluacha a aithint sa chuntas brabúis agus caillteanais.

### *(m) Sócmhainní léasaithe*

*(i) Léasanna oibriúcháin*

Faoi léasanna oibriúcháin, ní aistrítear riosca agus luach saothair uile na húinéireachta go substaintiúil chuig an léasaí. Aithnítear íocaíochtaí faoi léasanna oibriúcháin sa chuntas brabúis agus caillteanais ar bhonn an mhéid chothroim thar thréimhse an léasa.

*(ii) Dreasachtaí léasa*

Déantar dreasachtaí a fuarthas chun dul i mbun léas oibriúcháin a aithint mar laghdú ar chostas an léasa oibriúcháin ar bhonn an mhéid chothroim thar thréimhse an léasa.

### *(n) Lagú na sócmhainní neamhairgeadais*

Ag deireadh gach bliana airgeadais déantar measúnú ar shócmhainní neamhairgeadais nach dtugtar anonn ar a luach cóir lena chinneadh cibé an bhfuil aon rud a thabharfadh le fios go bhféadfadh an tsócmhainn (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) a bheith lagaithe. Má thugtar a leithéid le fios déantar meastachán ar mhéid in-aisghabhála na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne).

Is ionann méid in-aisghabhála na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid) agus a luach cóir lúide costais díolacháin nó an luach úsáide, cibé acu is airde. Is ionann an luach úsáide agus luach láithreach na sreafaí airgid amach anseo a mheastar a eascróidh as úsáid leanúnach na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid) agus óna diúscairt deiridh. Agus an luach úsáide á thomhas, déantar sreafaí airgid roimh cháin agus ús a lascainiú ar ráta lascaine réamhchánach a léiríonn an ráta margaidh reatha saor ó riosca agus na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an tsócmhainn nach bhfuil na meastacháin ar shreabhadh airgid sa todhchaí coigeartaithe ina leith.

Más lú méid in-aisghabhála na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid) ná suim ghlanluacha na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid), laghdaítear an tsuim ghlanluacha chuig a méid in-aisghabhála. Aithnítear caillteanas lagaithe sa chuntas brabús nó caillteanais.

### *(o) Stoc*

Cuimsítear sna stoic ábhair chothabhála, páirteanna breise agus breosla agus míreanna eile éagsúla stoic. Déantar stoic ábhar agus páirteanna breise a luacháil ar a meánchostas ualaithe nó a nglanluach inréadaithe, cibé acu is ísle. Cuimsítear sa chostas an luach ceannaigh, lena n-áirítear cánacha agus dleachtanna agus iompar agus láimhseáil atá inchurtha go díreach i leith an stoc a thabhairt chuig a láthair reatha agus a chur ina riocht reatha.

Amhail dáta an chláir comhardaithe, díscríobhtar na stoic arb eol go bhfuil siad imithe i léig agus déantar caillteanas a thaifeadadh i ndáil le stoic a meastar atá lagaithe.

### *(p) Airgead tirim agus coibhéisí airgid*

Áirítear le hairgead tirim agus coibhéisí airgid airgead ar láimh, taiscí faoi ghlaoch le bainc, infheistíochtaí an-leachtach gearrthréimhseacha eile le haibíocht bhunaidh trí mhí nó níos lú, agus rótharraingtí bainc. Taispeántar rótharraingtí bainc leis na hiasachtaí sna dliteanais reatha.

### *(q) Ionstraimí airgeadais*

Roghnaigh an chuideachta forálacha Alt 11 agus Alt 12 de FRS 102 a chur chun feidhme maidir le cuntas a thabhairt i leith gach ceann dá cuid ionstraimí airgeadais.

*(i) Sócmhainní airgeadais*

Tá roinnt sócmhainní airgeadais bunúsacha ag an gCuideachta lena n-áirítear féichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile, méideanna atá dlite ó ghrúpchuideachtaí agus airgead tirim agus coibhéisí airgid, atá tar taifead leis na sócmhainní reatha mar chinn atá dlite laistigh de bhliain amháin.

## *Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

Aithnítear sócmhainní airgeadais bunúsacha den chéad uair ar an bpraghas idirbhirt (lena n-áirítear costais an idirbhirt), mura rud é gur idirbheart maoinithe is ea an socrú. Más rud é gur idirbheart maoinithe is ea an socrú, déantar an tsócmhainn airgeadais a thig as sin a thomhas ar dtús ar luach láithreach na bhfáltas sa todhchaí arna lascainiú ar ráta margaidh úis i gcomhair ionstraim fiachais den chineál céanna.

Déantar féichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile, airgead tirim agus coibhéisí airgid, agus sócmhainní airgeadais ó shocruithe ar idirbhearta maoinithe iad a tomhas ina dhiaidh sin ar chostas amúchta faoi mhodh an ghlanráta úis.

Ag deireadh gach bliana airgeadais, déantar sócmhainní airgeadais arna dtomhas ar chostas amúchta a mheasúnú i leith fianaise oibiachtúil ar lagú. Má tá fianaise oibiachtúil ann go bhfuil lagú tagtha ar shócmhainn airgeadais arna tomhas ar chostas amúchta, aithnítear caillteanas lagaithe sa chuntas brabús nó caillteanais. Is ionann an caillteanas lagaithe agus an difríocht idir suim ghlanluacha na sócmhainne airgeadais agus luach láithreach shreafaí airgid measta na sócmhainne airgeadais arna lascainiú ag glanráta úis bunaidh na sócmhainne.

Más rud é, i mbliain airgeadais ina dhiaidh sin, go laghdóidh méid an chaillteanais lagaithe agus gur féidir an laghdú a cheangal go hoibiachtúil le teagmhas a tharla tar éis gur aithníodh an lagú, déantar an caillteanas lagaithe a aithníodh roimhe sin a aisiompú. Déantar an t-aisiompú sa chaoi is nach sáróidh an tsuim ghlanluacha láithreach luach na suime glanluacha dá mba rud é nár aithníodh an caillteanas lagaithe roimhe sin. Aithnítear aisiompú an lagaithe sa chuntas brabúis agus caillteanais.

*(ii) Dliteanais airgeadais*

Ar an gcaoi chéanna, déantar roinnt ionstraimí airgeadais bunúsacha atá san áireamh sna dliteanais reatha, lena n-áirítear creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile, iasachtaí bainc agus rótharraingtí agus iasachtaí ó ghrúpchuideachtaí eile, a aithint den chéad uair ar phraghas an idirbhirt, mura rud é gur idirbheart maoinithe is ea an socrú. Más rud é gur idirbheart maoinithe is ea an socrú, déantar an dliteanas airgeadais a thig as sin a thomhas ar dtús ar luach láithreach na n-íocaíochtaí sa todhchaí arna lascainiú ar ráta margaidh úis i gcomhair ionstraim fiachais den chineál céanna.

Déantar creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile, iasachtaí ó ghrúpchuideachtai eile, agus dliteanais airgeadais ó shocruithe ar idirbhearta maoinithe iad a thabhairt anonn ina dhiaidh sin ar chostas amúchta faoi mhodh an ghlanráta úis.

Is ionann creidiúnaithe trádála agus oibleagáidí i leith íoc as earraí nó seirbhísí atá faighte i ngnáthchúrsa an ghnó ó sholáthraithe. Déantar creidiúnaithe trádála a aicmiú mar chinn atá dlite laistigh de bhliain amháin má bhíonn íocaíocht dlite laistigh de bhliain amháin nó níos lú. I gcás ar bith eile, cuirtear i láthair iad mar shuimeanna atá dlite tar éis níos mó ná bliain amháin. Aithnítear creidiúnaithe trádála ar dtús ar phraghas an idirbhirt agus déantar iad a thomhais ina dhiaidh sin iad ar a gcostas amúchta faoi mhodh an ghlanráta úis.

### *(r) Soláthairtí*

Is ionann soláthairtí agus dliteanais atá neamhchinnte ó thaobh ama nó méid. Aithnítear soláthairtí nuair a bhíonn oibleagáid dlí nó oibleagáid inchiallaithe reatha ar an gCuideachta de thoradh teagmhais a tharla roimhe seo; nuair is dócha go mbeidh aistriú sochar geilleagar de dhíth chun an oibleagáid a ghlanadh; agus nuair is féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ar mhéid na hoibleagáide.

Déantar soláthairtí a thomhas mar luach reatha an mheastacháin is fearr ar an méid is gá chun an oibleagáid a ghlanadh ag baint úsáid as ráta réamhchánach a léiríonn measúnuithe reatha an mhargaidh ar amluach airgid agus na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an dliteanas. Déantar athbhreithniú ar sholáthairtí ag deireadh gach bliana airgeadais agus déantar iad a choigeartú chun an meastachán reatha is fearr a thabhairt ar an méid is gá chun an oibleagáid a ghlanadh. Aithnítear leachtú na lascaine mar chostas airgeadais sa chuntas brabúis agus caillteanais, arna chur i láthair faoi 'ús iníoctha agus muirir dá shamhail' sa bhliain airgeadais ina dtagann sé i gceist.

Sa chás ina bhfuil roinnt oibleagáidí dá samhail ann, cinntear an dóchúlacht go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní ag teastáil chun iad a ghlanadh trí bhreathnú ar aicme na n-oibleagáidí ina hiomláine.

Aithnítear soláthairtí i ndáil le hathstruchtúrú nuair a bhíonn oibleagáid dlí nó oibleagáid inchiallaithe ar an gCuideachta ag deireadh na bliana airgeadais i dtaobh an t-athstruchtúrú a chur i gcrích. Tá oibleagáid inchiallaithe ar an gCuideachta athstruchtúrú a dhéanamh nuair is ann do phlean mionsonraithe foirmiúil don athstruchtúrú sin agus nuair a chruthaigh an chuideachta ionchas bailí i measc na ndaoine dá ndéanann sé difear, trí thosú ar an bplean a chur chun feidhme nó trí phríomhghnéithe an phlean a fhógairt dóibh siúd dá ndéanann sé difear.

Déantar soláthar do chostas measta na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil íoctha ag dáta an chláir comhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil tuairiscithe (IBNR) don chuideachta fós.

Cuimsítear sna soláthairtí eile soláthairtí a bhaineann le hoibriú na seirbhísí bus, soláthairtí a bhaineann le pá, soláthairtí comhshaoil, éilimh dlí agus soláthairtí a bhaineann le pinsin.

Ní dhéantar soláthar i gcoinne caillteanais oibriúcháin sa todhchaí.

### *(s) Dliteanais agus sócmhainní teagmhasacha*

I gcás dliteanais theagmhasacha, a eascraíonn de thoradh nithe a tharla roimhe seo, ní aithnítear mar dhliteanas iad toisc nach dócha go mbeidh ar an gCuideachta sochair eacnamaíocha a aistriú chun an oibleagáid a ghlanadh nó toisc nach féidir an méid a thomhas go hiontaofa ag deireadh na bliana airgeadais. Ní aithnítear oibleagáidí féideartha neamhchinnte mar dhliteanais ach is dliteanais theagmhasacha iad. Nochtar dliteanais theagmhasacha sna ráitis airgeadais ach amháin mura dócha in aon chor go dtarlóidh eis-sreabhadh acmhainní.

Ní aithnítear sócmhainní teagmhasacha. Nochtar sócmhainní teagmhasacha sna ráitis airgeadais nuair is dócha go dtarlóidh insreabhadh sochar geilleagrach.

### *(t) Sochair d'fhostaithe*

Cuireann an chuideachta roinnt sochar ar fáil d'fhostaithe ag brath ar a ngrád, a sinsearacht agus ar oibleagáidí reachtúla. I measc na sochar tá íoc tuarastail nó pá agus íoc préimheanna le haghaidh obair bhreise arna déanamh.

Lena chois sin déantar ranníocaíochtaí fostóra maidir le pinsean, i gcás baill foirne incháilithe, isteach sna scéimeanna pinsin faoi seach.

*Plean pinsin le sochar sainithe*

Feidhmíonn Grúpa CIÉ dhá phlean le sochar sainithe (Scéim Pinsean CIÉ don Fhoireann ar Phá Rialta agus plean sochar sainithe Scéim 2000 (Leasú) Scéim Aoisliúntais CIÉ 1951) d'fhostaithe ghrúpa CIÉ. Sainítear i bplean le sochar sainithe an sochar pinsin a gheobhaidh an fostaí ar dhul ar scor dó nó di, ag brath de ghnáth ar roinnt tosca lena n-áirítear aois, fad seirbhíse agus luach saothair. Is ionann plean le sochar sainithe agus sochar iarfhostaíochta seachas ranníocaíochtaí sainithe.

Tá cuntas tugtha ar na scéimeanna sin i ráitis airgeadais Ghrúpa CIÉ. Tomhaistear sócmhainní na scéime pinsin le sochar sainithe ar a luach cóir. Tomhaistear dliteanais na scéime pinsin le sochar sainithe ar bhonn achtúireach faoi mhodh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa. Léirítear barrachas dhliteanas na scéimeanna ar shócmhainní na scéimeanna mar dhliteanas ar chlár comhardaithe CIÉ.

Glacann na fochuideachtaí go léir, mar aon le CIÉ féin, páirt i Scéim Pinsean CIÉ don Fhoireann ar Phá Rialta agus plean sochar sainithe Scéim 2000 (Leasú) Scéim Aoisliúntais CIÉ 1951. Ní shonraítear i rialacha na scéime conas ba chóir aon bharrachas nó easnamh a leithdháileadh i measc fostóirí rannpháirteacha agus níl aon chomhaontú conartha ná beartas luaite i dtaobh glanchostas sochar sainithe a leithdháileadh ar na grúpeintitis aonair. Dá réir sin, aithnítear glanchostas sochar sainithe na scéimeanna ina n-iomláine i ráitis airgeadais ar leithligh CIÉ toisc gurb amhlaidh, in éagmais socrú foirmiúil conartha a bheith i bhfeidhm, go gcreideann na stiúrthóirí gurb é an t-eintiteas sin atá freagrach as na scéimeanna faoin dlí. Aithníonn na heintitis rannpháirteacha eile, lena n-áirítear Bus Éireann, costas arb ionann é agus a ranníocaíocht i leith na tréimhse. Tá sonraí breise i dtaobh na scéimeanna sin leagtha amach i nóta 19.

# *Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

### *(u) Caipiteal gnáthscaireanna*

Déantar gnáth-scairchaipiteal glaoite agus cúlchistí ioncaim a aicmiú mar chaipiteal gnáthscaireanna agus atá siad leagtha amach i nóta 16 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

### *(v) Meastacháin agus boinn tuisceana ríthábhachtacha cuntasaíochta*

Déantar athmheasúnú leanúnach ar mheastacháin agus breithiúnais arna ndéanamh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú agus tá siad bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar thosca eile, lena n-áirítear meastacháin maidir le teagmhais amach anseo a mheastar a bheith réasúnach sna himthosca.

Déanann na stiúrthóirí meastacháin agus tagann siad ar bhoinn tuisceana maidir leis an am atá le teacht. De réir sainmhínithe, is annamh a bheidh na meastacháin chuntasaíochta sin díreach mar an gcéanna leis na torthaí iarbhír a bhaineann leo. Tugtar aghaidh anseo thíos ar na réimsí ina bhfuil ardleibhéal breithiúnais nó castachta i gceist agus ar na meastacháin agus na boinn tuisceana lena mbaineann baol nach beag go mbeidís ina gcúis le coigeartú ábhartha ar shuimeanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas sa chéad bhliain airgeadais eile.

*(i) Saol úsáideach tuartha na sócmhainní inláimhsithe*

Braitheann an muirear dímheasa bliantúil i gcás sócmhainní inláimhsithe ar athruithe ar shaol úsáideach tuartha agus luachanna iarmharacha na sócmhainní. Déantar an saol úsáideach tuartha agus na luachanna iarmharacha a athmheasúnú gach bliain. Déantar iad a leasú de réir mar is gá chun meastacháin reatha a léiriú, bunaithe ar dhul chun cinn na teicneolaíochta, infheistíochtaí sa todhchaí, úsáid eacnamaíoch agus riocht fisiciúil na sócmhainní. Tá suim ghlanluacha na sócmhainní doláimhsithe, an fhearais agus an trealaimh, agus saol eacnamaíoch úsáideach maidir le gach aicme sócmhainní leagtha amach i nóta 9 agus nóta 10.

*(ii) Soláthar i dtaobh éileamh um dhliteanas tríú páirtí agus dhliteanas fostóirí, agus aisghabhálacha gaolmhara*

Déantar soláthar ag deireadh na bliana do chostas measta na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil íoctha ar dháta an chláir comhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil tuairiscithe (IBNR) don chuideachta fós.

Glacann an chuideachta gach céim réasúnach lena chinntiú go bhfuil an fhaisnéis chuí aici maidir lena nochtadh ar éilimh. Mar sin féin, mar gheall ar an neamhchinnteacht maidir le soláthairtí éileamh a bhunú, is dócha go mbeidh an toradh deiridh difriúil ón dliteanas bunaidh a cinneadh.

Tá tuilleadh sonraí leagtha amach i nóta 14 a ghabhann leis na ráitis airgeadais

*(iii) Scéim pinsin le sochar sainithe*

Tá sé d'oibleagáid ar ghrúpa CIÉ, dá bhfuil an chuideachta ina ball, sochair phinsin a íoc le fostaithe áirithe. Braitheann costas na sochar agus luach reatha na hoibleagáide ar roinnt tosca, lena n-áirítear ionchas saoil, méaduithe tuarastail, luachálacha sócmhainne agus an ráta lascaine ar bhannaí corparáideacha. Leagtar síos ar shlí níos mionsonraithe i nóta 19 a ghabhann leis na ráitis airgeadais nithe a bhaineann le costais pinsean agus scéimeanna pinsin.

*(iv) Feithiclí paisinéirí bóthair a fuarthas faoin gcomhaontú leis an Údarás Náisiúnta Iompair maidir le busanna ar cíos*

Déantar aon rud breise a chuirtear le feithiclí paisinéirí bóthair arna bhfáil faoin gcomhaontú leis an Údarás Náisiúnta Iompair maidir le busanna ar cíos a aithint i gcomhréir leis an mBeartas Cuntasaíochta Suntasach (l) thuas. Ar an gcuma chéanna, aithnítear deontas comhfhreagrach le haghaidh caiteachas caipitil i gcomhréir leis an mBeartas Cuntasaíochta Suntasach (e) thuas.

Chuir an chuideachta a tuairim i bhfeidhm maidir le sócmhainn a aithint agus maidir leis an deontas comhfhreagrach i gcásanna ina soláthraíonn an tÚdarás Náisiúnta Iompair sócmhainní bus don chuideachta faoi chomhaontú léasa.

Go bunúsach, ní dhearnadh aon athruithe suntasacha ar chearta agus oibleagáidí na cuideachta agus an Údaráis, mar atá forordaithe sa Chonradh Dírdhámhachtana. Bíonn sé de cheart ag an gcuideachta an tsócmhainn a úsáid ar feadh thromlach shaolré an bhus de réir dealraimh, ar chostas cíosa bhliantúil nach léiríonn luach na sócmhainne atá ar léas. Ina theannta sin, aistrítear na rioscaí agus sochair uile a bhaineann le húinéireacht chuig an gcuideachta nuair a fhaigheann sí an bus.

Tá an costas is infheidhme maidir leis na feithiclí paisinéirí bóthair arna bhfáil faoin gcomhaontú um busanna ar cíos bunaithe ar chomhairle ón Údarás Náisiúnta Iompair maidir leis an gcostas a thabhaigh an tÚdarás chun gach bus a fháil ón soláthraí. Déanfaidh an chuideachta athbhreithniú agus measúnú ar na meastacháin agus na tuairimí a bhaineann leis an gceart chun an tsócmhainn a úsáid go tréimhsiúil i gcás aon athruithe ar an gconradh nó athrú imthosca. Tá tuilleadh sonraí leagtha síos i nóta 10 leis na ráitis airgeadais.

## 2 Gnóthas Leantach

### (a) Cuideachta

Amhail an 31 Nollaig 2018, tá glansócmhainní dar luach €13.7m (2017: glandliteanais dar luach €16.9m) agus glansócmhainní reatha dar luach €28.m (2017: glandliteanais reatha dar luach €0.12m) ag an gcuideachta.

Mar chuid de na glansócmhainní reatha áirítear dliteanais neamh-airgid dar luach € 24m (2017: €24.2) a bhaineann le hioncam iarchurtha agus ioncam iarchurtha maidir le hioncam agus deontais chaipitil.

Dá bhrí sin, gan na míreanna neamh-airgid sin san áireamh, bhí glansócmhainní ag an gcuideachta dar luach €52.9m (2017: €24.1m).

Áirítear le glansócmhainní na cuideachta dliteanais neamh-airgid dar luach €89.7m (2017: €83m) a bhaineann le hioncam iarchurtha agus ioncam iarchurtha maidir le hioncam agus deontais chaipitil.

Dá bhrí sin, gan na míreanna sin san áireamh, tá glansócmhainní ag an gcuideachta dar luach €103.4m (2017: € 66.1m).

Feidhmíonn an Grúpa córas comhchiste. Braitheann an Chuideachta ar shaoráidí baincéireachta an Ghrúpa ionas go mbeadh sí in ann a cuid oibríochtaí a bhainistiú i gcomhréir lena plean gnó faofa. Leagtar amach staid airgeadais an Ghrúpa sa roinn seo a leanas.

### Litir Tacaíochta

Fianaítear an tacaíocht reatha ó Ghrúpa CIÉ sa litir tacaíochta, dar dáta an 3 Aibreán 2019.

Sonraítear an méid a leanas sa litir: "tá sé fós mar bheartas CIÉ go mbeidh an Chuideachta in ann a cuid dliteanas a shásamh i gcónaí. Leanfaidh CIÉ dá chearta mar scairshealbhóir agus a oibleagáidí reachtúla a chleachtadh d'fhonn a áirithiú go mbainistíonn an Chuideachta a cuid oibríochtaí, i gcomhréir lena pleananna gnó faofa, agus ar bhealach lena gcuirfear ar a cumas a oibleagáidí a chomhlíonadh ar chaoi thráthúil. Soláthróidh CIÉ an tacaíocht airgeadais is gá chun ligean don Chuideachta leanúint ag oibriú agus a dliteanais a leachtú i ngnáthchúrsa gnó ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad tar éis dháta sínithe na ráiteas airgeadais. I gcás mainneachtana ag foghnóthas ar bith de chuid CIÉ a bhfuil méideanna amuigh acu ar an gCuideachta, tabharfaidh an Mháthairchuideachta cúiteamh i leith na gcaillteanas arna dtabhú.

### (b) An Grúpa

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhunús leanúnach, a ghlacaan leis go mbeidh acmhainní fónta ag CIÉ agus Grúpa CIÉ (an Ghrúpa) le saol oibríochtúil a leanúint ar feadh 12 mhí ar a laghad ó dáta ceadaithe na ráitis airgeadais seo.

### Cúlra

Amhail an 31 Nollaig 2018 bhí glandliteanas €410 milliún (2017: €636 milliún) ar na nGrúpa agus bhí glandliteanas reatha €184 milliún (2017: €200 milliún) air. Áirítear leis an nglandliteanas reatha míreanna neamhairgid €261 milliún (2017: €264 milliún) a bhaineann le hioncam iarchurtha i ndáil le deontais chaipitil agus ioncam iarchurtha. Dá bhrí sin, gan na míreanna neamhairgid sin san áireamh, tá glansócmhainní reatha €77 milliún (2017: €64 milliún) ag an nGrúpa. Áirítear le glandliteanas reatha an Ghrúpa dliteanais a bhaineann le hoibleagáidí pinsean le sochar sainithe €547 milliún (2017: €784 milliún) agus hioncam iarchurtha €2,421 milliún (2017: €2,494 milliún) i ndáil le deontais chaipitil faighte.

# *Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

**An Neamhchinnteacht atá le Sárú ag an nGrúpa**

Ainneoin feabhas suntasach a theacht ar an bhfeidhmíocht trádála in 2018, tá an Grúpa ag feidhmiú go fóill i dtimpeallacht dhúshlánach ghnó óna n-eascraíonn ábhair neamhchinnteachta.

Cé go bhfuil muinín ag an lucht bainistíochta go leanfar ar aghaidh ag comhlíonadh na leibhéal foriomlán airgeadais, lena n-áirítear iad siúd atá de dhíth ionas go gcomhlíonfaidh an Grúpa a chuid cúnant airgeadais, tá feidhmíocht an Ghrúpa sa todhchaí bunaithe ar roinnt spriocanna agus bonn tuisceana dúshlánach, a éilíonn go ndéanfaidh an lucht bainistíochta monatóireacht agus maoirseacht ar bhonn leanúnach.

Is féidir achoimre a dhéanamh ar na príomhábhair neamhchinnteachta a mbeidh tionchar acu ar thodhchaí an Ghrúpa faoi na ceannteidil seo a leanas:

### *2.1 Ioncam*

Tá comhlíonadh na spriocanna atá luaite le fás ioncaim don bhlian bunaithe ar bhoinn tuisceana éagsúla a bhaineann le méaduithe ar tháillí ainmniúla, méaduithe ar an líon aistear paisinéirí agus an meascán táillí idir tháillí airgid thirim agus táillí eile.

### *2.2 Costais Oibriúcháin*

Baineann fíorthábhacht go fóill leis na costais oibriúcháin a choimeád ar leibhéal cuí mar atá sonraithe i bpleananna an Ghrúpa. Is boinn tuisceana shuibiachtúla a úsáideadh chun an plean á ullmhú agus ní mór go ndéanfar dianmhonatóireacht ar fheidhmíocht i gcoinne an phlean, ionas gur féidir gníomhaíochtaí maolaitheacha, atá aitheanta ag an lucht bainistíochta cheana féin, a chur i bhfeidhm más gá.

Cuireadh tús le clár athstruchtúraithe suntasach sa bhliain 2017 maidir le todhchaí fhadtéarmach Bhus Éireann a áirithiú. Tar éis dó an Clár Claochlaithe a chur chun feidhme go rathúil d'éirigh le Bus Éireann brabús a bhaint amach arís sa bhliain 2018, roimh mhíreanna eisceachtúla. Tá Bus Éireann tar éis toradh maith a bhaint amach ar na príomhghnéithe den Chlár Claochlaithe agus táthar ag súil le tuilleadh feabhsaithe a dhéanamh.

De bharr meathlaithe ar chlár comhardaithe Bhus Éireann agus ceanglas comhlíontachta lena n-ordaítear nach mór caipiteal íosta agus cúlchistí comhionann leis na méideanna seo a leanas a bheith ag an gcuideachta; €9,000 don chéad fheithicil agus €5,000 do gach feithicil eile (arb ionann é agus thart ar €5 mhilliún) chun Ceadúnas Oibreora um Paisinéirí a Iompar de Bhóthar (RPTOL) a dhaingniú, rinneadh athchaipitliú sa bhliain 2018 chun a áirithiú go ndearnadh caipitliú imleor ar Bhus Éireann ionas go mbeadh sé in ann tabhairt faoina chuid oibríochtaí ar bhonn leanúnach.

Tar éis dian-athbhreithniú ar an gclár claochlaithe agus ar na pleananna 5 bliana ag CIÉ agus an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, rinneadh athchaipitliú dar luach €37m sa bhliain 2018.

### *2.3 Costais Infheistíochta*

Baineann fíorthábhacht leis an leibhéal cuí infheistíochta a bhaint amach maidir le cothabháil, athnuachan agus feabhsú an bhonneagair iompair phoiblí chun tacú le soláthar seirbhísí iompair phoiblí atá sábháilte, éifeachtach agus iontaofa. Dúshlán leanúnach don fhoireann bainistíochta is ea é a chinntiú go bhfuil an infheistíocht riachtanach á cistiú go cuí ionas nach mbainfidh éileamh infheistíochta oibríochtaí an Ghrúpa an bonn d'inbhuanaitheacht airgeadais an Ghrúpa.

Tá pleananna an Ghrúpa don bhliain 2019 ag brath ar chistiú breise don chaiteachas caipitiúil ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus ón Údarás Náisiúnta Iompair agus glactar leis go mbeidh cistiú i gcomhair infheistíochta ar fáil ó shreafaí airgeadais oibriúcháin freisin.

Braitheann inbhuanaitheacht an Ghrúpa san fhadtréimhse ar leibhéal cuí cistithe a bheith ar fáil ón rialtas chun cistiú a dhéanamh ar na seirbhísí iompair phoiblí a cheanglaítear faoi chonarthaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí an Ghrúpa.

Tá inbhuanaitheacht an Ghrúpa an-leochaileach i dtaobh na neamhchinnteachta a bhaineann leis an infheistíocht sa todhchaí a chistiú.

Dúshlán suntasach do gach páirtí leasmhar is ea cistiú na riachtanas infheistíochta san fhadtréimhse. Sa chás ina mbeidh gannchion sa leibhéal cistithe, beidh an riosca ann nach mbeidh sreabhadh airgid ag an ngrúpa ar leor é chun a chobhsaíocht airgeadais a chinntiú i rith shaolré an phlean gnó reatha 5 bliana. Sa chás sin, beidh an caipiteal oibre srianta agus beidh gá le monatóireacht leanúnach air. Bheadh gá le gníomhaíochtaí maolaitheacha le féachaint chuige nach ndéanfaí sárú ar na cúnaint airgeadais fhoriomlána, dá bhfuil an Grúpa ceangailte, agus go mba leor an sreabhadh airgid i ndiaidh infheistíochta chun oibleagáidí a ghlanadh de réir mar a bheidh siad dlite.

Bainistíonn an Grúpa ceadú infheistíochtaí ábharacha agus cuardaíonn sé deimhniú go bhfuil maoiniú cuí in áit roimh tosacht na infheistíochtaí seo mar mhaolú.

Chinn an tÚdarás Náisiúnta Iompair an méid seo a leanas i mí na Samhna 2018:

- Go ndéanfaí conradh nua 100% maidir le seirbhísí bus poiblí a sholáthar i gCeantar Bhaile Átha Cliath ó mhí na Nollag 2019 ar aghaidh a dhámhachtain go díreach ar Bhus Átha Cliath le haghaidh tréimhse cúig bliana.
- Go ndéanfaí conradh nua maidir le seirbhísí bus poiblí a sholáthar lasmuigh de Cheantar Bhaile Átha Cliath a dhámhachtain ar Bhus Éireann le haghaidh tréimhse cúig bliana, ach amháin roinnt seirbhísí, (thart ar 5%), dá mbeidh an conradh dírdhámhachtana le haghaidh tréimhse nach faide ná dhá bhliain, a thiocfaidh deireadh leis sa bhliain 2021.

Molann an tÚdarás Náisiúnta Iompair go ndámhfaí conradh seirbhíse poiblí go díreach ar Iarnród Éireann maidir le seirbhísí iompair paisinéirí poiblí d'iarnród, a chuirfear tús leis an 1 Nollaig 2019, tar éis dháta éaga an chonartha dírdhámhachtana atá ann faoi láthair, an 30 Samhain 2019. Meastar go mbeidh tréimhse deich mbliana i gceist leis an gconradh dírdhámhachtana.

## Leachtacht

Ag Eanáir 2018, d'urraigh Grúpa CIÉ leasú agus leathnú a shaoráid banc. Is saoráid tiomanta de €108m do thréimhse tosaigh 5 bliana le dhá rogha leathnaithe aon bhliain infheidhmithe ag deireadh bliain 1 agus bliain 2 den saoráid. Ag 31 Nollaig 2018, tharraing an Ghrúpa anuas €28m faoi na saoraidí iasachtach fadtéarmach. Ba é €80 milliún an méid neamhtharraingthe a bhí ar fáil don Ghrúpa faoi shaoráidí creidmheasa imrothlaigh an Ghrúpa.

Cuimsíonn na saoráidí sin roinnt cúnant airgeadais, ar chomhlíon an Grúpa iad ar fad in 2018. Creideann an lucht bainistíochta go leanfaidh an Grúpa ar aghaidh ag comhlíonadh na gcúnant atá sonraithe sa chomhaontú saoráide don tréimhse 12 mhí, ar a laghad, ón dáta ar ar ceadaíodh na ráitis airgeadais seo. Déanann an Grúpa monatóireacht leanúnach ar úsáid iarbhír agus úsáid thuartha a chuid saoráidí baincéireachta agus ar chomhlíonadh na gcúnant airgeadais laistigh dá shaoráidí. Tá iarmhéid airgid tirim glan de €221 milliún ag an Ghrúpa faoi láthair ag 21/12/2018.

## Pinsin

Tá easnamh i scéimeanna pinsean an Ghrúpa agus tháinig méadú mór ar an dliteanas ina leith i rith na bliana. D'eascair an méadú ar an dliteanas den chuid is mó as an ráta lascaine a úsáideadh le luach reatha na scéime a ríomh agus laghdú ar bhonn thuisceana rátaí boilscithe. Tá na scéimeanna fós faoi lé gluaiseachtaí suntasacha sna rátaí úis bunúsacha faoina dtomhaistear na dliteanais agus i luacháil na sócmhainní atá i seilbh na scéimeanna. Ní mór monatóireacht chúramach a dhéanamh ar an luaineacht leanúnach i leith luacháil na scéimeanna agus ní mór bearta a shainaithint ar féidir iad a chur chun feidhme, ar bhonn comhaontaithe, chun an riosca a bhaineann leis na scéimeanna a laghdú.

Measann an Grúpa gurb é an cur chuige cuí is ceart a ghlacadh san fhadtréimhse chun an riosca sin a mhaolú ná na scéimeanna a thabhairt slán ó rioscaí i gcomhairle leis an bhfoireann. Tá CIÉ i mbun rannpháirtíochta leis an bhfoireann chun bearta a aithint agus a aontú d'fhonn na scéimeanna a thabhairt slán ó rioscaí. Bainistíonn an Grúpa a bhuiséid lena chinntiú go gcoinnítear cuntas cuí, sa ghearrthéarma, ar impleachtaí airgid a chuid oibleagáidí pinsin.

# *Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

## Gníomhaíochtaí an Lucht Bainistíochta

Chomh maith leis na bearta maolaitheacha a bhfuil cuntas orthu thuas, tá roinnt beart curtha i gcrích agus á gcur i gcrích go fóill ag lucht bainistíochta an Ghrúpa agus CIÉ, lena n-áirítear:

- Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar rioscaí agus ar dheiseanna a théann i bhfeidhm ar phlean gnó cúig bliana an Ghrúpa.
- Plé a dhéanamh leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maidir leis an struchtúr cistithe cuí agus leis an nglantionchar airgeadais ar Bhus Átha Cliath, Bus Éireann agus Iarnród Éireann
- Plé le hionadaí foirne le beartanna a chomhaontú le díriú ar shuíomh airgeadais cistí pinsin and Ghrúpa
- Leanúint le tionscnaimh spárála costais a chur i bhfeidhm agus dianmhonatóireacht a dhéanamh orthu.
- Dianmhonatóireacht á déanamh ag an lucht bainistíochta ar an staid airgid laethúil, sheachtainiúil agus mhíosúil ar fud an Ghrúpa.
- Tionscnaimh chosanta ioncaim a chur chun feidhme agus gníomhaíochtaí nua a lorg chun ioncam a ghiniúint.

## Litir Tacaíochta

I gcomhréir le ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, rinne CIÉ plean leanúnach cúig bliana a fhaomhadh lena léirítear cuspóirí an scairshealbhóra, an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, agus sainordú straitéiseach agus dlíthiúil CIÉ.

Mar atá léirithe thuas, chomhaontaigh an Bord, le linn na bliana 2018, go ndéanfaí a chuid saoráidí baincéireachta a shíneadh, ar bhonn tiomnaithe, ar feadh cúig bliana eile. Tugann an Bord moltaí an Údaráis Náisiúnta Iompair faoi deara freisin, agus is díol sásaimh dó iad, chun conarthaí a dhámhachtain ar Bhus Átha Cliath, ar Bhus Éireann agus ar Iarnród Éireann maidir le seirbhísí iompair phoiblí a leanfaidh níos faide ná 12 mhí ó dháta faofa na ráiteas airgeadais seo.

Fuair CIÉ Litir Tacaíochta ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt sa bhliain 2017, agus nuair a bhí ráitis airgeadais na bliana 2018 á gcur i gcrích phléigh CIÉ agus an Roinn sin cibé an raibh gá fós le Litir Tacaíochta i bhfianaise na gcomaoineacha atá léirithe thuas, nó nach raibh. Comhaontaíodh, i gcomhthéacs phleananna cúig bliana faofa an Ghrúpa agus a staide airgeadais reatha, nach raibh gá leis an Litir Tacaíochta sin a thuilleadh.

## Focal Scoir

I ndiaidh fiosrúchán cuí a dhéanamh agus an neamhchinnteacht agus na bearta maolaitheacha atá luaite thuas a mheas, tá ionchas réasúnach agbaill an Bhoird gur leor an sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí trádála an Ghrúpa agus a saoráidí bainc mar atá faoi láthair chun cistiú a dhéanamh ar riachtanais leanúnacha an Ghrúpa agus CIÉ maidir le sreabhadh airgid, agus chun cúnant airgeadais an Ghrúpa faoi shocruithe shaoráidí baincéireachta an Ghrúpa a chomhlíonadh, don tréimhse 12 mhí ar a laghad ón dáta ar ar ceadaíodh na ráitis airgeadais seo.

Agus aird ar an méid atá sonraithe thuas, chinn an Bord Stiúrthóirí nach bhfágann na rioscaí thuasluaite gurb ann do neamhchinnteacht ábhartha a chaitheann amhras suntasach ar chumas an Ghrúpa leanúint ar aghaidh ag feidhmiú mar ghnóthas leantach.

Tá ionchus réasúnta ag Baill an Bhoird i dtaca le thuas go mbeidh acmhainní fónta ag an Ghrúpa agus CIÉ go leanfaidh a shaol oibríochtúil ar feadh 12 mí ar a laghad ó dáta ceadaithe na ráitis airgeadais seo agus tá siad den tuairim go bhfuil sé cuí glacadh le bunús gnóthas leantaigh ag ullmhadh na ráitis airgeadais.

## 3 Ioncam iomlán

Cuimsítear san ioncam iomlán láimhdeachas oibriúcháin, glan ar CBL in-aisghabhála, fáltais faoin gConradh Oibleagáide Seirbhíse Poiblí agus deontais Ioncaim. Tá sonraí breise i dtaobh Deontais Ioncam leagtha amach i nóta 15(b). Soláthraí seirbhísí iompair is ea an chuideachta agus soláthraíonn sí seirbhísí ar fud na hÉireann agus tá sí rialaithe ag an Údarás Náisiúnta Iompair.

## 4 (a) Costais phárolla agus costais ghaolmhara

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| **Costais foirne:** | | |
| Pá agus tuarastail | 108,587 | 105,441 |
| Costais leasa shóisialaigh | 10,800 | 9,966 |
| Costais eile na sochar scoir | 9,580 | 10,127 |
| | **128,967** | **125,534** |
| Obair innealtóireachta do ghrúpchuideachtaí arna hathmhuireарú | (72) | (56) |
| **Glanchostais foirne (gan luach saothair na stiúrthóirí san áireamh)** | **128,895** | **125,478** |
| | | |
| **Luach saothair na stiúrthóirí:** | | |
| – I leith seirbhísí mar stiúrthóirí | 64 | 72 |
| – I leith seirbhísí feidhmiúcháin | 25 | 57 |
| – Íocaíochtaí scor i leith seirbhísí feidhmiúcháin | 121 | – |
| | **210** | **129** |
| Ranníocaíochtaí a rinneadh le scéim pinsean le sochar sainithe | 2 | 2 |
| Luach saothair agus díolaíochtaí iomlána na stiúrthóirí | 212 | 131 |
| | | |
| **An párolla agus costais ghaolmhara** | **129,107** | **125,609** |

Níor tabhaíodh aon chostais i leith chailleadh oifige d'aon stiúrthóirí in 2018 ná 2017 ná tar éis dháta an chláir comhardaithe. Fuair stiúrthóir is fostaí amháin íocaíocht scor i leith seirbhísí feidhmiúcháin mar fhostaí le linn 2018.

I gcás stiúrthóir is fostaí amháin, rinne an chuideachta ranníocaíochtaí le ceann de na scéimeanna pinsean le sochar sainithe atá faoi bhainistiú ag Grúpa CIÉ maidir le seirbhísí feidhmiúcháin mar fhostaí agus ba é an costas a tabhaíodh ná €1,267 leith na bliana 2018 (2017: €2,222).

.

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

## 4 (b) Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú – Nochtuithe párolla

### Leasa Gearrthéarmach

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Bunúsach | 81,690 | 71,194 |
| Ragobair | 6,678 | 10,292 |
| Liúntais | 20,219 | 23,955 |
| | **108,587** | **105,441** |
| | | |
| **Comhiomlán Leasa Fostaithe** | | |
| Leasa gearrthéarmacha | 108,587 | 105,441 |
| Leasa dífhostaithe | 1,458 | 15,611 |
| Leasa Scor | 9,580 | 10,127 |
| ER ÁSPC | 10,800 | 9,966 |
| **Fo-iomlán** | **130,425** | **141,145** |
| | | |
| **Lúide** | | |
| Íocaíochtaí iarscoir eisceachtúla | 1,458 | 15,611 |
| Obair innealtóireachta do chuideachtaí eile sa Ghrúpa | 72 | 56 |
| **Fo-iomlán** | **128,895** | **125,478** |
| | | |
| **Móide** | | |
| Luach Saothair Stiúrthóirí | 212 | 131 |
| | | |
| **Iomlán** | **129,107** | **125,609** |

Leagtar amach na costais oibriúcháin eisceachtúla a bhaineann le híocaíochtaí téarnaimh i nóta 6(b).

## 4 (b) Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú – Nochtuithe párolla *(ar lean)*

### Leasa Gearrthéarmach Fostaithe

| Ó | Go | 2018 Líon na Foirne | 2017 Líon na Foirne |
|---|---|---|---|
| €0 | €25,000 | 1,004 | 712 |
| €25,000 | €50,000 | 1,503 | 1,578 |
| €50,000 | €75,000 | 451 | 450 |
| €75,000 | €100,000 | 35 | 29 |
| €100,000 | €125,000 | 8 | 6 |
| €125,000 | €150,000 | 6 | 2 |
| €150,000 | + | 2 | 3 |
| **Foireann Iomlán** | | **3,009** | **2,780** |

Léiríonn na figiúirí thuas líon na foirne ar párolla le linn na bliana agus daoine a tháinig isteach agus daoine a d'fhág san áireamh.

| | 2018 Líon | 2017 Líon |
|---|---|---|
| Ba é an meánlíon fostaithe i rith na bliana: | | |
| Lánaimseartha | 2,211 | 2,157 |
| Tiománaithe páirtaimseartha bus scoile | 351 | 373 |
| **Iomlán** | **2,562** | **2,530** |

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

## 4 (c) Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh

Áirítear le costas pá agus tuarastal an luach saothair seo a leanas atá iníoctha leis an bPríomhfheidhmeannach, an tUasal Ray Hernan agus an tUasal Stephen Kent, i leith seirbhísí feidhmiúcháin. D'éirigh Ray Hernan as a phost mar Phríomhfheidhmeannach ón 31 Lúnasa 2018 agus ceapadh Stephen Kent ina Phríomhfheidhmeannach Gníomhach ón 1 Samhain 2018. Seo a leanas an luach saothair le chéile a íocadh le Ray Hernan agus Stephen Kent ins na róil acu mar Phríomhfheidhmeannach le linn 2018.

| | **2018<br>€'000** | **2017<br>€'000** |
|---|---|---|
| **Suimeanna chomhcheangailte** | | |
| Buntuarastail | 221 | 161 |
| Riaráistí buntuarastail | 44 | – |
| Liúntais agus sochair chomhchineáil inchánacha | 5 | – |
| Costais leasa shóisialaigh | 29 | 17 |
| Costais eile i leith sochar iarscoir | 56 | 21 |
| Riaraistí costais eile i leith sochar iarscoir | 33 | – |
| Íocaíocht scor | – | 171 |
| | **388** | **370** |

Tá siadsan ag teacht le treoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i ndáil le Príomhfheidhmeannaigh.

## 4 (d) Cúiteamh daoine tábhachtacha den lucht bainistíochta

Seo a leanas cúiteamh an phríomhlucht bainistíochta, lena n-áirítear tuarastail agus sochair an Phríomhfheidhmeannaigh agus na stiúrthóirí:

| | **2018<br>€'000** | **2017<br>€'000** |
|---|---|---|
| Tuarastail agus sochair ghearrthéarmacha | 1,110 | 869 |
| Riaráistí tuarastail agus sochair ghearrthéarmacha | 44 | – |
| Costais eile i leith sochar iarscoir | 185 | 198 |
| Riaráistí cCostais eile i leith sochar iarscoir | 33 | – |
| Costais leasa shóisialaigh | 93 | 79 |
| Íocaíochtaí scor | – | 683 |
| **Iomlán** | **1,465** | **1,829** |

Cuimsíonn tuilleamh an phríomhlucht bainistíochta agus na stiúrthóirí tuarastail agus costais ghaolmhara atá iníoctha leis an lucht ardbhainistíochta agus leis na stiúrthóirí. Níor tabhaíodh aon chostas i dtaobh bónas, pá de réir feidhmíochta ná cúitimh i leith cailleadh oifige le linn 2018.

## 4 (d) Cúiteamh daoine tábhachtacha den lucht bainistíochta *(ar lean)*

Íocadh táillí stiúrthóirí mar seo a leanas le stiúrthóirí na Cuideachta as ucht seirbhísí mar stiúrthóirí in 2018

| | |
|---|---|
| An tUasal A Murphy | €21,600 |
| D Ashe Uasal | €12,600 |
| Anne Bradley Uasal | €5,608 |
| An tUasal H Minogue | €980 |
| An tUasal G Ryan | €12,600 |
| An tUasal D Corry | €4,999 |
| An tUasal D McGarry | €5,608 |

Ní bhfuair an tUasal T O'Connor, an tUasal Stephen Hannon ná an tUasal J Moloney aon táillí stiúrthóra i ndáil le seirbhísí mar stiúrthóirí ón chuideachta

Cloíonn gach íocaíocht go hiomlán le treoirlínte an rialtais i leith táillí stiúrthóra.

## 5 Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit Trachtála a Rialú – Nochtú do Fhorchostais

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| **Costais dlí agus socraíochtaí** | | |
| Táillí dlí ghinerálta | 213 | 358 |
| Socraíochtaí agus costais dlí cengailte | 4,327 | 4,449 |
| | **4,540** | **4,807** |
| **Taisteal agus cothú** | | |
| *Intíre:* | | |
| Bord | – | – |
| Fostaithe | 62 | 66 |
| *Eachtrach:* | | |
| Bord | – | – |
| Fostaithe | 17 | 16 |
| | **79** | **82** |
| **Fáilteachais** | | |
| Foireann | 38 | 28 |
| Eile | – | – |
| | **38** | **28** |

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

## 6 Costais de réir Chineáil

### (a) Costais ábhar agus seirbhísí

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Breoslaí agus bealaí | 29,785 | 27,141 |
| Conraitheoirí | 165,155 | 147,635 |
| Cáin bhóthair agus ceadúnais | 532 | 603 |
| Léasanna oibriúcháin ar cíos (nóta 6(d)) | 1,703 | 1,720 |
| Rátaí | 675 | 671 |
| Éilimh um dhliteanas tríú páirtí agus dliteanas fostóirí (nóta 14) | 5,600 | 5,685 |
| Méadú ar an soláthar in aghaidh dífheidhmeacht fardail | 69 | 147 |
| Caillteanais airgeadra eachtraigh (glan) | 4 | 22 |
| Ábhair agus seirbhísí eile | 48,029 | 44,907 |
| | **251,552** | **228,531** |

Cuimsíonn costais conraitheoirí na conraitheoirí scoile, busanna a fhruiliú agus cothabháil seirbhíse conartha.

### (b) Costais oibriúcháin agus ioncaim eisceachtúla

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Scarúna agus a ndearnadh soláthar ina leith (nóta 14d) | 1,458 | 15,611 |
| Athstruchtúrú oibríochtaí agus a ndearnadh soláthar ina leith (nóta 14d) | (202) | 2,854 |
| Fóirdheontas breise | – | (2,184) |
| Cúlchiste scoile aisíoctha leis an Roinn Oideachais agus Scileanna | 6,676 | – |
| Seirbhísí proifisiúnacha agus eile | – | 165 |
| | **7,932** | **16,446** |

# 6 Costais de réir Chineáil *(ar lean)*

## (c) Dímheas, bearnúchán agus amúchadh na sócmhainní seasta inláimhsithe agus doláimhsithe

| | 2018<br>€'000 | 2017<br>€'000 |
|---|---|---|
| Bearnúchán na sócmhainní seasta inláimhsithe (nóta 10) | 226 | 2,380 |
| Dímheas na sócmhainní seasta inláimhsithe (nóta 10) | 22,662 | 21,862 |
| Amúchadh na sócmhainní seasta doláimhsithe (nóta 9) | 1,381 | 1,433 |
| Amúchadh na ndeontas caipitil (nóta 15(a)) | (16,337) | (16,078) |
| | **7,932** | **9,597** |

## (d) Áirítear leis na léasanna oibriúcháin

| | 2018<br>€'000 | 2017<br>€'000 |
|---|---|---|
| Busanna ar léas | 1,104 | 1,104 |
| Léasanna oibriúcháin eile | 599 | 616 |
| | **1,703** | **1,720** |

Cuimsítear sa chostas i dtaobh busanna ar léas an costas bliantúil atá ar léas oibriúcháin i ndáil le fiche feithicil, ar cuireadh tús leis in 2016.

# 7 Glanchostas úis

| | 2018<br>€'000 | 2017<br>€'000 |
|---|---|---|
| Ús iníoctha agus muirir dá shamhail ar an máthairchuideachta | (316) | (447) |

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

# 8 Cánachas

## (a) Costas cánach san áireamh sa chuntas brabúis agus caillteanais

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Cáin reatha: | | |
| Cáin chorparáide na hÉireann ar an mbrabús don bhliain airgeadais | – | – |
| Coigeartú i ndáil le blianta airgeadais roimhe sin | – | – |
| Costas cánach reatha don bhliain airgeadais | – | – |
| Cáin iarchurtha: | | |
| Bunú agus aisiompú na ndifríochtaí uainiúcháin | – | – |
| Costas cánach iarchurtha don bhliain airgeadais | – | – |
| **Cáin ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí** | – | – |

## (b) Réiteach an chostais cánach

Ní hionann an cháin arna measúnú don bhliain airgeadais agus an cháin a cinneadh tríd an ráta caighdeánach cánach corparáide i bPoblacht na hÉireann a chur i bhfeidhm ar an easnamh don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2018, is é sin 12.5% (2017: 12.5%). Mínítear na difríochtaí anseo thíos:

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Easnamh ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin | (6,382) | (23,678) |
| Easnamh méadaithe faoin ráta caighdeánach cánach i bPoblacht na hÉireann, is é sin 12.5% | (798) | (2,960) |
| Tionchar de bharr: | | |
| – Dímheas don bhliain de bhreis ar liúntais chaipitiúla | 2,121 | 2,372 |
| – Ioncam nach bhfuil faoi réir cánach | (8,646) | (7,974) |
| – Speansais nach bhfuil asbhainteach chun críocha cánach | 242 | 383 |
| – Caillteanais chánach neamhfhaoisimh arna dtabhairt ar aghaidh, nár aithníodh | 6,928 | 8,056 |
| – Ioncam arna mhuirearú i leith cánach ar ráta níos airde | 153 | 153 |
| – Gluaiseachtaí eile | – | – |
| **Muirear cánach reatha don bhliain** | – | – |

Níor aithníodh sócmhainn cánach iarchurtha fhéideartha €142.6m (2017: €135.5m), mar nach cinnte go ndéanfar í a aisghabháil sa todhchaí i gcoinne brabúis incháanacha.

## 9 Sócmhainní seasta doláimhsithe

| | Bogearraí €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|
| **Costas** | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2018 | 7,732 | 7,732 |
| Breiseanna | 143 | 143 |
| Diúscairtí | – | – |
| **Amhail an 31 Nollaig 2018** | **7,875** | **7,875** |
| | | |
| **Amúchadh** | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2018 | 5,623 | 5,623 |
| Muirear don bhliain | 1,381 | 1,381 |
| Diúscairtí | – | – |
| **Amhail an 31 Nollaig 2018** | **7,004** | **7,004** |
| | | |
| **Glanmhéideanna de réir na leabhar** | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2018** | **871** | **871** |
| Amhail an 31 Nollaig 2017 | 2,109 | 2,109 |

**(a) Is é seo a leanas an saol úsáideach atá tuartha i leith na gcineálacha éagsúla sócmhainní doláimhsithe chun críocha amúchta:**

Bogearraí – idir 3 agus 5 bliana de réir an mhéid chothroim

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

## 10 Sócmhainní seasta inláimhsithe

| | Feithiclí Paisinéirí Bóthair €'000 | Gléasra agus Innealra €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|
| **Costas** | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2018 | 331,758 | 28,548 | 360,306 |
| Breiseanna | 24,113 | 2,128 | 26,241 |
| Diúscairtí | (8,960) | (56) | (9,016) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2018** | **346,911** | **30,620** | **377,531** |
| **Dímheas** | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2018 | 232,656 | 22,490 | 255,146 |
| Muirear don bhliain | 21,017 | 1,645 | 22,662 |
| Bearnúchán | – | 226 | 226 |
| Diúscairtí | (8,960) | (56) | (9,016) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2018** | **244,713** | **24,305** | **269,018** |
| **Glanmhéideanna de réir na leabhar** | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2018** | **102,198** | **6,315** | **108,513** |
| Amhail an 31 Nollaig 2017 | 99,102 | 6,058 | 105,160 |

(i) Is é seo a leanas an saol úsáideach atá tuartha i leith na gcineálacha éagsúla sócmhainní chun críocha dímheasa:

| | Saol (Blianta) |
|---|---|
| Feithiclí paisinéirí bóthair | 8-14 |
| Gléasra agus innealra | 3-10 |

(ii) Rinneadh feithiclí paisinéirí bóthair a chosain €126.4m (2017: €84.1m) a dhímheas go hiomlán ach bhí siad fós in úsáid ag dáta an chláir comhardaithe.

(iii) Áirítear leis na sócmhainní seasta inláimhsithe amhail an 31 Nollaig 2018 €1.0m (2017: €4.5m) i ndáil le sócmhainní seasta inláimhsithe nach raibh i seirbhís go fóill amhail an dáta sin.

(iv) Ní leis an gCuideachta an mhaoin, an talamh ná na foirgnimh atá in úsáid; is le Cuideachta Sealbhaíochta CIÉ iad agus áirítear iad i ráitis airgeadais CIÉ.

(v) Diúscraíodh sócmhainní ag a raibh luach tugtha anonn €Niallas in 2018 (2017: €0.05m) i gcomhlíonadh bheartais agus nósanna imeachta Ghrúpa CIÉ i leith diúscairtí sócmhainní i rith na bliana.

(vi) Tá muirear bearnúcháin de €0.023m (2017: €2.38m) do ghléasra san áireamh i dímheas na bliana 2018. Bhí €1.04m ag baint le flít bus oibleagáide seirbhíse poiblí san áireamh sa bhliain roimhe.

(vii) Áirítear leis na feithiclí paisinéirí bóthair thuas 42 bhus a aithint a fuarthas faoi chomhaontú léasaithe bus leis an Údarás Náisiúnta Iompair (ÚNI). Cuireadh na busanna a aithníodh sa bhliain 2018 i seirbhís sa bhliain 2018. Ní féidir na busanna a fuarthas a úsáid ach i seirbhísí iompair phoiblí sonraithe amháin.

## 10 Sócmhainní seasta inláimhsithe *(ar lean)*

Aithníodh na busanna ag costas €12.9m (2017: €nialas). Tá an costas bunaithe ar mheastachán an luchta bhainistíochta ar an luach a bheadh ag bus coibhéiseach ar an margadh oscailte dá gceannódh an chuideachta é go díreach.

Aithníodh faoin gConradh Dírdhámhachtana go bhféadfaidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair maoiniú deontais a chur ar fáil ionas go bhféadfaí busanna nua a fháil chun oibleagáidí na cuideachta a chomhlíonadh maidir le seirbhísí iompair phoiblí sonraithe a sholáthar faoin gconradh Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (OSP).

Fuair an chuideachta maoiniú deontais ón Údarás Náisiúnta Iompair roimh an mbliain 2018 chun cur chuige beartaithe a éascú maidir le flít a athsholáthar. Cheannaigh an chuideachta feithiclí go díreach ón soláthraí tar éis próiseas tairisceana iomaíoch. Aithníodh na feithiclí mar nithe breise leis na sócmhainní seasta inláimhsithe agus aithníodh na deontais ghaolmhara ón Údarás Náisiúnta Iompair mar ioncam iarchurtha. Déantar costas na bhfeithiclí a dhímheas thar a saolré úsáideach agus déantar an deontas comhfhreagrach a amúchadh thar an tréimhse chéanna.

Tháinig socrú nua i bhfeidhm sa bhliain 2018 ina gceannaíonn an tÚdarás Náisiúnta Iompair busanna go díreach anois agus bíonn an conradh ceannaigh idir an tÚdarás agus an soláthraí. Tá comhaontú léasaithe foirmiúil ar bun idir an chuideachta agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair chun léasú busanna ón Údarás chuig an gcuideachta a éascú, d'fhonn seirbhísí OSP a sholáthar i dtaca leis an gConradh Dírdhámhachtana.

Leis an gcomhaontú léasaithe tá sé de cheart ag an gcuideachta úsáid a bhaint as na busanna nua, atá oiriúnach chun riachtanais oibríochta na cuideachta a chomhlíonadh, ar chostas cíosa €1 in aghaidh na bliana.

Measann an lucht bainistíochta go n-aistrítear na rioscaí agus na sochair uile a bhíonn i gceist le húinéireacht na mbusanna chuig an gcuideachta, go bunúsach, tráth a fhaigheann sí na busanna ón Údarás.

Rinne an lucht bainistíochta athbhreithniú ar chearta agus oibleagáidí na cuideachta agus an Údaráis araon faoin gcomhaontú sin i gcomparáid le cearta agus oibleagáidí an dá pháirtí faoin gcomhaontú maoinithe a bhí ann roimhe sin agus chinn siad, maidir le hidirbheart na bliana 2018, cé go ndéantar mionathrú ar an gConradh Dírdhámhachtana leis an gcomhaontú léasaithe nach ndéantar aon athrú suntasach ar ábhar an tsocraithe idir an chuideachta agus an tÚdarás.

Chinn an lucht bainistíochta gur cheart na busanna nua a fuarthas faoin gcomhaontú léasaithe a aithint mar shócmhainní seasta inláimhsithe agus an deontas gaolmhar in ioncam iarchurtha, i dtreo is go bhféadfaí léargas fíorcheart a thabhairt ar shócmhainní, dliteanais, staid airgeadais, feidhmíocht airgeadais agus sreafaí airgid na cuideachta don bhliain 2018. Déanfar costas na bhfeithiclí sin a dhímheas thar shaolré úsáideach na sócmhainne agus déanfar an deontas comhfhreagrach a amúchadh thar an tréimhse chéanna.

Déanfaidh an lucht bainistíochta athbhreithniú agus meastóireacht ar an gcóireáil cuntasaíochta go tréimhsiúil chun aon athruithe conarthachta nó athruithe i gcúinsí a aithint.

## 11 Stoic

| | 2018<br>€'000 | 2017<br>€'000 |
|---|---|---|
| Ábhair chothabhála agus páirteanna breise | 2,833 | 2,454 |
| Breoslaí, bealaí agus stoic éagsúla | 1,024 | 933 |
| | **3,857** | **3,387** |
| Stoc a caitheadh le linn na bliana: | | |
| Stoc ábhar agus breosla a ídíodh glan ar an lacáiste breosla | 38,237 | 35,128 |

Áirítear sna méideanna sin páirteanna agus comhpháirteanna nach mór a bheith ar seilbh chun freastal ar riachtanais oibriúcháin. Níl difríocht ábhartha idir luach athsholáthair na bhfardal agus a luach de réir na leabhar.

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

## 12 Féichiúnaithe

| | 2018<br>€'000 | 2017<br>€'000 |
|---|---|---|
| Féichiúnaithe trádála | 1,711 | 2,849 |
| Méideanna atá dlite ón Roinn Oideachais agus Scileanna | 8,411 | 8,360 |
| Méideanna atá dlite ón máthairchuideachta go Bus Éireann | 84,948 | 49,396 |
| Féichiúnaithe eile | 443 | 472 |
| | **95,513** | **61,077** |

Tá gach sócmhainn dlite laistigh de bhliain amháin.

I gcás na méideanna atá dlite ón máthairchuideachta, tá siad neamhurraithe, saor ó ús agus iníoctha ar éileamh.

Luaitear féichiúnaithe trádála glan ar sholáthar €75,898 (2017: €75,898 ) i leith fiacha amhrasacha.

Is éard atá sna méideanna atá dlite ón Roinn Oideachais agus Scileanna ná airgead atá dlite maidir le feidhmiú Scéim Iompair na mBusanna Scoile.

## 13 Creidiúnaithe

| | 2018<br>€'000 | 2017<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin** | | |
| Creidiúnaithe trádála | 18,152 | 16,579 |
| Cáin ioncaim asbhainte faoi ÍMAT agus Muirear Sóisialta Uilíoch | 2,563 | 1,729 |
| Árachas sóisialta | 1,702 | 1,328 |
| Cáin bhreisluacha agus cánacha eile | 115 | 1,061 |
| Creidiúnaithe eile | 1,260 | 1,973 |
| Fabhruithe | 24,053 | 18,632 |
| Ioncam iarchurtha | 10,781 | 9,382 |
| Ioncam iarchurtha (nóta 15 (a)) | 14,000 | 14,839 |
| | **72,626** | **65,523** |
| | | |
| Creidiúnaithe i leith cánachais agus árachas sóisialta áirithe anseo thuas | 4,380 | 4,118 |

Tá creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile iníoctha ar dhátaí éagsúla sna trí mhí tar éis dheireadh na bliana airgeadais de réir ghnáth-théarmaí creidmheasa na gcreidiúnaithe.

Tá creidiúnaithe i leith cánach agus árachas sóisialta iníoctha sa chreat ama atá leagtha síos sa reachtaíocht ábhartha.

Baineann ioncam iarchurtha le hioncam ó thicéid Taxsaver agus le haghaidh sholáthar na seirbhísí bus scoile.

Tá suim €4.03m dlite chun an Roinn Oideachais agus Scileanna ag deireadh na bliana agus airítear é sna fabhruithe thuas.

## 14 Soláthairtí in aghaidh dliteanas

| | Oibríochtaí €'000 | Nithe Comh-shaoil €'000 | Dlíthiúil agus Eile €'000 | Athstru-chtúrú €'000 | Éilimh um dhliteanas tríú páirtí agus dhliteanas fostóirí €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **2018** | | | | | | |
| Iarmhéid Tosaigh | 8,426 | – | 469 | 8,118 | 48,175 | 65,188 |
| Muirear don chuntas brabúis agus caillteanais (glan) | 587 | 400 | 767 | 1,458 | 5,600 | 8,812 |
| Úsáidte i rith na bliana | (3,020) | – | (469) | (7,922) | (4,327) | (15,738) |
| **Iarmhéid Deiridh** | **5,993** | **400** | **767** | **1,654** | **49,448** | **58,262** |

### Soláthairtí oibriúcháin

Cuimsítear sa soláthar oibriúcháin soláthairtí a bhaineann le hoibriú na seirbhísí bus agus soláthairtí a bhaineann le pá. San áireamh sa soláthar oibriúcháin tá suim €3.5m (2017: €3.6m) maidir le costais sochair iarscoir.

### Soláthar comhshaoil

Baineann an soláthar comhshaoil le costais athchóirithe a eascraíonn de thoradh na reachtaíochta comhshaoil.

### Dlíthiúil agus soláthar eile

Is éard atá sa soláthar eile ná soláthairtí a bhaineann leis na héilimh dlí.

### Soláthar athstruchtúraithe

Baineann an soláthar athstruchtúraithe le méideanna is iníoctha ag eascairt as tionscnaimh spárála costais a chur chun feidhme ar bhonn leanúnach.

### Éilimh um dhliteanas tríú páirtí agus dhliteanas fostóirí

Déantar aon chaillteanais nach bhfuil cumhdaithe ag árachas seachtrach a chur de mhuirear an chuntais brabúis agus caillteanais, agus áirítear méideanna gan íoc sna soláthairtí i leith dliteanas agus muirear.

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

## 14 Soláthairtí in aghaidh dliteanas *(ar lean)*

Gearrtar aon caillteanais nach gclúdaíonn árachas sheactrach mar mhuirear sa chuntas brabús agus caillteanais, agus tá suimeann gan réiteach san áireamh i soláthar dliteanais agus muirear.

Déantar soláthar ag deireadh na bliana do chostas measta na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil íoctha ar dháta an chláir comhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil tuairiscithe (IBNR) don chuideachta fós.

Is comhlacht féin-rialála CIÉ a oibríonn múnla féin-árachais ina iompraíonn na cuideachtaí oibríochtúla an riosca airgeadais ag baint le costais éilimh, faoi réir caidhp i gcás éileamh tríú páirtí. Áirítear i gcostas measta na n-éileamh costais a thabhófar agus éilimh á réiteach. Glacann an chuideachta gach céim réasúnach lena chinntiú go bhfuil an fhaisnéis chuí aici maidir lena nochtadh ar éilimh. Mar sin féin, mar gheall ar an neamhchinnteacht maidir le soláthairtí éileamh a bhunú, is dócha go mbeidh an toradh deiridh difriúil ón dliteanas bunaidh a cinneadh.

Agus costas measta na n-éileamh neamhíoctha á ríomh, úsáideann an chuideachta teicnící éagsúla meastacháin, lena n-áirítear anailís staitistiúil ar thaithí stairiúil, modh anailíse a ghlacann leis go mbeidh patrún forbartha na n-éileamh reatha ag teacht leis an taithí a bhí ann roimhe seo. Cuirtear san áireamh, áfach, aon athruithe nó ábhair neamhchinnteachta a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le saobhadh na staitisticí bunúsacha, agus athruithe nó ábhair neamhchinnteachta a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le costas na n-éileamh gan íoc a mhéadú nó a laghdú i gcomparáid le costas na n-éileamh a íocadh roimhe seo. Samplaí díobh sin is ea athruithe ar phróisis na cuideachta a d'fhéadfadh dlús a chur faoi fhorbairt agus/nó taifeadadh éileamh arna n-íoc nó arna dtabhú, nó moill a chur orthu, athruithe ar an timpeallacht dlí, éifeacht an bhoilscithe, athruithe ar mheascán na n-éileamh agus an tionchar a bheadh ag caillteanais shuntasacha.

Agus costas na n-éileamh atá fógartha ach nach bhfuil íoctha á mheas, bíonn aird ag an gcuideachta ar imthosca timpistí arna gcruthú ar bhonn imscrúduithe, ar aon fhaisnéis a bhíonn ar fáil ó shaineolaithe dlí nó ó shaineolaithe eile agus ar fhaisnéis maidir le fasaigh sa chúirt ar dhliteanais le tréithe comhchosúla i dtréimhsí roimhe sin. Déantar timpistí a bhíonn thar a bheith tromchúiseach a mheas ar leithligh ó na meáin a léirítear sa tsamhail achtúireach.

Bíonn meastachán éilimh IBNR faoi réir ag níos mó neamhchinnteachta ná an dliteanas measta i gcás éileamh a cuireadh in iúl cheana don chuideachta, mar gheall ar an easpa faisnéise faoi theagmhas an éilimh, ach amháin sna cásanna sin inar glaodh imscrúdaitheoirí go dtí láithreacha na dtimpistí. Is iondúil, i gcás cineálacha éileamh a bhfuil críoch forbartha níos faide ag baint leo agus ina bhfuil an cion IBNR den chúlchiste iomlán ard dá réir, go léirítear éagsúlachtaí níos mó ina leith idir na meastacháin bhunaidh agus na torthaí deiridh mar gheall ar ghéire na deacrachta a bhaineann leis na cúlchistí sin a mheas.

Déantar soláthairtí i leith éileamh a ríomh mar mhéid comhlán gan aisghabháil athárachais ar bith san áireamh. Aithnítear aisghabhálacha athárachais sa chás inar féidir a leithéid d'aisghabhálacha a mheas go réasúnach. Glactar leis go mbíonn aisghabhálacha athárachais i ndáil le héilimh mheasta IBNR ag teacht leis an bpatrún stairiúil i dtaobh aisghabhálacha den sórt sin, arna gcoigeartú chun athruithe ar chineál agus méid chlár athárachais na cuideachta in imeacht ama a léiriú.

Chomh maith leis sin, déantar aisghabhálacht an athárachais a mheas ag féachaint d'fhógra a bheith faighte ó bhróicéirí na cuideachta maidir le haon athárachóirí a bhfuil caillteanas luaite leo.

## 15 Ioncam Iarchurtha

Áirítear sa chuntas seo deontais neamh-inaisíoctha ón Aontas Eorpach agus ón Státchiste a chuirfear chun sochair an chuntais brabúis agus caillteanais ar an mbonn céanna ar a ndéanfar na sócmhainní seasta gaolmhara a dhímheas:

### (a) Deontais chaipitil

| | 2018<br>€'000 | 2017<br>€'000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | 73,704 | 62,566 |
| Faighte agus infhála | 22,230 | 27,216 |
| Muirear amúchta glan ó bearnúchán gaoltmhara (nóta 6(c)) | (16,337) | (16,078) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | **79,597** | **73,704** |
| | | |
| Mar seo a leanas: | | |
| San áireamh sna dliteanais reatha (nóta 13a) | 14,000 | 14,839 |
| San áireamh sna dliteanais neamhreatha | 65,597 | 58,865 |
| | **79,597** | **73,704** |

**Nochtadh de réir Chiorcláin Uimhir 13/2014 na Roinne Airgeadais**

### (b) Deontais chaipitil

| | 2018<br>€'000 | 2017<br>€'000 |
|---|---|---|
| Úsáideadh Deontais Chaipitil chun na breiseanna seo a leanas a chistiú: | | |
| Ríomhairí, Bogearraí, Crua-earraí agus eile | 2,301 | 725 |
| Busanna | 19,929 | 26,491 |
| Maoin | 249 | 270 |
| **Fo-iomlán** | **22,479** | **27,486** |
| Lúide: Inaistrithe chuig CIÉ (Réadmhaoine) | (249) | (270) |
| **Iomlán** | **22,230** | **27,216** |

Déantar na Deontais Chaipitil a amúchadh thar shaol úsáideach na sócmhainní. Cuirtear Deontais Ioncaim leis an gcuntas brabúis agus caillteanais ina n-iomláine sa bhliain ábhartha ina bhfuarthas iad. Is é an tÚdarás Náisiúnta Iompair an ghníomhaireacht ábhartha agus is é Clár Cistithe Caipitil na bliana 2016 an clár ábhartha, agus is í an Roinn Turasóireachta, Iompair agus Spóirt an roinn rialtais coimircíochta. Tá na deontais teoranta do ghníomhaíochtaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (OSP).

Tá €12.9m ag baint le busanna atá aitheanta faoin socrú léasaithe bus (nóta 10) san áireamh i Deontais Chaipitil infhaighte thuas.

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

## 16 Scairchaipiteal agus cúlchistí

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| **Údaraithe** | | |
| **Iarmhéid tosaigh** | | |
| 32,000,000 Gnáthscair ar €1.269738 an ceann | 40,632 | 40,632 |
| **Méadú i Scairchaipteal Údaraithe** | | |
| 29,146,471 Gnáthscair ar €1.269738 an ceann | 37,008 | – |
| **Iarmhéid deiridh** | | |
| 61,146,471 Gnáthscair ar €1.269738 an ceann | **77,640** | **40,632** |
| **Leithroinnte, glaoite agus láníoctha, curtha i láthair mar chaipiteal gnáthscaireanna** | | |
| **Iarmhéid tosaigh** | | |
| 23,000,000 Gnáthscair Gnáthscair ar €1.269738 an ceann | 29,204 | 29,204 |
| **Méadú i scairchaipteal glaoite agus láníoctha** | | |
| €29,146,471 Gnáthscair Gnáthscair ar €1.269738 an ceann | 37,008 | – |
| **Iarmhéid deirigh** | | |
| 52,146,471 Gnáthscair Gnáthscair ar €1.269738 an ceann | **66,212** | **29,204** |

Is ann d'aicme amháin gnáthscaireanna. Níl srian ar bith ar dháileadh díbhinní agus ar aisíoc an chaipitil. Baineann na cearta vótála céanna le gach scair agus an aicme chéanna i dtaobh díbhinní, a mhéid a bhfuil an méid iomlán ar gach scair íoctha.

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Cúlchistí Ioncam (caillteanais carnach) | (52,487) | (46,105) |

## 17 Nóta a ghabhann leis an ráiteas faoi shreabhadh airgid

| | 2018<br>€'000 | 2017<br>€'000 |
|---|---|---|
| Easnamh don bhliain airgeadais | (6,382) | (23,678) |
| Ús iníoctha glan | 316 | 447 |
| Easnamh roimh úis | (6,066) | (23,231) |
| (Brabús)/Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe | (50) | 50 |
| Dímheas, bearnúchán agus amúchadh na sócmhainní seasta inláimhsithe/doláimhsithe | 24,269 | 25,675 |
| Deontais chaipitil amúchta | (16,337) | (16,078) |
| (Méadú)/laghdú ar an bhfardal | (470) | 410 |
| Laghdú ar fhéichiúnaithe | 1,115 | 3,471 |
| Méadú ar chreidiúnaithe | 7,943 | 4,178 |
| (Laghdú)/Méadú ar na soláthairtí in aghaidh dliteanas | (6,926) | 11,897 |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | **3,478** | **6,372** |

## 18 Oibleagáidí léasa oibriúcháin

| | 2018<br>€'000 | 2017<br>€'000 |
|---|---|---|
| Ceangaltais faoi léasanna oibriúcháin neamh-inchealaithe atá iníoctha mar seo a leanas: | | |
| Laistigh d'aon bhliain amháin | 1,597 | 1,196 |
| Idir bliain amháin agus cúig bliana | 1,658 | 2,537 |
| | **3,255** | **3,733** |

San áireamh thuas laistigh de bhliain amháin agus idir bliain amháin agus cúig bliana do 2018 tá léas oibriúcháin a rinneadh i rith na bliana do bhusanna le hoibleagáidí léasa €1.1 milliún  i 2019. Téarma cúig bliana atá ag an léas sin agus tagann sé chun deiridh i 2020.

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

## 19 Pinsin

Feidhmíonn Grúpa CIÉ dhá phlean le sochar sainithe (Scéim Pinsean CIÉ don Fhoireann ar Phá Rialta agus plean sochar sainithe Scéim 2000 (Leasú) Scéim Aoisliúntais CIÉ 1951) d'fhostaithe ghrúpa CIÉ. Is baill de scéimeanna pinsin Ghrúpa Córas Iompair Éireann iad fostaithe Bus Éireann. Cinneann achtúire cáilithe neamhspleách na ranníocaíochtaí ar bhonn luachálacha tríbhliantúla faoi mhodh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid.

Ní shonraítear i rialacha na scéime conas ba chóir aon bharrachas nó easnamh a leithdháileadh i measc fostóirí rannpháirteacha agus níl aon chomhaontú conartha ná beartas luaite i dtaobh glanchostas sochar sainithe a leithdháileadh ar na grúpeintitis aonair. Dá réir sin, aithnítear glanchostais sochar sainithe na scéimeanna ina n-iomláine i ráitis airgeadais ar leithligh CIÉ toisc gurb amhlaidh, in éagmais socrú foirmiúil conartha a bheith i bhfeidhm, go gcreideann na stiúrthóirí gurb é an t-eintiteas sin atá freagrach as na scéimeanna faoin dlí. Aithníonn na heintitis rannpháirteacha eile, lena n-áirítear Bus Éireann, costas arb ionann é agus a ranníocaíocht i leith na tréimhse.

Léirigh na luachálacha ar na scéimeanna faoi FRS 102 amhail an 31 Nollaig 2018 easnamh €547m (2017: €784.1m). Tá an nochtadh atá ceangailte faoi FRS 102 maidir le pleananna an ghrúpa le sochar sainithe, ina bhfuil an chuideachta rannpháirteach, leagtha amach i ráitis airgeadais CIÉ don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2018, atá ar fáil don phobal ó CIÉ, Stáisiún Heuston, Baile Átha Cliath 8.

Bhí costas pinsin na Cuideachta don bhliain ar na scéimeanna sochar sainithe cothrom le €9.6 milliún (2017: €10.1 milliún) agus tá na costais sin san áireamh i nóta 4(a). Cuimsíonn costas na Cuideachta an ranníocaíocht atá iníoctha don bhliain.

## 20 Ceangaltais chaipitiúla agus Ceangaltais eile

| | 2018<br>€'000 | 2017<br>€'000 |
|---|---|---|
| Conradh déanta ina leith | 1,158 | 14,643 |
| **Iomlán** | **1,158** | **14,643** |
| | | |
| Ceangaltais chaipitil dá bhfuil cistiú geallta trí mheán deontas | **575** | **14,170** |

Tá an talamh agus na foirgnimh san áireamh i leabhair Chuideachta Sealbhaíochta CIÉ. Is ionann na ceangaltais maidir le talamh agus foirgnimh a úsáideann Bus Éireann ach a luaitear i leabhair Chuideachta Sealbhaíochta CIÉ agus €0.007m do 2018 (2017: €1.12m) agus níl siad san áireamh thuas i gCeangaltais Chaipitil Bhus Éireann.

Íocadh iomlán €6.7m in airgead dlite i dtaca leis an cúlchiste Scoile leis an Roinn Oideachais agus Scileanna le linn 2018.

## 21 Ráthaíochtaí agus dliteanais theagmhasacha

Amhail dáta an chláir comhardaithe tá iasachtaí ar fiú €28m iad (2017: €28m) ag Grúpa CIÉ. Tá na hiasachtaí sin trasráthaithe ag Bus Éireann agus ag na fochuideachtaí eile i nGrúpa CIÉ ag 31.12.2017.

Bíonn an chuideachta ina páirtí, ó am go ham, in imeachtaí éagsúla dlí a bhaineann le ceisteanna tráchtála a bhfuiltear ag déileáil leo agus á gcosaint sa ghnáthchúrsa gnó. Déantar stádas imeachtaí ar feitheamh nó imeachtaí faoi bhagairt a athbhreithniú ar bhonn rialta le dlíodóirí ghrúpa CIÉ. Is é tuairim na stiúrthóirí é nach mbeidh na caillteanais, más ann dóibh, a eascróidh as na nithe sin níos mó go hábhartha ná na soláthairtí a rinneadh sna ráitis airgeadais.

Déantar caiteachas caipitiúil Bhus Éireann i leith an Fhlít OSP a chistiú trí Dheontais Chaipitil ón Údarás Náisiúnta Iompair. Cuirtear an cistiú sin ar fáil ag teacht le forálacha an Chonartha Dámhachtana Dírí, a síníodh ar an 1 Nollaig 2014, agus eascraíonn dliteanais theagmhasacha áirithe faoi na comhaontuithe sin. Creideann na stiúrthóirí gur fíor-bheag é an baol go bhfeidhmeoidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair a chearta faoi na comhaontuithe a bhaineann leo.

## 22 Glaneasnamh de réir Ghníomhaíochta

| | | Seirbhísí Poiblí | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Seirbhísí tráchtála agus seirbhísí scoile €'000** | **Seirbhísí Stáidch-arráiste €'000** | **Seirbhísí Cathrach €'000** | **Iomlán na Seirbhísí Poiblí €'000** | **Iomlán €'000** |
| **2018** | | | | | |
| Ioncam | 248,457 | 51,203 | 37,922 | 89,125 | **337,582** |
| Costais (glan) | (247,425) | (96,457) | (44,975) | (141,432) | **(388,857)** |
| Barrachas/(easnamh) roimh teanntaíochta | 1,032 | (45,254) | (7,053) | (52,307) | **(51,275)** |
| Teanntaíocht | – | – | – | 52,825 | **52,825** |
| Barrachas tar éis teanntaíochta | 1,032 | (45,254) | (7,053) | 518 | **1,550** |
| Costais eisceachtúla oibríochta | – | – | – | – | **(7,932)** |
| **Easnamh i leith na bliana** | | | | | **(6,382)** |
| | | | | | |
| **2017** | | | | | |
| Easnamh i leith na bliana | (6,975) | | | (257) | **(7,232)** |
| Costais eisceachtúla | | | | | **(16,446)** |
| **Easnamh tar éis costais eisceachtúla** | | | | | **(23,678)** |

Tá gníomhaíochtaí tráchtála, gníomhaíochtaí iompair scoile agus gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí á bhfeidhmiú ag an gcuideachta. Is é Expressway an phríomhghníomhaíocht tráchtála.

Tá an Scéim Iompair Scoile á reáchtáil 'faoi chonradh', nó i dtéarmaí níos cruinne, is socrú riaracháin leis an Roinn Oideachais agus Scileanna atá i gceist.

Is iad na príomhghníomhaíochtaí eile ná Seirbhísí Stáidcharráiste ar bhealaí réigiúnacha agus mórbhóithre agus Seirbhísí Cathrach i gcathracha réigiúnacha, ar gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí iad a bhfaigheann an chuideachta íocaíochtaí OSP ina leith. Déantar costais i dtaobh Expressway, Seirbhísí Stáidcharráiste agus Seirbhísí Cathrach a leithroinnt ar bhonn líon na mbusanna, na gciliméadar, na n-uaireanta an chloig agus méadracht eile atá ar fáil.

Ba é €52.3 costas na n-oibríochtaí OSP sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2018, roimh mhíreanna eisceachtúla, agus b'ionann an cúiteamh a fuarthas agus €52.8m trí íocaíocht OSP roimh OSP eisceachtúla bainteach le blianta roimhe .

## 23 Páirtithe gaolmhara

I ngnáthchúrsa an ghnó, ceannaíonn an chuideachta earraí agus seirbhísí ó eintitis arna rialú ag Rialtas na hÉireann. Ar na heintitis is tábhachtaí díobh sin tá An Post, Banc na hÉireann agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair. Tá na stiúrthóirí den tuairim nach bhfuil cainníocht na gceannachán sin ábhartha i ndáil le gnó na cuideachta.

Tá an chuideachta díolmhaithe ó cheangaltais nochta faoi mhír 33.9 de FRS102 maidir le hidirbhearta leis na heintitis ar páirtí gaolmhar iad de bhua smacht, comhrialú nó tionchar suntasach a bheith ag an Stát céanna ar an eintiteas tuairiscithe agus an eintiteas eile.

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

## 24 Conradh Oibleagáide Seirbhíse Poiblí

Bhí an oibleagáid seirbhíse poiblí is iníoctha leis an gCuideachta tríd an gCuideachta sealbhaíochta, Córas Iompair Éireann, cothrom le €52.8m don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2018 (2017: €47.7m).

## 25 Ballraíocht i nGrúpa Chóras Iompair Éireann

Is fochuideachta ar lánúinéireacht ag CIÉ é Bus Éireann agus léiríonn na ráitis airgeadais éifeachtaí na ballraíochta sin. Tá cóipeanna de ráitis airgeadais chomhdhlúite CIÉ ar fáil ó CIÉ, Stáisiún Heuston, Baile Átha Cliath 8.

## 26 Imeachtaí iarchláir comhardaithe

Níl aon imeachtaí suntasacha iarchláir comhardaithe le tuairisciú lena n-éilítear coigeartú ar na ráitis airgeadais ná na himeachtaí sin a nochtadh iontu, ach amháin mar a luaitear thíos.

## 27 Ceadú na ráiteas airgeadais

Cheadaigh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais ar an 3 Aibreán 2019.




**Sonraí Teagmhála**
**An Chloch Leathan**
**Baile Átha Cliath 7**
**www.buseireann.ie**